



Údarás Náisiúnta Míchumais
National Disability Authority



Tuarascáil Bhliantúil 2025





Údarás Náisiúnta Míchumais
National Disability Authority

Tuarascáil Bhliantúil

2025

Contents

Ráiteas an Chathaoirligh	1
Forbhreathnú agus comhthéacs beartais	3
Tosaíocht Straitéiseach 1	10
Tosaíocht Straitéiseach 2	24
Tosaíocht Straitéiseach 3	39
Tosaíocht Straitéiseach 4	59
Tosaíocht Straitéiseach 5	64
Aguisín 1: An tÚdarás agus coistí eile sa bhliain 2025	76
Aguisín 2: Ionadaíocht ar chomhlachtaí seachtracha sa bhliain 2025	78
Aguisín 3: Foilseacháin sa bhliain 2025	81
Aguisín 4: Páipéir comhairle beartais agus aighneachtaí sa bhliain 2025	82



Ráiteas an Chathaoirligh

Ráiteas an Chathaoirligh

Tá lúcháir orm Tuarascáil Bhliantúil an Údaráis Náisiúnta Míchumais (ÚNM) don bhliain 2025 a chur i láthair, arbh í an chéad bhliain dár bPlean Straitéiseach reatha don tréimhse 2025-2027 í. Ba í an bhliain í freisin inar cheiliúir ÚNM an ceathrú cuid de chéad bliain d'obair chun comhairle fhianaisebhunaithe agus treoir fhianaisebhunaithe a sholáthar don rialtas maidir le beartas míchumais agus le cleachtas míchumais.

Ba bhliain ghnóthach eile í do ÚNM, agus molaim duit tuilleadh mionsonraí a léamh sna leathanaigh ina dhiaidh seo faoi na tionscadail agus na haschuir éagsúla a cuireadh i gcrích le linn na bliana 2025. Cuirimid fáilte ar leith roimh sheoladh na **Straitéise Náisiúnta um Chearta an Duine do Dhaoine faoi Mhíchumas 2025-2030** ón rialtas i mí Mheán Fómhair 2025. Leis an ngealltanas uile-rialtas sin d'fheabhas a chur ar shaol daoine faoi mhíchumas, tugtar treochlár le haghaidh gníomhaíochta sna blianta atá le teacht, agus bhí an comhairliúchán poiblí fairsing le daoine faoi mhíchumas, lena n-eagraíochtaí ionadaíocha, lena dteaghlaigh agus lena gcúramóirí, rud a bhí faoi stiúir an Údaráis Náisiúnta Míchumais le linn na bliana 2024, mar bhonn eolais suntasach faoi. Foilsíodh tuarascáil an chomhairliúcháin sin i dteannta na Straitéise nua, agus ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh leis an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais as a hobair fairsing ar fud na Ranna agus na ngeallsealbhóirí míchumais chun an doiciméad a thabhairt chun críche. Go háirithe, d'éascaigh a gcuid oibre leis an Líonra Daoine faoi Mhíchumas agus le geallsealbhóirí eile cur chuige comhchruthaithe i leith an doiciméid thábhachtaigh seo. Tá ÚNM ag tnúth le tacú le cur chun feidhme na Straitéise ar fud a cúig cholún agus le tionscnaimh a chumasú sna blianta amach romhainn, trínár ngníomhaíocht faireacháin agus trínár gcuid comhairle agus teorach maidir le roinnt gealltanas faoi na colúin éagsúla.

Sna míonna tosaigh den bhliain 2025, comhaontaíodh leagan nua de Chlár an Rialtais, agus bhí áthas orainn an bhéim agus an díriú ar mhíchumas a bhí istigh ann a fheiceáil. Tugtar tuilleadh comhthéacs sa Chlár seo do ghníomhaíocht ÚNM i gcaitheamh na bliana. Ba mhaith liom an deis seo a thapú aitheantas a thabhairt do cheannaireacht an Aire Norma Foley, do cheannaireacht an Aire Hildegard Naughton agus, rud ba dhéanaí fós, do cheannaireacht Emer Higgins maidir leis na gealltanais laistigh den Chlár a chomhlíonadh, agus maidir lena dtacaíocht leanúnach do ÚNM.

Le linn na bliana 2025, bhí ÚNM rannpháirteach go háirithe i dtionscadail ar fud príomhréimsí saoil do dhaoine faoi mhíchumas. Áiríodh leis sin athbhreithniú ar shamhail soláthar seirbhíse na bhFoirne Líonra Míchumais Leanaí, agus an treoirchlár gaolmhar um theiripí breisithe ionscoile. Cuireadh na tuarascálacha tionscadail sin faoi bhráid na Roinne Leanaí, Míchumais agus Comhionannais agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) faoi dheireadh na bliana, agus táimid ag tnúth lena bhfoilsíú tráthúil sa bhliain 2026, agus le cur chun feidhme na moltaí atá leagtha amach.

Fáiltím freisin roimh an díriú leanúnach ar Dhearadh Uilíoch agus ar inrochtaineacht le linn na bliana. Bhí an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht le cur chun feidhme go hiomlán ó mhí an Mheithimh 2025 ar aghaidh, agus lean ÚNM ar aghaidh ag obair i ndlúthchomhar le húdaráis faireachais margaidh na hÉireann chun treoir agus faisnéis a sholáthar maidir le ceanglais an Achta. Le linn déanamh amhlaidh, rinneamar iniúchadh ar bhealaí nua chun ár dtreoir a sholáthar, lenar áiríodh trí mhodúil ríomhfhoghlama agus trí fhíseáin ghearra faisnéise. Táimid ag tnúth le leanúint den obair sin de réir mar a théimid tríd an mbliain 2026.

Leanadh freisin dár dtacaíocht d'fhorálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD) a chomhlíonadh ar fud na bliana, agus go háirithe trínár gComhdháil Bhliantúil, rud a díródh sa bhliain 2025 ar Airteagal 23, Meas ar an mBaile agus ar an Teaghlach. Leis an imeacht, bhíodhas in ann díriú ar leith a leagan ar thopaicí ar minic a dhéantar neamhiontas díobh, agus bhí an meas ar an díriú sin an-soiléir san aiseolas dearfach a fuaireamar.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na comhaltaí eile den Údarás Náisiúnta Míchumais. Mar bhord, déanaimid formhaoirseacht ar phunann leathan gníomhaíochtaí taighde, faireacháin, treorach agus comhairleacha a bhaineann le míchumas agus le Dearadh Uilíoch. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as a dtiomantas do mhisean agus fíis na heagraíochta, agus as an dúshlán cuiditheach a leag siad ar fhoireann ÚNM na spriocanna sin a chur chun cinn. Tugann baill foirne na heagraíochta saeolas agus tiomantas ar mhaithe le cuspóirí straitéiseacha an Údaráis a bhaint amach agus, mar a fheicfidh tú ó na leathanaigh seo a leanas, chuir siad clár oibre iontach i gcrích sa bhliain 2025. Rinneadh dul chun cinn ar an obair sin d'ainneoin roinnt cur isteach ar áitreabh na heagraíochta le linn oibreacha chun feabhas a chur ar inrochtaineacht ár bhfoirgnimh. Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil le gach duine as a bhfoighne agus a solúbthacht le linn na tréimhse sin, agus táim ag tnúth le fáilte a chur roimh léitheoirí na tuarascála seo chuig an bhfoirgneamh feabhsaithe sna blianta amach romhainn.



Kathryn O'Donoghue
Cathaoirleach ÚNM

Forbhreathnú agus comhthéacs beartais

Ba í an bhliain 2025 an chéad bhliain d'oibríochtaí ÚNM faoin bPlean Straitéiseach uaidh don tréimhse 2025-2027. Tá obair na heagraíochta eagraithe go ginearálta chun freastal ar chúig Thosaíocht Straitéiseacha:

Tosaíocht Straitéiseach 1: Comhairle a thabhairt ar chur chun feidhme UNCRPD agus straitéisí náisiúnta, agus tacú leis an gcur chun feidhme sin, trí chomhairle agus treoir atá láidir, oibiachtúil agus fianaisebhunaithe a sholáthar.

Tosaíocht Straitéiseach 2: Faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht, agus feidhmíocht a threorú, ar fud an rialtais i ndáil leis na gealltanais agus na hoibleagáidí atá ann cuimsiú a bhaint amach do chách.

Tosaíocht Straitéiseach 3: Leanúint le glacadh agus cur i bhfeidhm cur chuige Deartha Uilíoch a chur chun cinn ar fud na n-earnálacha uile.

Tosaíocht Straitéiseach 4: Idirchaidreamh straitéiseach a dhéanamh leis an raon leathan geallsealbhóirí atá againn, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas trína n-eagraíochtaí ionadaíocha, chun bonn eolais a chur faoin gcomhairle agus faoin treoir uainn agus chun an chomhairle agus an treoir sin a fheabhsú.

Tosaíocht Straitéiseach 5: Luach ár gcuid oibre a chur in iúl go soiléir, agus éifeachtacht eagraíochtúil á cothabháil agus á feabhsú an tráth céanna.

Díriú athnuaite ar an míchumas

Chomhaontaigh na páirtithe rialtais go léir Clár an Rialtais 2025 sna míonna tosaigh den bhliain, ag teacht sna sála ar an Olltoghchán a tionóladh ag deireadh na bliana 2024. Leagtar amach sa chlár gealltanais shuntasacha chun feabhas a chur ar shaol daoine faoi mhíchumas thar thréimhse feidhme an rialtais, agus fáiltíonn daoine faoi mhíchumas roimh an mbéim sin. Le cur chun feidhme na ngealltanais sin, is féidir athrú ó bhonn a bhaint amach ar an dóigh a dtugann sochaí na hÉireann aghaidh ar na dúshláin agus na bacainní a mbíonn a lán daoine faoi mhíchumas ag dul i ngleic leo. Cumraíodh cuid de phlean oibre ÚNM don bhliain 2025 sa chomhthéacs nua sin, lena n-áirítear gníomhaíocht faoin Straitéis Nuálaíochta Uathachais agus díriú ar shainseirbhísí míchumais do leanaí. Bhí caidreamh táirgiúil againn freisin le Hildegard Naughton Uas., an tAire Stáit nuacheaptha le freagracht as Seirbhísí Míchumais, agus tréaslaímid léi as a ceapachán ina dhiaidh sin mar Aire Oideachais. Táimid ag tnúth le hobair i ndlúthchomhar le Emer Higgins TD, an comharba uirthi, agus le Norma Foley TD, an tAire Leanaí, Míchumais agus Comhionannais sinsearach.

Tar éis bhunú an Rialtais, rinne ÚNM aighneachtaí chuig gach ceann de na Ranna chun bonn eolais a chur faoina Ráitis Straitéise. Leagamar amach iontu sin ár gcomhairle maidir le príomhphointí a bhí le cur san áireamh i ndáil le cuimsiú, le hinrochtaineacht agus le Dearadh Uilíoch. Mheabhraíomar do ranna freisin na hacmhainní agus an treoir atá ar fáil againn chun cabhrú leo a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh ar bhealach lena n-aithnítear riachtanais gach duine, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas.

Bhí áthas orainn freisin caidreamh a dhéanamh le Coistí Oireachtais ar roinnt topaicí le linn na bliana, agus fáiltímid roimh an díriú a thugann na Coistí sin ar shaincheistean tábachtacha. I measc ár n-imeachtaí caidrimh bhí éisteachtaí ar an Intleacht Shaorga, ar an Oideachas Cuimsitheach, agus ar sheirbhísí míchumais do leanaí. Is mór againn an deis ár gcuid taighde agus faisnéise faoi dhea-chleachtas a chomhroinnt leis an lucht féachana sin.

Comhghleacaithe in ÚNM agus iad os comhair an Chomhchoiste Oireachtais um Ghnóthaí Míchumais, Meitheamh 2025



UNCRPD agus straitéis náisiúnta míchumais nua

Sa bhliain 2025, sheol an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais a [Straitéis Náisiúnta um Chearta an Duine do Dhaoine faoi Mhíchumas 2025-2030](#). Tá sé sin ar cheann de phríomhshásraí an Stáit chun fíis UNCRPD a bhaint amach, agus cuirfear chun feidhme é trí shraith pleananna gníomhaíochta ilbhliantúla. Fáiltíonn ÚNM roimh fhoilsiú na Straitéise sin agus roimh an spreagadh a thugtar léi do ranna agus do chomhlachtaí poiblí ar fud an rialtais chun iniúchadh a dhéanamh ar conas is féidir leo cuimsiú an phobail ar fad, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, a uasmhéadú lena gcuid seirbhísí agus gníomhaíochtaí. Tá an díriú ceartabhunaithe ina chuid thábhachtach freisin den phróiseas leanúnach chun an Stát a bhogadh ar shiúl ó shamhail liachta an mhíchumais.

Foilsíodh an chéad cheann de na [pleananna gníomhaíochta](#) faoin Straitéis i mí na Nollag 2025, ina leagtar amach gealltanais mhionsonraithe faoi gach ceann de na cúig cholún laistigh den Straitéis. Lean ÚNM ar aghaidh ag obair le comhghleacaithe sa roinn agus le príomh-gheallsealbhóirí eile chun creat faireacháin a fhorbairt chun go mbeifear in ann an dul chun cinn i ndáil leis na gealltanais sin a thomhas thar thréimhse feidhme na Straitéise. Cuirimid fáilte ar leith roimh an gcinneadh go ndéanfaidh an Taoiseach cathaoirleacht ar an ngrúpa a bhfuil sé de chúram air faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na Straitéise agus í a chur i gcrích, toisc go léiríonn sé sin an tábhacht a chuireann an rialtas reatha ar an míchumas.

Bhí áthas orainn freisin gur iarradh orainn a bheith i gceannas ar Ghrúpa Comhairleach um Thaighde agus Sonraí ar an Míchumas, rud a bhunófar sa bhliain 2026 chun tacú le cur chuige straitéiseach i leith bonn fianaise a sholáthar chun eolas a dhéanamh do chinnteoireacht ar leibhéal an bheartais.

Cuirtear an-fháilte roimh an díriú sin ar chineálacha comhordaithe cur chuige i leith bailiú sonraí agus fianaise agus i leith úsáid sonraí agus fianaise faoi choimirce na Straitéise. Rud a thacófar leis sin is ea an Suirbhé Náisiúnta Míchumais nua, rud a dhéanfar tar éis Dhaonáireamh Náisiúnta na bliana 2027, a bheidh faoi stiúir na Príomh-Oifige Staidrimh. Bhí áthas ar ÚNM príomhról comhairleach a ghlacadh san obair fairsing ullmhúcháin don tionscnamh sin le linn na bliana 2025, lena áiríodh caidreamh a dhéanamh le geallsealbhóirí agus páirt a ghlacadh i ngrúpaí oibre chun a fháil amach conas is féidir le bailiú sonraí bonn eolais a chur faoi chinntí beartais. Táimid ag tnúth le rolladh amach an tsuirbhé sin in am trátha agus leis na sonraí saibhre a thiocfaidh as maidir le gnáthshaol laethúil daoine faoi mhíchumas in Éirinn a anailsiú agus a úsáid.

Leanadh dár ndíriú ar UNCRPD freisin trínár gComhdháil Bhliantúil 2025, a bhí dírithe ar Airteagal 23: Meas ar an mbaile agus ar an teaghlach. Tugaimid faoi deara an meas a bhí ag ár gcainteoirí agus ag ár lucht féachana ar an deis aird a thabhairt ar an ngné riachtanach sin de ghnáthshaol iomlán a mhaireachtáil. Tá súil againn go mbeidh an fhaisnéis agus na samplaí de dhea-chleachtas a rabhamar in ann aird a tharraingt orthu in ann bonn eolais a chur faoi chinntí maidir leis na seirbhísí agus na tacaíochtaí atá iomchuí do dhaoine faoi mhíchumas sa réimse sin.

Sna míonna deiridh den bhliain 2025, bhíomar sásta Meabhrán Tuisceana a shíniú le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC), ina leagtar amach paraiméadair ár gcuid oibre chun tacú leis ina ról mar Shásra Faireacháin Neamhspleách do UNCRPD. D'fhoilsigh Coiste Faireacháin na Náisiún Aontaithe a liosta saincheisteanna lena mbreithniú agus lena bhfreagairt ag an Stát roimh an gcéad idirphlé a bheadh aige leis an gCoiste sa bhliain 2028. Táimid ag tnúth le hobair le IHREC chun faisnéis, sonraí agus staitisticí a sholáthar chun tacú leis ina chuid oibre chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht an Stáit i gcomparáid le forálacha an Choinbhinsiúin.

Oibleagáidí reachtúla

Tá raon freagrachtaí faireacháin, comhairle agus tuairiscithe ar ÚNM, a leagadh air trí reachtaíocht nó arna iarraidh sin don Aire. Le linn na bliana 2025, chuireamar an 16ú tuarascáil bhliantúil uainn ar [fhostú daoine faoi mhíchumas san earnáil phoiblí](#). i gcrích. Léirítear sa tuarascáil sin gur dhaoine a bhfuil míchumas orthu iad 5.4% d'fhostaithe na hearnála poiblí sa bhliain 2024, rud ba mhó ná an íos-sprioc reachtúil 4.5% don bhliain sin. Sa bhliain 2025, mhéadaigh an íos-sprioc go 6%, agus cuirfear tús le faireachán don bhliain seo sna míonna tosaigh den bhliain 2026.

I mí Iúil, d'iarr an tAire Leanaí, Míchumais agus Comhionannais go foirmiúil ar ÚNM tuarascáil a ullmhú ar oibriú an Achta um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, 2017, de réir alt 10 den Acht sin. Is í sin an dara tuarascáil den sórt sin atá le hullmhú ag ÚNM agus, chun bonn eolais a chur faoina mbeidh inti, sheolamar comhairliúchán agus caidreamh fairsing le daoine de phobal Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ) agus le hEagraíochtaí iomchuí do Dhaoine faoi Míchumas. Tíolacfar an tuarascáil deiridh don Aire i dtús na bliana 2026.

Ba é an 25 Meitheamh 2025 an dáta ar ghá an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht a chun feidhme go hiomlán sna ballstáit faoi. Mar atá leagtha amach sa reachtaíocht trasuite (I.R. Uimh. 636), lean ÚNM de raon tacaíochtaí a sholáthar lena gcur chun feidhme sa bhliain. Áiríodh leo sin teagmháil a dhéanamh leis na húdaráis cheaptha faireachais margaidh chun treoir agus faisnéis a sholáthar maidir le hinrochtaineacht, acmhainní faisnéise a ullmhú i bhformáidí éagsúla le haghaidh tagairt leanúnach, agus obair fairsing a dhéanamh chun tacú le forbairt caighdeán Eorpach agus náisiúnta a bheidh mar bhonn agus thaca ag cur chun feidhme ag soláthraithe margaidh.

Le linn na bliana, leanamar freisin dár ról faireacháin maidir le hinrochtaineacht suíomhanna Gréasáin seirbhíse poiblí faoin Treoir maidir le hInrochtaineacht Gréasáin, agus faoi roinnt de na forálacha faoi Chuid 3 den Acht um Míchumas 2005. Beidh na feidhmeanna faireacháin sin ábhartha freisin maidir le meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn faoin Straitéis Náisiúnta um Chearta an Duine do Dhaoine faoi Míchumas, ós rud é go bhfuil Tionscnamh Neartaithe Acmhainne maidir le hInrochtaineacht ar áireamh inti, agus leanfaidh ÚNM de dhul sa tóir ar bhealaí chun sonraí faireacháin a bhailiú agus a úsáid ar an mbealach is éifeachtúla agus is féidir de réir mar a leanann an obair sin ar aghaidh ag leathnú.

Cur chuige ceartabhunaithe i leith míchumais a thuiscint

Le linn na bliana 2025, thug ÚNM acmhainní inmheánacha substaintiúla chun measúnú a dhéanamh ar shamhail soláthair seirbhíse na Foirne Líonra Míchumais Leanaí (CDNT). Bunaíodh an cur chuige idirdhisciplíneach sin i leith freastal ar riachtanais leanaí faoi mhíchumas faoin athchumrú dá bhforáiltear faoin gClár um Sheirbhísí do Leanaí faoi Mhíchumas a Chur ar Aghaidh. Rinneadh an mheastóireacht i gcomhthéacs an bhrú mhéadaithigh ar sheirbhísí, rud a bhfuil impleachtaí aige maidir le hagaí feithimh do leanaí agus do theaghlaigh, agus i gcásanna áirithe, maidir le fáil theoranta ar thacaíochtaí. Áiríodh leis an meastóireacht comhairliúchán fairsing le teaghlaigh, le leanaí, le bainisteoirí agus le baill foirne CDNT, agus le geallsealbhóirí iomchuí eile. Rinneamar cleachtadh freisin chun tús a chur leis an obair ar a dhéanamh amach cén fórsa saothair a bheadh riachtanach chun na prionsabail atá mar bhonn faoin tsamhail a chomhlíonadh, ar prionsabail iad ar féidir leo eolas a dhéanamh do chinnteoireacht ag leibhéal an bheartais. Iarradh orainn freisin measúnú a dhéanamh ar threoirscéim na samhla teiripí breisithe ionscoile trína n-oibríonn teiripeoirí atá maoinithe ag FSS laistigh de shuíomhanna scoile speisialta chun tacú le torthaí oideachais leanaí. Cé gur spás beartais é seo a athraíonn go tapa, táimid ag tnúth le foilsiú na hoibre seo na míonna tosaigh den bhliain 2026 agus le hí a bheith úsáideach chun eolas a dhéanamh do chúinsí atá le meas ar fud FSS agus ar fud na ranna iomchuí.

Áirítear freisin leis an obair chun aidhmeanna UNCRPD a bhaint amach cur chun feidhme an Achta um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015 (arna leasú sa bhliain 2023), agus go háirithe deireadh a chur leis an seanchóras coimircíochta. Lean ÚNM dá thionscadal taighde chun tuiscint a fháil ar eispéiris na gCoimircithe Cúirte agus ar phróiseas an scaoilte; cuireadh an tuarascáil i gcrích sa bhliain 2025 agus tá sé beartaithe í a sheoladh i dtús na bliana 2026. Tarraingeofar aird sa tuarascáil ar an méid is féidir le próiseas an scaoilte cumhachtaí cinnteoireachta a thabhairt ar ais do dhaoine a measadh roimhe seo gan bheith in ann a ngnóthaí féin a bhainistiú, rud a chuireann feabhas ar a neamhspleáchas agus ar a bhféinmheas. Mionsonraítear sa tuarascáil freisin bealaí ar féidir soláthar faisnéise agus tacaíochtaí cinnteoireachta a bharrfheabhsú chun a chinntiú gur féidir le scaoileadh na ndaoine sin atá fós faoi choimircíocht faoi láthair dul ar aghaidh chomh tapa agus is féidir agus ar bhealach atá dírithe ar an duine.

Tá roinnt mhaith píosaí oibre curtha i gcrích againn freisin chun treoir a thabhairt do chomhlachtaí poiblí maidir leis an mbealach is fearr chun seirbhísí agus tacaíochtaí a sholáthar do gach duine den phobal, lena n-áirítear daoine a bhfuil míchumas orthu. Áiríodh leis sin nuashonruithe ar threoracha roimhe seo do ghairmithe ceartais maidir leis an uathachas, treoir maidir le ról na n-oifigeach rochtana, agus treoir maidir le conas cumarsáid a dhéanamh le daoine atá ar bheagán cainte nó le daoine neamhlabharta. Tá obair curtha i gcrích againn freisin chun leasú agus nuashonrú a dhéanamh ar ár modúl ríomhfhoghlama ar chomhionannas míchumais, agus súil againn go n-úsáidfear go forleathan é ar fud na hearnála poiblí nuair a sheolfar sna míonna tosaigh den bhliain 2026 é. Tá súil againn go rachaidh an réimse faisnéise praiticiúla sin chun tairbhe do sheirbhísí poiblí a fhéachann le cur chuige níos ceartabhunaithe a ghlacadh i leith a sainchúram a chomhlíonadh.

Dearadh Uilíoch

Faoi Phlean Straitéiseach ÚNM don tréimhse 2025-27, tá sé mar aidhm againn cur le cur i bhfeidhm phrionsabail an Deartha Uilíoch i bpríomhréimsí, chomh maith le leanúint ar aghaidh ag méadú na feasachta agus na tuisceana ar an gcoincheap. Ceann de na sásraí a úsáidtear is ea rannpháirtíocht sa mhol AccessibleEU, atá ar cheann de na tionscnaimh shuaitheanta a mholtar i Straitéis an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030. Is lárionad acmhainní don inrochtaineacht é a oibríonn ar réimsí amhail an timpeallacht thógtha, an t-iompar, agus teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun rannpháirtíocht daoine a bhfuil míchumas orthu i ngach réimse den saol a chinntiú ar bhonn comhionann le daoine eile. Is é ÚNM, trína Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch (CEUD), an pointe teagmhála náisiúnta don Mhol sin agus, le linn na bliana 2025, d'óstáil sé roinnt imeachtaí a tharraing aird ar dhea-chleachtas san inrochtaineacht agus sa Dearadh Uilíoch.



**Centre for Excellence
in Universal Design**

Tá an obair sin á tabhairt chun cinn againn freisin i réimse na tithíochta, agus an obair chun caighdeán náisiúnta a fhorbairt do Theaghaisí Deartha Uilíoch ag dul ar aghaidh go maith agus sceidealaithe le haghaidh chéim an fhiosrúcháin phoiblí sna míonna tosaigh den bhliain 2026. Leanamar freisin de bheith ag cur chun cinn éagsúlacht ionchuir le tacú le hAnailís Costais is Tairbhe ar Thithíocht Deartha Uilíoch a dhéanfaidh eolas don Roinn Tithíochta ina cinnteoireacht amach anseo.

Lean ÚNM agus an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch (CEUD) araon freisin de bheith ag cothú próifíl agus feasacht ar na téamaí atá mar bhonn faoinár gcuid oibre ach urraíocht a dhéanamh ar ghradaim agus ar thionscnaimh thaighde, agus é mar aidhm acu acmhainn agus tuiscint a fhorbairt ar Dhearadh Uilíoch agus ar chuimsiú ar fud earnálacha. Tá súil againn go mbainfidh tú taitneamh as tuilleadh a léamh faoi na tionscnaimh sin ar na leathanaigh a leanas.

Áitreabh agus foireann ÚNM

I mí Mheán Fómhair 2025, bhí baill foirne ÚNM in ann dul ar ais i spás oifige ag 24 agus 25 Bóthar Chluaidh a ndearnadh athchóiriú forleathan air chun rialacháin sábháilteachta dóiteáin agus ceanglais inrochtaineachta a chomhlíonadh. I measc na n-oibreacha bhí seomraí folctha a athmhúnlú chun inrochtaineacht a fheabhsú, chomh maith le saoráid nua Leithris is Áit Feistis a shuiteáil. Leis an tionscadal, soláthraíodh foghlaim maidir le conas is féidir inrochtaineacht agus Dearadh Uilíoch a bhaint amach, fiú i bhfoirgnimh a bhfuil saintréithe cosanta ag baint leo, agus tá súil againn go mbeidh timpeallacht oibre agus cruinnithe níos fearr ag cuairteoirí agus ag baill foirne dá bharr. Ba mhaith liom an deis seo a thapú freisin chun aitheantas a thabhairt do bhaill foirne ÚNM as a gcuid foighne agus solúbthachta le linn an tionscadail agus as an gcur isteach dosheachanta a bhí mar thoradh air. Tacaíonn ár bhfoirgneamh go gníomhach anois le hobair chomhoibríoch ar fud ár bhfoirne, agus táimid ag tnúth leis na deiseanna sin a uasmhéadú le linn thréimhse feidhme ár bPlean Straitéisigh, agus leas á bhaint as saineolas agus as taithí ár mball foirne chun ár bhfís agus ár misean a chomhlíonadh. Aithnímid freisin an obair dhícheallach a dhéanann na baill foirne sin a thacaíonn le gnáthoibríochtaí laethúla na heagraíochta agus a chinntíonn go gcoinnímid ár n-ardchaighdeán chomhlíonta maidir leis na dualgais éagsúla rialachais atá orainn mar ghníomhaireacht stáit.

Ó chlé go deas: Bealach isteach agus ionad fáiltithe fhoirgneamh ÚNM, roimh an athchóiriú agus ina dhiaidh.





Tosaíocht Straitéiseach 1

Tosaíocht Straitéiseach 1

“Comhairle a thabhairt ar chur chun feidhme UNCRPD agus straitéisí náisiúnta, agus tacú leis an gcur chun feidhme sin, trí chomhairle agus treoir atá láidir, oibiachtúil agus fianaisebhunaithe a sholáthar”

Taighde ardchaighdeán agus mionanailís beartais a sholáthar chun bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht ar fud an rialtais maidir le cur chun feidhme UNCRPD

Taighde ar Choimircithe Cúirte

Cuireadh tús leis an Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015, agus an reachtaíocht leasaitheach i mí Aibreáin 2023. Ba leis an reachtaíocht sin a tosaíodh an próiseas chun deireadh a chur leis an gcóras coimircíochta d’aosaigh in Éirinn. Leis an dlí nua, ceanglaíodh ar gach aosach a ndearnadh coimircí cúirte dóibh scor den choimircíocht laistigh de thrí bliana. Mar chuid den phróiseas sin, cinneann an chúirt cad iad na tacaíochtaí cinnteoireachta a theastaíonn ón duine, más ann, agus é/í ag fágáil an chórais coimircíochta.

Rinne an tÚdarás Náisiúnta Míchumais [taighde](#) inar scrúdaíodh eispéiris na ndaoine sin atá ag imeacht faoi láthair as córas na coimircíochta nó atá tagtha amach as, agus atá anois ina gcónaí go neamhspleách nó ag baint leas as an gcóras nua cinnteoireachta faoi thacaíocht. Tá an taighde bunaithe ar Airteagal 12 de UNCRPD, lena dtugtar aghaidh ar an gceart chun aitheantas comhionann os comhair an dlí a fháil.

Fuarthas amach sa taighde go bhfuil an t-aistriú ón gcoimircíocht níos moille ná mar a bhíodhas ag súil leis. As an 2,173 dhuine a bhí faoi choimircíocht i mí Aibreáin 2023, bhí 1,602 aosach fós faoi choimircíocht (beagnach 74%) ag deireadh mhí na Samhna 2025. As an staidéar, d’eascair dhá bhac shuntasacha ar rannpháirtíocht i bpróiseas an scaoilte. Ar an gcéad dul síos, ba chosúil go raibh bainistiú chistí an iarchoimircí tar éis an scaoilte ina ábhar mór imní do rannpháirtithe. Ar an dara dul síos, bhí drogall ann tabhairt faoi chóras nua nach raibh cur amach acu air. Chuir roinnt daoine míshástacht in iúl nach mbeadh na tacaíochtaí céanna ar fáil tar éis scaoileadh amach do dhaoine faoi choimircíocht ná dá gcoistí.

Ba chosúil freisin go raibh easpa iomlán faisnéise ann maidir leis an bpróiseas chun deireadh a chur le coimircíocht. Bhí sé sin amhlaidh in ainneoin an mhéid shuntasaigh faisnéise ar sholáthair roinnt comhlachtaí poiblí iad. Is cosúil gur thug roinnt daoine aonair a ndearnadh coimircí cúirte díobh, agus a gcoistí, neamhaird ar an bhfaisnéis a soláthraíodh nó gur roghnaigh siad gan plé léi.

Rinne rannpháirtithe a scaoileadh amach cur síos ar conas atá siad in ann a gcinntí féin a dhéanamh ina ngnáthshaol laethúil agus saol níos neamhspleáiche a bheith acu. I gcás daoine áirithe, bhí eagla agus imní orthu faoin bhfreagracht a bhí orthu cinntí a dhéanamh. Cé go measann an chúirt go bhfuil an cumas i roinnt daoine atá ag fágáil coimircíochta a gcinntí féin a dhéanamh, tá blianta fada ann ó bhí taithí ag cuid mhór de na daoine céanna sin ar chinntí a dhéanamh.

As na daoine a scaoileadh amach as coimircíocht ag deireadh mhí na Samhna 2025, ceapadh ionadaí cinnteoireachta dá bhformhór (78%). Tá ionadaithe cinnteoireachta freagrach as cinntí a dhéanamh thar ceann duine aonair, bunaithe ar a dtoil agus ar a sainroghanna. Scaoileadh breis agus duine amháin as gach seachtar (13%) díobh siúd a tháinig amach as an gcoimircíocht gan socruithe tacaíochta, toisc gur chinn an chúirt go raibh cumas cinnteoireachta iontu. Maidir leo siúd a d'fhág an choimircíocht, níor scaoileadh ach 9% díobh le tacaíocht ó chomhchinnteoir a dhéanann cinntí i gcomhpháirt leis an iarchoimircí cúirte.

Mar chuid den staidéar, bhreathnaigh taighdeoirí ÚNM freisin ar níos mó ná 60 éisteacht scaoilte cúirte. Leagadh béim sna breathnuithe sin ar iarrachtaí suntasacha na mbreithiúna an próiseas cúirte a dhéanamh níos neamhfhoirmiúla agus níos inrochtana do dhaoine a ndearnadh coimircithe cúirte díobh. Rinne an chúirt breithniú freisin ar thoil agus ar roghanna an duine a bhí ag fágáil na coimircíochta agus leag sí tábhacht mhór orthu.

Leagtar amach sa tuarascáil seo na príomhcheachtanna foghlamtha agus moltaí le dul i ngleic leis na hábhair imní agus bhuartha a chuir rannpháirtithe sa taighde in iúl. Foilsíodh an [taighde](#) sin i mí Feabhra 2026.

Agus comhthéacs níos leithne á chur leis an taighde de chuid ÚNM ina scrúdaítear próiseas na coimircíochta agus eispéiris na ndaoine atá ag teacht amach as coimircíocht, d'fhoilsigh ÚNM [páipéar cúlra](#) ar aistear na hÉireann ó choimircíocht chuig cinnteoireacht faoi thacaíocht ó thaobh Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD) de i dtús na bliana 2025.

Déantar breithniú sa pháipéar cúlra sin ar an dul chun cinn atá déanta ag Éirinn maidir le comhlíonadh a dhéanamh ar cheanglais Airteagal 12 de UNCRPD maidir le haitheantas comhionann os comhair an dlí, agus ar an treoir ó Choiste UNCRPD maidir leis an topaic sin, trí chomparáid a dhéanamh idir an seanchóras coimircíochta agus an creat nua cinnteoireachta faoi thacaíocht faoin Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015 (arna leasú). Cé go bhfuarthas amach sa pháipéar gur céim shuntasach chun cinn ó thaobh chur chun feidhme Airteagal 12 de é creat reachtúil nua na hÉireann um chinnteoireacht faoi thacaíocht, agus gur feabhas mór é ar an gcóras coimircíochta, fuarthas amach ann freisin nach bhfuil an creat sin ag teacht go hiomlán le léirmhíniú Choiste UNCRPD, mar atá leagtha amach i mBarúil Ghinearálta Uimh. 1.

An Scéim Cur Chun Cinn Taighde 2023-2024

Riarann ÚNM Scéim Cur Chun Cinn Taighde thart ar gach dhá bhliain, faoi réir cistiú a bheith ar fáil.

Foilsíodh dhá pháipéar le linn na bliana 2025 a d'eascair as an Scéim Cistiúcháin Taighde don tréimhse 2023-2024. Ba é téama na scéime sin ná 'Míchumas i nGrúpaí agus Pobail Imeallaithe'. Cosúil le scéim na bliana 2025-2026, iarradh ar Eagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas trácht a dhéanamh ar liosta téamaí beartaithe, agus cuireadh a gcuid barúlacha san áireamh agus an téama deiridh á roghnú, agus cuireadh Saineolaí de bharr Taithí ar conradh chun cabhrú le hiarratasóirí a roghnú. Tá an taighde a foilsíodh mar thoradh ar an gcistiú sin leagtha amach thíos

Míchumas, Éagsúlacht agus Féiniúlacht i dToghcháin Áitiúla agus Eorpacha na hÉireann

Sa taighde seo, rinneadh iniúchadh ar eispéiris na n-iarrthóirí faoi mhíchumas a chuir in iúl go raibh féiniúlachtaí trasnacha acu agus a sheas i dtoghcháin áitiúla na hÉireann sa bhliain 2024. Bhí sé beartaithe na toghcháin Eorpacha a áireamh freisin ach níor ghlac aon iarrthóir faoi mhíchumas páirt sa timthriall toghcháin sin. Ba iad taighdeoirí in Ollscoil na Gaillimhe agus i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, a sheol é.

Sainaithníodh sa taighde bacainní sistéamacha, lena n-áirítear bacainní a bhaineann le neamh-inrochtaineacht na timpeallachta tógtha, faisnéis agus cumarsáid, dearchtaí diúltacha, eagla roimh fhoréigean, acmhainní neamhleora airgeadais, agus easpa tacaíochta. Thuairiscigh na rannpháirtithe go raibh an chanbhasáil thar a bheith dúshlánach. Moladh sa taighde go dtabharfaí aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann le hinrochtaineacht agus le cistiú d'iarrthóirí faoi mhíchumas.

Iniúchadh ar Scála agus Tionchar an Mhíchumais Fhisiciúil ar Dhaoine atá gan Dídean in Éirinn

Sa taighde seo a rinne taighdeoirí i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, rinneadh iniúchadh ar scála agus tionchar an mhíchumais fhisiciúil ar dhaoine atá gan dídean in Éirinn.

Fuarthas amach sa staidéar sin gur tuairiscíodh go raibh cineál éigin sriain soghluaisteachta ag beagán os cionn an cúigiú cuid de na daoine a bhí ag fáil rochtain ar chóiríocht do dhaoine gan dídean a bhí ar áireamh sa staidéar. Díobh sin, bhí pas beag níos lú ná a leath ag codladh i seomraí a bhí suite ar an dara hurlár nó ar urlár níos airde fós, agus bhí pas beag níos lú ná leath na ndaoine sin ag fanacht i mbrú nach raibh aon ardaítheoir aige. De bhreis air sin, ní raibh rochtain ar sheomra folctha inrochtana ag trian amháin díobh siúd a raibh a soghluaisteacht laghdaithe nó srianta.

Tá an taighde sin ina rannchuidiú tábhachtach leis an mbonn fianaise maidir leis an míchumas fhisiciúil agus an easpa dídine in Éirinn, agus le moltaí a bhfuil mar aidhm leo cóiríocht níos inrochtana a chinntiú.

An Dr Julie Broderick, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus í ag cur a taighde atá cistithe ag an Scéim Cur Chun Cinn Taighde ar an easpa dídine i láthair ag seimineár Gréasáin


Study Conclusions

Physical disability is prevalent in people experiencing homelessness.

Demonstrated in the scoping review

In the mapping study, almost **a quarter of users of homeless accommodation had some type of physical limitation**, and in this group **almost half were not on ground floor accommodation/did not have access to an ensuite bathroom.**

The qualitative study highlighted the **high personal toll of living** with a physical disability when homeless, and how it can **negatively affect quality of life** and may contribute to **entrenched homelessness.**



Dr Julie Broderick



An Exploration of the Scale and Impact of Physical Disability in People Experiencing Homelessness in Ireland

Julie Broderick
Trinity College Dublin

An Scéim Cur Chun Cinn Taighde 2025-2026

Bhí téama na Scéime Cur Chun Cinn Taighde don tréimhse 2025-2026 mar an gcéanna le téama ár Scéime don tréimhse 2023-2024, eadhon, 'Míchumas i nGrúpaí agus Pobail Imeallaithe', ach bhí sruth sonrach ann a bhain le daoine faoi mhíchumas den Lucht Siúil. Iarradh ar Eagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas trácht a dhéanamh ar liosta téamaí beartaithe, agus cuireadh a gcuid barúlacha san áireamh agus an téama deiridh á roghnú. Ba é an aidhm atá leis seo taighde a chistiú ina scrúdaítear an trasnaíocht a bhaineann le duine a bheith ina b(h)all faoi mhíchumas de ghrúpaí imeallaithe.

Tháinig Saineolaí de bharr Taithí leis an bhfoireann athbhreithniúcháin chun iarratais a mheasúnú, agus díriú ar leith á leagan ar chuimsiú daoine faoi mhíchumas sa taighde.

Is iad seo a leanas na tionscadail atá á gcistiú faoin scéim don tréimhse 2025-2026:

1. Ionad Pavee i gcomhoibriú le Lucy Michael Research, Training and Consultancy: Tá sé mar aidhm leis an taighde iniúchadh a dhéanamh ar eispéiris fíorshaoil na ndaoine faoi mhíchumas den Lucht Siúil maidir le rochtain a fháil ar sheirbhísí míchumais agus ar sheirbhísí gaolmhara, agus sainaithint a dhéanamh ar bhacainní, éascaitheoirí agus réitigh atá oiriúnach ó thaobh an chultúir de agus ar féidir leo a bheith mar bhonn eolais faoi bheartas cuimsitheach agus faoi chleachtas cuimsitheach
2. Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan: Tá sé mar aidhm leis an taighde imscrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a múnlaíonn dálaí tithíochta sláinte agus folláine an Lucht Siúil faoi mhíchumas in Éirinn, agus na heispéiris sin a chur i gcomhthéacs an Lucht Siúil i gcoitinne, agus moltaí inghníomhaithe a chomhchruthú lena gcinnteofar beartas tithíochta agus sláinte atá cuimsitheach agus oiriúnach ó thaobh an chultúir de
3. Pobail Shíomóin in Éirinn: Tá sé mar aidhm leis an tionscadal taighde iniúchadh a dhéanamh, agus tuiscint a ghnóthú, ar na riachtanais tithíochta agus inrochtaineachta atá ag aosaigh scothaosta a bhfuil míchumas orthu agus atá gan dídean, nó atá i mbaol a bheith gan dídean.

Tá na tuarascálacha tionscadail le cur i gcrích agus le foilsiú faoi lár na bliana 2027.

Fionnachtana taighde agus anailís beartais a aistriú ina dtreoir phraiticiúil agus ina gcomhairle phraiticiúil

Nuashonrú ar an Treoir maidir le Ról na nOifigeach Rochtana do Chomhlachtaí Poiblí.

Nuashonraigh ÚNM an Treoir uaidh maidir le ról na nOifigeach Rochtana do Chomhlachtaí Poiblí. Forbraíodh an treoir sin do Chomhlachtaí Poiblí sa bhliain 2022, chun cabhrú le comhlachtaí poiblí an tábhacht a bhaineann le hOifigeach Rochtana a bheith acu a thuiscint; chun achoimre a thabhairt ar a ról agus ar a bhfreagrachtaí; chun comhairle a chur ar chomhlachtaí poiblí maidir le conas is féidir leo tacú lena nOifigh Rochtana agus iad a chumasú, agus chun achoimre a thabhairt ar fhaireachán ÚNM ar Oifigh Rochtana.

Tar éis iarrataí ó roinnt ranna rialtais agus eagraíochtaí earnála príobháidí oiliúint a chur ar fáil dá nOifigh Rochtana, cinneadh an treoir sin a nuashonrú chun faisnéis níos mionsonraithe a thabhairt faoi ról an Oifigh Rochtana. Chuathas i gcomhairle le hOifigh Rochtana a bhfuil taithí acu chun a n-aiseolas a fháil ar an treoir agus ar conas a d'fhéadfaí í a fheabhsú. Mar thoradh air sin, soláthraítear an méid seo a leanas sa treoir nuashonraithe:

- Faisnéis bhreise faoi na ceanglais iomchuí san Acht um Míchumas 2005 agus san Acht Ombudsman, 1980
- Soiléiriú ar an difríocht idir Oifigeach Rochtana agus Oifigeach Fiosrúcháin

Tá an doiciméad teorach nua ar fáil anois ar [shuíomh Gréasáin](#) ÚNM.

Ullmhaíodh dhá láithreoireacht físe freisin chun gabháil leis an treoir sin. Dírítear i bhfíseán amháin ar na [freagrachtaí reachtúla atá ar chomhlachtaí poiblí Oifigeach Rochtana a bheith acu](#) agus tugtar achoimre ann freisin ar ról an Oifigh Rochtana. Sa dara físeán, tá [láithreoireacht ó Oifigeach Rochtana](#) faoina ról sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.

Seat den scáileán den fhíseán ar na freagrachtaí atá ar chomhlachtaí poiblí maidir le hOifigh Rochtana

Access Officer Guidance for Public Bodies

Responsibilities of Public Bodies



Centre for Excellence
in Universal Design
NDA

Access Officer Guidance for Public Bodies
- Responsibilities of Public Bodies



Déanfar cur chun feidhme na teorach sin a mheas trí fhaireachán a dhéanamh ar an gCód Cleachtais maidir le hInrochtaineacht Seirbhísí Poiblí agus Faisnéise a Chuireann Comhlachtaí Poiblí ar Fáil.

An Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht (EAA)

Is Treoir Eorpach ina bhfuil ceanglais inrochtaineachta do raon táirgí agus seirbhísí í an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht (EAA). Cuireadh tús leis an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht i mí an Mheithimh 2025.

Tugtar Treoir (AE) 2019/882 maidir le Ceanglais Inrochtaineachta le haghaidh Táirgí agus Seirbhísí go foirmiúil ar an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht. In Éirinn, trasúidh an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht i nDlí na hÉireann trí Ionstraim Reachtuil Uimh. 636 de 2023.

D'fhorbair foireann ÚNM don Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht sraith chuimsitheach ábhar ina dtugtar faisnéis faoi Cheanglais Inrochtaineachta na hIonstraime Eorpaí um Inrochtaineacht, ar na Critéir Feidhmíochta Feidhmiúla agus ar an gcúis a bhfuil inrochtaineacht tábhachtach. Tá an fhaisnéis sin ar fáil ar shuíomh Gréasáin CEUD. Seoladh na hábhair sin i mí an Mheithimh 2025 roimh thosach feidhme an Achta. Thug an fhoireann mionsonraí faoi na hábhair sin do na rannpháirtithe freisin mar chuid de sheimineár Gréasáin de chuid AccessibleEU dar teideal 'The European Accessibility Act is here: What is it and What do I do Now?'.

Leanfar leis [na leathanaigh Ghréasáin](#) sin a fhorbairt agus a nuashonrú de réir mar a chuirfear an tAcht chun feidhme.

An Cruinniú Mullaigh Eorpach um Inrochtaineacht, 2025

Bhí áthas ar ÚNM cuireadh a fháil chun páirt a ghlacadh i bpainéal ag an gCruinniú Mullaigh Eorpach um Inrochtaineacht, 2025. B'imeacht hibrídeach a reáchtáladh sa Bhruiséil i mí Dheireadh Fómhair 2025 é sin. Bhí daoine a bhfuil míchumas orthu, rialálaí ón Ísiltír, duine léinn ón nGearmáin, agus an Comhairleoir Sinsearach don Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht ó ÚNM ar an bpainéal. Rinne ionadaí ó Microsoft modhnóireacht air. Díriodh an plé ar ábhair éagsúla lenar áiríodh gnéithe den rialáil, agus saincheisteanna ar cheart don Choimisiún aghaidh a thabhairt orthu chun cur chun feidhme éifeachtach na hIonstraime Eorpaí um Inrochtaineacht a chinntiú, rud a rinne eolas don obair anseo in Éirinn.

Daoine ar bheagán cainte agus daoine neamhlabhhartha

D'fhorbair ÚNM treoir do bhaill foirne earnála poiblí chun tacú le daoine neamhlabhhartha agus le daoine ar bheagán cainte rochtain a fháil ar sheirbhísí poiblí. Rinneadh é sin chun Gníomh 82 den [Straitéis Nuálaíochta Uathachais](#) a chomhlíonadh. Is é cuspóir na teorach sin ná feasacht a mhúscailt maidir le riachtanais daoine uathacha agus daoine eile a bhfuil míchumas orthu, ar daoine iad a úsáideann Cumarsáid Bhreisitheach agus Mhalartach (AAC). Áirítear leis sin faisnéis faoi na cineálacha difriúla AAC agus faoin dea-chleachtas do sholáthraithe seirbhíse túslíne chun caidreamh a dhéanamh leis na daoine aonair sin ar bhealach measúil.

Rinne dhá ghrúpa chomhairleacha eolas don ábhar. Bhí na grúpaí sin comhdhéanta d'úsáideoirí AAC agus de dhaoine a bhfuil taithí acu ar thacaíocht a thabhairt dóibh i gcáil ghairmiúil nó phearsanta. Bhí sé bunaithe freisin ar athbhreithniú litríochta. Foilsíodh an [treoir](#) agus an [t-athbhreithniú litríochta](#) i dtús na bliana 2026.

Glaó le haghaidh baill don ghrúpa comhairleach, Meitheamh 2025

Recruitment Call: Advisory Groups on Alternative and Augmentative Communication (AAC)



Teacht os comhair Coistí Oireachtais, agus aighneachtaí chucu Oideachas cuimsitheach

Tar éis iarraidh chun aighneacht a chur faoi bhráid an Chomhchoiste Oireachtais um Ghnóthaí Míchumais maidir le hOideachas Cuimsitheach, tugadh cuireadh do ÚNM teacht os comhair an choiste an 8 Deireadh Fómhair. Sa [ráiteas tosaigh](#) uainn, pléadh raon réimsí agus saincheistean, lena áiríodh dul chun cinn na hÉireann maidir le ceanglais Airteagal 24 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas a chomhlíonadh, arb airteagal é lena gcumhdaítear an ceart chun oideachais chuimsithigh. I measc na dtopaicí eile a cumhdaíodh bhí Dearadh Uilíoch san Oideachas, soláthar agus úsáid teicneolaíochta cúnta i scoileanna, an tsamhail teiripí ionscoile, agus planáil aistrithe. Rinneadh tagairt do shamplaí ó thíortha eile ina bhfuil córais oideachais chuimsithigh níos forbartha, agus thug ÚNM roinnt faisnéis bhreise i ndiaidh an chruinnithe.

Intleacht Shaorga

Tugadh cuireadh do ÚNM teacht os comhair an Chomhchoiste Oireachtais um Intleacht Shaorga an 7 Deireadh Fómhair 2025 mar chuid dá sceideal cruinnithe a forbraíodh chun cabhrú le comhaltaí tuiscint a fháil ar na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann leis an intleacht shaorga do phríomhghrúpaí sa tsochaí. Inár n-ionchur, leag ÚNM béim ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí córais intleachta saorga a thógáil le cur chuige Deartha Uilíoch, agus prionsabail chomhchruthaithe agus chomhdheartha á nglacadh. Rinneadh achoimre ar na pointí sin freisin sa [ráiteas tosaigh](#) uainn. Tarraingíodh anuas freisin saincheisteanna maidir le hinacmhainneacht na teicneolaíochta agus na hinniúlachta digití, mar aon le tábhacht na gcaighdeán agus na rialála chun tacú le cuimsiú. Ag an am céanna, d'aithin ÚNM na buntáistí suntasacha a d'fhéadfadh a bheith ag daoine faoi mhíchumas má chuirtear intleacht shaorga i bhfeidhm go cúramach laistigh de sheirbhísí poiblí.


Soláthar beartais agus seirbhísí míchumais a chur chun cinn

Tháinig ÚNM os comhair an Chomhchoiste Oireachtais um Ghnóthaí Míchumais an 25 Meitheamh. Labhair ÚNM faoin Straitéis Náisiúnta Míchumais atá le teacht agus faoin athbhreithniú ar shamhail seirbhíse na bhFoirne Líonra Míchumais Leanaí, chomh maith leis an bPrótacal Roghnach a ghabhann le UNCRPD. Tá achoimre orthu sin sa [ráiteas tosaigh](#) uainn. Clúdaíodh raon leathan réimsí sa phlé, lenar áiríodh an tábhacht a bhaineann le Dearadh Uilíoch i dtithíocht agus sa ríocht phoiblí, an bhearna fostaíochta in Éirinn do dhaoine faoi mhíchumas, agus an gá atá le hathchóiriú maidir le próiseas an Mheasúnaithe Riachtanais agus a bheith ag obair ag an am céanna chun feabhas a chur ar sheirbhísí idirdhisciplíneacha. Leag ÚNM béim ar a thábhachtaí atá sé a chinntiú go bhféadfadh teaghlaigh agus leanaí seirbhísí a fháil, agus thug sé dá aire nach raibh sa díriú ar rochtain a fháil ar Mheasúnú Riachtanais ach cuid amháin den scéal. Thapaigh ÚNM an deis naisc chuig roinnt den taighde a rinneamar le déanaí ar an bhfostaíocht agus ar dhaoine a aistriú amach as suíomhanna comhchónaithe a chur ar aghaidh chuig an gCoiste mar eolas dó.

Bille Comhionannais

Tháinig ÚNM os comhair an Choiste Oireachtais seo an 8 Iúil chun grinnschrúdú réamhreachtach ar scéim ghinearálta an Bille um Chomhionannas (Forálacha Ilghnéitheacha), 2024, a phlé. Thug ÚNM achoimre ar impleachtaí na reachtaíochta do dhaoine faoi mhíchumas, agus aird á tabhairt ar dhul chun cinn agus ar réimsí ar gá tuilleadh feabhsaithe a dhéanamh orthu araon. Pléadh sa [ráiteas tosaigh](#) an gá le cúnamh dlí shibhialta i gcásanna frith-idirdhealaithe, an sainmhíniú ar mhíchumas, comhairliúchán le daoine faoi mhíchumas atá ag iarraidh socruithe réasúnacha, agus athruithe eile chun feabhas a chur ar sholáthar socruithe réasúnacha.

Comhghleacaithe ó ÚNM agus iad os comhair an Chomhchoiste Oireachtais um Ghnóthaí Míchumais agus os comhair an Chomhchoiste um Intleacht Shaorga



Aighneachtaí maidir le comhairliúcháin a bhaineann le comhionannas

Rinne ÚNM aighneachtaí le linn na bliana 2025 maidir leis an Straitéis nua do Mhná agus do Chailíní agus an Straitéis LADTI+, a bhí faoi stiúir na Roinne Leanaí, Míchumais agus Comhionannais (RLMC), agus maidir le Straitéis an Gharda Síochána um Chearta an Duine araon. Rinneamar aighneachtaí freisin chuig an Roinn Sláinte maidir le Cosaint Saoirse agus leis an mBille Meabhair-Shláinte. Bhí comhairliúcháin ag an Roinn Coimirce Sóisialaí ar an Treochlár um Chuimsiú Sóisialta agus Bealaí chun na hOibre agus rinneamar aighneachtaí ina leith sin freisin.

Leis na haighneachtaí sin, tugadh an deis do ÚNM a chinntiú gur tarraingíodh aird ar thrasnachas an mhíchumais le cúiseanna eile comhionannais. Sna haighneachtaí, comhroinneadh na sonraí a bhí ar fáil maidir le trasnachas, ag tarraingt ar obair ÚNM, ar shonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh, agus ar thuarascálacha ábhartha eile. Leagadh béim iontu freisin ar an Straitéis Náisiúnta nua um Chearta an Duine do Dhaoine faoi Míchumas, ar a díriú ar thrasnachas, agus ar na deiseanna chun a chinntiú go mbeidh straitéisí agus pleananna athbhreithnithe ag teacht leis an Straitéis.

Tacú le comhroinnt eolais agus comhordú ar fud na hearnála poiblí chun feabhas a chur ar chomhlíonadh spriocanna UNCRPD agus ar chur chun feidhme straitéisí agus clár náisiúnta

An Straitéis Náisiúnta um Chearta an Duine do Dhaoine faoi Míchumas 2025-2030

D'fhoilsigh an Taoiseach Micheál Martin, an Tánaiste Simon Harris, Norma Foley, an tAire Leanaí, Míchumais agus Comhionannais, agus Hildegard Naughton, an tAire Stáit le Freagracht as Míchumas, an [Straitéis Náisiúnta um Chearta an Duine do Dhaoine faoi Míchumas 2025-2030](#) i mí Mheán Fómhair 2025. Tá sé mar aidhm leis an straitéis a bheith ina treoirphlean le haghaidh Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Míchumas (UNCRPD) a chomhlíonadh tuilleadh in Éirinn.

Agus í dírithe ar chúig phríomhcholún a shainaithin daoine a bhfuil míchumas orthu agus a n-eagraíochtaí ionadaíocha mar thosaíochtaí, cuimsítear sa straitéis nua raon gealltanais uailmhianach a bhfuil mar aidhm leo feabhas a chur ar shaol daoine faoi míchumas ar fud na tíre. Agus aitheantas á thabhairt don ghá atá le comhoibriú trasrannach agus idirghníomhaireachta, leagtar amach sa straitéis freisin creat agus cur chuige uile-rialtais, agus béim á leagan ar sholáthar príomhshrutha ar dtús. Thug ÚNM comhairle leanúnach don Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais maidir le forbairt na straitéise.

Go háirithe, bhí ról lárnach ag ÚNM maidir lena chinntiú go raibh guthanna daoine faoi míchumas le cloisteáil go soiléir sa phróiseas forbartha straitéise. Arna iarraidh sin don Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais, sheol ÚNM comhairliúchán poiblí náisiúnta cuimsitheach chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt na straitéise ag deireadh na bliana 2023 agus sna chéad sé mhí den bhliain 2024. Buntaca leis an gcomhairliúchán ba ea prionsabail na rannpháirtíochta, agus bhí sé mar aidhm leis a bheith ina phróiseas dílis, inrochtana agus trédhearcach le haghaidh caidreamh fiúntach a dhéanamh le daoine faoi míchumas. Foilsíodh an [Tuarascáil Comhairliúcháin ar an Straitéis Náisiúnta um Chearta an Duine do Dhaoine faoi Míchumas 2025-2030](#) in éineacht leis an straitéis nua i mí Mheán Fómhair 2025.

An Tuarascáil Comhairliúcháin ar an Straitéis Náisiúnta um Chearta an Duine do Dhaoine faoi Mhíchumas 2025-2030

Beidh ról tábhachtach ag ÚNM maidir le cur chun feidhme na straitéise a threorú agus maidir le faireachán a dhéanamh air. Éascóidh ÚNM bunú Grúpa Oibre Sonraí agus Fianaise, chun forbairt táscairí a chur chun cinn le haghaidh cur chuige ceartabhunaithe i leith faireachán dhéanamh ar an straitéis, agus Grúpa Comhairleach um Thaighde agus Sonraí ar an Míchumas, chun cur chuige níos straitéisí agus níos comhordaithe a chothú i leith taighde agus sonraí ar an míchumas ar fud na hearnála poiblí. Ina theannta sin, déanfar ionadaíocht do ÚNM ar an gCoiste Soláthair agus Faireacháin don straitéis agus do na cúig ghrúpáil colúin.



Foilsíodh an [Chéad Phlean Gníomhaíochta Cláir 2025-2026](#) chun tacú le cur chun feidhme na straitéise nua, i mí na Nollag 2025, agus chuir ÚNM comhairle ar fáil maidir lena fhorbairt. Leagtar amach sa doiciméad sin conas a sholáthrófar na príomhghníomhartha tosaíochta faoi gach gealltanas straitéise, cé a sholáthróidh iad, na táscairí ratha iomchuí, agus an tréimhse ama chun iad a sholáthar. Tá roinnt gníomhartha sannta do ÚNM a bhaineann le hinrochtaineacht, le taighde agus sonraí, agus le tithe atá deartha go huilíoch. Tionóladh an chéad chruinniú den ghrúpa Faireacháin agus Soláthair freisin i mí na Nollag, agus an Taoiseach ina chathaoirleach air.

Rannpháirtíocht ÚNM i ngrúpa oibre chun athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar an Treoir Náisiúnta ón Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) maidir le Dea-Chumarsáid i gCúram Sláinte agus Cúram Sóisialta: Teanga Shimplí a Úsáid

Chinn HIQA ag deireadh na bliana 2024 nuashonrú a dhéanamh ar a Threoir ón mbliain 2015 do sholáthraithe seirbhísí cúram sláinte agus cúraim shóisialta do leanaí agus a Threoir do sholáthraithe seirbhísí cúram sláinte agus cúraim shóisialta. Ceapadh na treoidhoiciméid sin chun tacú le baill foirne cúram sláinte agus cúraim shóisialta teanga shoiléir a úsáid i ngach cumarsáid le daoine a úsáideann a seirbhísí.

Bhunaigh HIQA grúpa oibre chun formhairséacht a dhéanamh ar an obair, agus d'earcaigh sé roinnt geallsealbhóirí éagsúla chuige, lena n-áirítear Litearthacht d'Aosaigh don Saol, an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (NALA), Solas, FSS, Cumann Ailse na hÉireann, Tusla agus ÚNM. D'óstáil sé trí chruinniú grúpa oibre chun aiseolas a bhailiú ón ngrúpa oibre maidir le conas a d'fhéadfaí na treoidhoiciméid a fheabhsú, maidir le samplaí dea-chleachtais a bhféadfadh siad tagairt a dhéanamh dóibh, agus maidir le cá háit a raibh gá le téarmaíocht a nuashonrú nó a chur in eagar. Rannchuidigh ÚNM leis an athbhreithniú agus, tar éis aiseolas a fháil ar an dá dhoiciméad, rinneadh an cinneadh na doiciméid a chur le chéile san aon doiciméad amháin, a d'fhéadfadh gach seirbhís cúram sláinte agus cúraim shóisialta a úsáid.

D'fhoilsigh HIQA a leagan nuashonraithe de [National guidance on good communication in health and social care: using plain language](#) an 4 Nollaig 2025.

Cruinniú leis an Údarás Náisiúnta Iompair

D'fhreastail baill foirne de chuid ÚNM ar chruinniú leis an nGrúpa Oibre Teicniúil maidir le stadanna bus agus bonneagar rothaíochta. Ar an gcruinniú sin, thug ÚNM aiseolas mionsonraithe tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar dhearadh breis agus tríocha stad bus agus bonneagar rothaíochta i mBaile Átha Cliath agus sna ceantair máguaird. Úsáidfídh an tÚdarás Náisiúnta Iompair an t-aiseolas ó ÚNM chun treoir nua deartha a fhorbairt do stadanna bus nua.

Chuir ÚNM in iúl an tábhacht a bhaineann le dul i ngleic le fadhbanna deartha na stadanna bus. Níl sé beartaithe ag an Údarás Náisiúnta Iompair clár iarfheistithe a dhéanamh faoi láthair, áfach. Leanfaidh ÚNM de bheith ag plé leis an Údarás Náisiúnta Iompair sna míonna atá le teacht ag cruinnithe sceidealaithe an Ghrúpa Oibre Theicniúil agus trí fhóraithe eile chun feabhsú a chur chun cinn in iompar poiblí inrochtana.

Comhdháil Acmhainní Daonna FSS 2025

I mí Dheireadh Fómhair, thug ÚNM láithreoireacht ag Comhdháil Acmhainní Daonna FSS ar Chultúr Comhionann Éagsúil agus Cuimsitheach a chruthú ach cur chuige Deartha Uilíoch a úsáid. Bhí breis agus 300 duine de Stiúrthóirí agus Bainisteoirí AD ó FSS i láthair ag an gcomhdháil sin.

Thug ÚNM láithreoireacht freisin don Líonra Le Chéile agus do bhaill foirne shinsearacha de chuid FSS le haghaidh cheiliúradh FSS ar an Lá Idirnáisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas i mí na Samhna. Bhunaigh FSS an Líonra Le Chéile sa bhliain 2021 chun an méid seo a leanas a sholáthar d'fhostaithe a bhfuil míchumas orthu:

- Tacaíocht agus infheictheacht agus guth do bhaill foirne
- Deis d'fhostaithe a bhfuil míchumas orthu scéalta pearsanta agus taithí phearsanta a chur le beartas agus cleachtas acmhainní daonna
- Cuidiú le feasacht a ardú ar shaincheisteanna Éagsúlachta, Comhionannais agus Cuimsithe (DEI) don fhórsa saothair i gcoitinne.

Aighneacht maidir le Comhairliúchán na hOifige um Sholáthar Rialtais (OGP) ar an Straitéis Náisiúnta um Sholáthar Poiblí

Tá an chéad straitéis náisiúnta um sholáthar poiblí de chuid na hÉireann riamh á forbairt ag an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP). Chun eolas a dhéanamh dá chuid oibre, d'óstáil sé comhairliúchán ar líne sa bhliain 2025 inar iarradh tuairimí maidir leis na tosaíochtaí ba cheart a bheith ag an straitéis, maidir leis na dúshláin reatha sa soláthar poiblí, agus maidir leis na bealaí a bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin. Mhol OGP go mbeadh an straitéis struchtúrtha faoi 11 téama, amhail 'Trédhearcacht' agus 'Soláthar poiblí éifeachtúil agus éifeachtach', agus d'iarr sé tuairimí maidir le gach ceann de na téamaí sin. Chuir ÚNM freagra isteach inar iarradh go gcuirfí inrochtaineacht san áireamh mar bhuncheanglas sa soláthar poiblí – an próiseas soláthair agus ábhar an tsoláthair – agus luaigh sé an reachtaíocht náisiúnta, Eorpach agus idirnáisiúnta a éilíonn an rud céanna. Rinneadh moltaí maidir le conas a d'fhéadfaí aghaidh a thabhairt

ar inrochtaineacht chun a chinntiú go mbeadh an próiseas agus na táirgí/seirbhísí/oibreacha a sholáthraítear inrochtana. Leanfaimid le hobair i gcomhar le OGP chun tuiscint ar cheanglais inrochtaineachta sa soláthar poiblí agus a gcur chun feidhme a chur chun cinn. Táimid ag tnúth leis an straitéis a bheith curtha i gcrích agus seolta, mar atá beartaithe, sna chéad sé mhí den bhliain 2026.

Comhairle agus treoir a sholáthar do chomhlachtaí poiblí maidir le conas prionsabail an idirchaidrimh a chur chun feidhme i gceapadh beartais míchumais, chun spriocanna UNCRPD a léiriú agus chun comhlíonadh spriocanna a neartú

Aighneachtaí maidir le Ráitis Straitéise

Rinne ÚNM 11 aighneacht chuig ranna agus Oifigí rialtais éagsúla mar fhreagra ar a gcomhairliúcháin maidir lena Ráitis Straitéise tar éis bhunú an Rialtais nua i dtús na bliana 2025. Leagadh béim sna haighneachtaí uile ó ÚNM ar an ngá atá ann go bpléann gach roinn leis an Straitéis Náisiúnta nua um Chearta an Duine do Dhaoine faoi Mhíchumas agus go gcinntíonn siad go mbíonn a roinn nó a n-oifig tiomanta dá ngníomhartha a sholáthar. Leagamar béim freisin ar an ngá atá le bheith ag plé le daoine faoi mhíchumas trína n-eagraíochtaí ionadaíocha, agus tharraingíomar aird ar acmhainní ÚNM chun tacú leis sin. Thapaigh ÚNM an deis freisin, le linn athbhreithniú a dhéanamh ar Ráitis Straitéisí na ranna, chun na hoibleagáidí atá orthu maidir le daoine faoi mhíchumas a fhostú agus maidir le suíomhanna Gréasáin inrochtana a bheith acu, na hoibleagáidí atá orthu faoin Acht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, agus saincheisteanna eile a bhaineann le hinrochtaineacht a mheabhrú dóibh.



Tosaíocht Straitéiseach 2

Tosaíocht Straitéiseach 2:

“Faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht, agus feidhmíocht a threorú, ar fud an rialtais i ndáil leis na gealltanais agus na hoibleagáidí atá ann cuimsiú a bhaint amach do chách”.

Faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar chur chun feidhme agus comhlíonadh oibleagáidí reachtúla i ndáil le hinrochtaineacht chun feabhsú leantach a threorú

An Treoir ón Aontas Eorpach maidir le hinrochtaineacht Gréasáin – Faireachán

Athbhreithnithe a rinneadh agus forbairtí suntasacha

Rinne ÚNM 233 Athbhreithniú Shimplithe, 22 Athbhreithniú Dhoimhne ar shuíomhanna Gréasáin agus 12 Athbhreithniú Dhoimhne ar fheidhmchláir mhóibíleacha do thréimhse faireacháin na bliana 2025. Cuireadh an tuarascáil náisiúnta a d’eascair as sin faoi bhráid Ard-Rúnaí na Roinne Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt i mí na Nollag agus foilsíodh í ar [shuíomh Gréasáin ÚNM](#). Is í sin an chéad cheann de thrí thuarascáil bhliantúla a chomhlíonfaidh oibleagáidí tuairiscithe ÚNM don thréimhse 2025-2027 faoin Treoir de réir Chinneadh Cur Chun Feidhme 2018/1524 ón gCoimisiún i dteannta a chéile.

Tuarascáil Bhliantúil Faireacháin
na hÉireann, 2025

Léiríodh i dtuarascáil na bliana 2025 feabhas suntasach ar leibhéil chomhlíonta ar fud cohóirt áirithe comhlachtaí earnála poiblí. Tá aghaidh tugtha ag go leor comhlachtaí earnála poiblí ar shaincheisteanna inrochtaineachta a sainathnódh sna tástálacha uathoibrithe agus sna tástálacha láimhe. Ba cheart do chomhlachtaí poiblí atá faoi réir Athbhreithniú Domhain nó faoi réir Athbhreithniú Simplithe, nó an dá rud, do thréimhse faireacháin na bliana 2025 na torthaí sin a mheas a bheith mar thús a n-aistir inrochtaineachta. Molann ÚNM go bhfuil caidreamh a dhéanamh le fíorúsáideoirí, lena n-áirítear daoine a bhfuil míchumas orthu, agus aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a shainathnítear i dtástáil uathoibrithe agus i dtástáil láimhe ina gcuid dhílis d’inrochtaineacht fhiúntach a chinntiú agus de chomhlíonadh na Treorach maidir le hinrochtaineacht Gréasáin a bhaint amach.



Mar a bhí amhlaidh anuraidh, feiceann ÚNM dea-threocht chomhsheasmhach i measc comhlachtaí earnála poiblí maidir le haghaidh a thabhairt ar inrochtaineacht i bhforbairt suíomhanna Gréasáin agus aipeanna móibíleacha atá nua nó atá ann cheana. Tá sé ríthábhachtach i gcónaí go gcuirfeadh comhlachtaí earnála poiblí an inrochtaineacht san áireamh ó na luathchéimeanna agus ar fud an phróisis agus ábhar á phleanáil, á forbairt agus á fhoilsiú acu ar a suíomhanna Gréasáin agus ar a bhfeidhmchláir mhóibíleacha. Molann ÚNM gan comhaid neamh-inrochtana PDF a fhoilsiú mar ghnáthamh agus molann sé do chomhlachtaí earnála poiblí smaoineamh ar roghanna a fhoilsiú atá níos éasca le déanamh inrochtana, amhail HTML, doiciméid Word, [FormsIE](#) (le haghaidh foirmeacha ar líne), nuair is féidir.

Seimineár Gréasáin ar an Treoir maidir le hInrochtaineacht Gréasáin i gcomhpháirt le Cumann Ríomhaireachta na hÉireann

Ag obair di i gcomhpháirt le Cumann Ríomhaireachta na hÉireann, thionóil foireann na Treorach maidir le hInrochtaineacht Gréasáin seimineár Gréasáin oiliúna ar líne i mí Aibreáin dar teideal “[PDF Accessibility](#)”. Ba í Jess Cahill, Comhairleoir Inrochtaineachta agus Inúsáidteachta Sinsearach ag AbilityNet, a sholáthair é. D’fhreastail 300 rannpháirtí ar líne ar an seimineár agus cumhdaíodh leis topaicí amhail comhaid PDF a sheiceáil le haghaidh inrochtaineachta, obair le clibeanna i gcomhaid PDF, agus inrochtaineacht doiciméad scanta agus foirmeacha scanta PDF. Bhí na rannpháirtithe díograiseach faoi níos mó eolais a fháil chun cabhrú leo feabhas a chur ar inrochtaineacht na gcomhad PDF atá ag a n-eagraíocht faoi láthair agus ar inrochtaineacht na gcomhad PDF a bheidh ag a n-eagraíocht amach anseo.

An dara tuarascáil ar oibriú an Achta um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, 2017

Rinne ÚNM dul chun cinn ar iarraidh fhoirmiúil ón Aire Leanaí, Míchumais agus Comhionannais chun an dara hathbhreithniú ar oibriú an Achta um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann a dhéanamh, de réir alt 10 den Acht, agus chun tuairisciú faoi dheireadh na bliana 2025. Rinne ÚNM roinnt moltaí sa [chéad tuarascáil ar oibriú an Achta](#) sa bhliain 2021 agus tá sé le cinneadh i dtuarascáil 2025 an bhfuil na moltaí sin curtha chun feidhme agus cén dul chun cinn atá déanta chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a leagadh amach sa chéad tuarascáil.

Bhunaigh ÚNM Grúpa Comhairleach chun treoir a thabhairt maidir leis an bpróiseas beartaithe bailithe faisnéise ó thaobh dearcthaí éagsúla de, chun fionnachtana comhairliúcháin a léirmhíniú, agus chun aiseolas a thabhairt ar na moltaí laistigh den tuarascáil. Bhí an Grúpa Comhairleach comhdhéanta de dhaoine ó eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do leas na ndaoine de phobal TCÉ, agus de dhaoine ó eagraíochtaí seirbhíse agus d’ionadaithe d’ateangairí – Cumann Bodhar na hÉireann, Chime, Sharing the Journey, Ionad Léann na mBodhar, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Comhairle Ateangairí Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, Community K, agus Seirbhísí Ateangaireachta Teanga Chomharthaíochta. Bhuaile an Grúpa Comhairleach le ÚNM cúig huaire le linn na tréimhse tuairiscithe.

Forbhreathnú físe ar an gcomhairliúchán maidir leis an Acht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ), 2017, agus glao le haghaidh aighneachtaí



Rinneadh comhairliúchán maidir le hoibriú an Achta um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann sa tríú ráithe agus sa cheathrú ráithe den bhliain 2025, ina raibh caidreamh le soláthraithe seirbhíse poiblí agus leis an bpobal araon. Iarradh ar chomhlachtaí poiblí agus ar ranna rialtais suirbhé a chomhlánú inar iarradh faisnéis maidir le cur chun feidhme a bhfreagrachtaí faoin Acht. Tugadh cuireadh do dhaoine de phobal TCÉ trí shuirbhéanna poiblí ar líne, trí chruinnithe poiblí agus trí cuireadh le haghaidh aighneachtaí i scríbhinn agus aighneachtaí TCÉ. Cuireadh anailís ar na sonraí i gcrích i mí na Nollag 2026.

Mar chuid den tionscadal sin, coimisiúnaíodh Cumann Bodhar na hÉireann chun comhairliúchán a dhéanamh le leanaí maidir lena n-eispéireas ar oibriú an Achta um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann.

Thosaigh foireann an tionscadail ag scríobh na tuarascála i mí na Nollag 2025, agus cuirfear an tuarascáil deiridh faoi bhráid an Aire Leanaí, Míchumais agus Comhionannais sna míonna tosaigh den bhliain 2026.

Tuarascáil ar Chomhlíonadh Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005 do 2024

Foilsíodh an [tuarascáil](#) ar shuíomh Gréasáin ÚNM i mí na Nollag 2025.

Sa bhliain 2024, tháinig méadú ar an íos-spríoc reachtúil fostaíochta ó 3% go 4.5%. Sa bhliain 2025, tiocfaidh méadú ar an spríoc sin go 6%.

Is iad seo a leanas na príomhfhionnachtana ón tuarascáil:

- Sa bhliain 2024, mhéadaigh an céatadán d'fhostaithe a thuairiscigh míchumas go 5.4%. Ba í sin an chéad uair a bhí an céatadán sin níos mó ná 5%. Tháinig méadú ar an líon fostaíthe a thuairiscigh míchumas, agus é ag ardú ó 11,254 fhostaí sa bhliain 2023 (4.1%) go 15,403 fhostaí (5.4%) sa bhliain 2024.
- Tháinig méadú ar an líon comhlachtaí poiblí san earnáil phoiblí, ó 210 gcomhlacht poiblí sa bhliain 2023 go 216 chomhlacht poiblí sa bhliain 2024. Ag deireadh na bliana 2024, tháinig méadú 10,058 nduine ar an líon iomlán fostaíthe san earnáil phoiblí (+3.7%), ó 273,747 bhfostaí sa bhliain 2023 go 283,805 fhostaí sa bhliain 2024.
- Sa bhliain 2024, chomhlíon 185 chomhlacht poiblí (85.6%) an spríoc 4.5%, i gcomparáid le 191 chomhlacht poiblí (91%) a chomhlíon an spríoc 3% sa bhliain 2023.
- Sa bhliain 2024, chomhlíon 134 chomhlacht poiblí (62.6%) an íos-spríoc 6% atá le teacht, i gcomparáid le 110 gcomhlacht poiblí (52.4%) sa bhliain 2023.
- Ar an iomlán, d'fheidhmigh an earnáil phoiblí níos fearr ná an íos-spríoc reachtúil fostaíochta maidir le daoine a bhfuil míchumas orthu don cheathrú bliain déag as a chéile.

Admhaíonn ÚNM an feabhas leantach ar fheidhmíocht na hearnála poiblí. Mar sin féin, leanaimid de chomhlachtaí poiblí a chur ar an eolas gur gá dóibh an íos-spríoc 6% a bhaint amach, nó feidhmiú níos fearr ná í, sa bhliain 2025 trí chultúir oibre atá Comhionann, Éagsúil agus Cuimsitheach a fhorbairt agus a fheabhsú, ar cultúir iad a dhíríonn ar earcú agus coinneáil daoine a bhfuil míchumas orthu a mhéadú agus ar thacú le fostaíthe a bhfuil míchumas orthu a bheith níos compordaí le linn dóibh a stádas míchumais a chur in iúl.

Iarrataí alt 49 do na blianta 2022 agus 2023

Sna blianta 2022 agus 2023, níorbh ann ach do dhá chomhlacht poiblí a bhfuil níos mó ná 50 fostaí acu nár bhain an íos-spríoc 3% amach don dá bhliain chomhleanúnacha sin. Ba iad seo a leanas na comhlachtaí poiblí sin:

- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)
- An tÚdarás Slándála Príobháidí

Níor sheol ÚNM iarraidh alt 49 chuig an Údarás Slándála Príobháidí toisc gur thuairiscigh sé gurb í an phríomhchúis nár bhain sé an íos-spríoc 3% amach sa bhliain 2022 ná sa bhliain 2023 ná nach raibh sé freagrach as a earcaíocht agus gur sannadh fostaíthe ón Roinn Dlí agus Cirt dó. Dá bhrí sin, tá cumas teoranta ag an gcomhlacht poiblí sin chun an íos-spríoc 3% a bhaint amach. Mar sin féin, thaispeáin an comhlacht

poiblí seo go raibh bearta i bhfeidhm aige chun cultúr oibre atá Comhionann, Éagsúil agus Cuimsitheach a chruthú, mar shampla gealltanais scríofa foirmiúil a bheith aige go soláthrófar cumarsáidí atá deartha go huilíoch agus atá éasca le rochtain, le tuiscint agus le húsáid ag gach duine agus go soláthrófar oiliúint i gcomhionannas míchumais d'fhostaithe.

Rinne ÚNM faireachán ar fheidhmíocht an chomhlachta poiblí sin agus tá áthas air a thabhairt dá aire go raibh sí níos fearr ná an íos-sprioc 4.5% sa bhliain 2024.

Sheol ÚNM iarraidh alt 49 chuig FSS do na blianta 2022 agus 2023 don tréimhse dhá bhliain sin. Mar fhreagra ar an iarraidh sin, sholáthair FSS fianaise á léiriú go raibh na tosca maolaitheacha céanna a measadh a bheith i bhfeidhm sna blianta 2021 agus 2022 fós le brath sa bhliain 2022 agus sa chéad chuid den bhliain 2023. Is iad na tosca maolaitheacha sin ná an cur isteach gan fasach a d'eascair as paindéim COVID-19 agus as an gcibirionsaí. Sa chomhthéacs sin, tar éis dó an freagra ó FSS a athbhreithniú, chinn an tÚdarás nach n-eiseodh sé dréachtchinnéadh go raibh neamhchomhlíonadh ann don tréimhse dhá bhliain sin.

Thug ÚNM dá aire go bhfuil FSS ar ais i ngnáthsheirbhís anois. Chuireamar in iúl do FSS nach measfaí paindéim COVID-19 ná an cibirionsaí a thuilleadh mar thosca maolaitheacha a d'fhéadfadh cosc a chur ar an gcomhlacht poiblí sin an íos-sprioc reachtúil fostaíochta a bhaint amach.

Tá ÚNM i mbun caidreamh leanúnach a dhéanamh ón mbliain 2020 i leith le foireann ainmnithe in FSS chun cabhrú leis an gcomhlacht poiblí sin feabhas a chur ar a fheidhmíocht faoi Chuid 5.

Iarrataí alt 49 do na blianta 2023 agus 2024

Faoi alt 49 den Acht um Míchumas 2005, féadfaidh ÚNM tuilleadh faisnéise a iarraidh ó chomhlachtaí poiblí nár bhain an íos-sprioc reachtúil feidhmíochta amach le dhá bhliain as a chéile. Athbhreithníonn ÚNM an fhaisnéis sin chun a chinneadh an bhfuil comhlacht poiblí comhlíontach faoi Chuid 5 nó nach bhfuil.

Sna blianta 2023 agus 2024, níor bhain na comhlachtaí poiblí seo a leanas an íos-sprioc reachtúil fostaíochta amach don dá bhliain chomhleanúnacha sin:

- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)
- Údarás Eitlíochta na hÉireann
- Rásaíocht Con Éireann
- Údarás na Gaeltachta

I mí na Samhna 2025, sheol ÚNM iarrataí alt 49 chuig na comhlachtaí poiblí sin don tréimhse dhá bhliain sin. Tá trí mhí ag comhlachtaí poiblí chun freagra a thabhairt. Is é ráithe a haon den bhliain 2026 an spriocdháta le haghaidh a gcuid freagraí a fháil.

Cód Cleachtais maidir le Láithreáin Oidhreacht Inrochtana

Sa bhliain 2025, chuir ÚNM tús le hobair le hathbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar [Ionstraim Reachtúil Uimh. 484 de 2011 – an Cód Cleachtais maidir le Láithreáin Oidhreacht Inrochtana](#). Chun eolas a dhéanamh don obair sin, bhuailomar le comhghleacaithe ó Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW), ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht agus ó údarais áitiúla, agus thugamar cuairt ar láithreáin oidhreacht éagsúla i roinnt contaetha. Mar thoradh ar ár bplé le geallsealbhóirí, thugamar tús áite

do thionscnaimh múscaillte feasachta agus oiliúna thar aon athbhreithniú ar an gcód, a mheasaimid a bheidh ag tarlú i gcomhthráth le gníomhaíochtaí maidir le hathbhreithniú ar I.R. Uimh. 163 de 2006/An Cód Cleachtais maidir le hInrochtaineacht Seirbhísí Poiblí agus Faisnéise a Chuireann Comhlachtaí Poiblí ar Fáil.

Measúnú agus meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn ar straitéisí agus cláir náisiúnta a chur chun feidhme chun treoir a sholáthar maidir le conas cearta daoine faoi mhíchumas a chomhlíonadh ina n-iomláine

Athbhreithniú ar Shamhail Seirbhíse na bhFoirne Líonra Míchumais Leanaí

Choimisiúnaigh an FSS ÚNM chun athbhreithniú a dhéanamh ar shamhail seirbhíse na Foirne Líonra Míchumais Leanaí (CDNT) mar a leagtar amach faoi ghníomh 2.17 sa [Treochlár um Fheabhsú Seirbhíse 2023-2026: Seirbhísí Míchumais do Leanaí agus do Dhaoine Óga](#).

Is é is Seirbhísí Míchumais a Chur ar Aghaidh (PDS) ann ná chun seirbhísí cúram sláinte agus cúraim shóisialta a athchumrú do leanaí a bhfuil riachtanais chasta orthu a eascraíonn as míchumas nó as míchumais iomadúla in Éirinn. Mar thoradh ar an glár athchumraithe sin, cruthaíodh an tsamhail seirbhíse nua CDNT.

Ba é sin an chéad athbhreithniú foirmiúil cuimsitheach a rinneadh ar fud na tíre ar oibriú shamhail seirbhíse CDNT ó uair a bunaithe i leith. Tar éis obair phleanála agus ullmhúcháin a rinneadh sa bhliain 2024, cuireadh tús go foirmiúil leis an athbhreithniú i dtús na bliana 2025. Sa phlean tionscadail, roinneadh an t-athbhreithniú i dtrí chuid a bhí le bheith déanta ag an aon am amháin, mar atá leagtha amach thíos. Thacaigh grúpa comhairleach agus grúpa stiúrtha leis an athbhreithniú a bhí dírithe ar Chodanna 1 agus 2 agus bhí grúpa stiúrtha ar leith ann do Chuid 3.

Cuid 1

Ba é aidhm Chuid 1 ná a shainaithint cé na nithe a bhfuil ag éirí go maith leo agus cé na nithe nach bhfuil ag éirí chomh maith sin leo laistigh de shamhail seirbhíse CDNT, go háirithe maidir lena 12 phrionsabal agus le prionsabal breise maidir le Bainistíocht agus Ceannaireacht. Is iad seo a leanas na prionsabail:

- Rialachas agus Cuntasacht
- Rialachas cliniciúil agus cleachtas fianaisebhunaithe
- Cleachtas atá Dírithe ar an Teaghlach
- Riachtanas a shainaithint go luath
- Measúnú ar thorthaí
- Cothromas rochtana
- An inrochtaineacht
- Go bhfuil meas ar bhail foirne agus urraim dóibh
- Samhail bhith-shíceasóisialta
- Inniúlacht chultúrtha
- Cuimsiú
- Foirne idirdhisciplíneacha
- Bainistíocht agus Ceannaireacht

Bailíodh sonraí trí shuirbhéanna, agallaimh, fócasghrúpaí agus aighneachtaí i scríbhinn ó theaghlaigh, ó leanaí agus ó dhaoine óga, ó bhaill foirne, ó bhainisteoirí CDNT, ó bhaill foirne eile de chuid FSS agus ó raon leathan geallsealbhóirí eile. Rinneadh anailís fhairsting agus cuireadh an phríomhthuarascáil faoi bhráid FSS agus RLMC go déanach i mí na Nollag 2025.

Tugtar le fios sna fionnachtana go bhfuil córas casta ann ina bhfuil roinnt saincheistean na oidhreacht a théann i bhfeidhm ar sholáthar seirbhíse. Cé go bhfuil roinnt feabhsuithe déanta nó ar siúl agus go bhfuil an líon ball foirne ag méadú, tá míshástacht fós i measc go leor teaghlach toisc nach bhfuil seirbhís á fáil acu nó toisc go measann siad go bhfuil an tseirbhís neamh-leordhóthanach. Bhí an fhoireann agus na bainisteoirí tiomanta do fhreastal ar riachtanais leanaí faoi mhíchumas agus a dteaghlaigh ach bhí bac orthu mar gheall ar an ualach oibre. Áirítear roinnt moltaí leis an tuarascáil, agus pléifear iad sin le FSS agus le RLMC sna míonna tosaigh den bhliain 2026.

Tá roinnt tuarascálacha forlíontacha á gcur le chéile maidir le grúpaí éagsúla geallsealbhóirí a chuirfear isteach sna míonna tosaigh den bhliain 2026.

Cuid 2

Ba é aidhm Chuid 2 ná ualach oibre barmhaith na foirne a dhéanamh amach chomh maith le cumrú barmhaith foirne a dhéanamh amach chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht na n-oibríochtaí a uasmhéadú. Tionóladh dhá chruinniú de shainghrúpa tagartha chun an tionscadal a threorú. Forbraíodh bunachar sonraí ina gcomhcheanglaítear soláthar foirne CDNT, méadraigh mhíosúla CDNT, agus sonraí Atlas Sláinte lena n-áirítear sonraí daonra atá bunaithe ar Dhaonáireamh 2022 agus sonraí díothachta. Rinneadh anailís ar na sonraí sin chun scrúdú a dhéanamh ar an ualach oibre barmhaith ach bhí méid na hanailíse a bhí indéanta faoi shrian ag na sonraí a bhí ar fáil.

Cuireadh tuarascáil faoi bhráid FSS agus RLMC go déanach sa bhliain 2025 agus measann ÚNM go mbeidh gá le tuilleadh anailíse chun go mbeidh sonraí láidir go leor ann chun eolas a dhéanamh don líon foirne agus don chumrú do CDNTanna.

Cuid 3

Ba é aidhm Chuid 3 ná meastóireacht ghairid a dhéanamh ar an treoirscéim do thacaíochtaí teiripe breisithe ionscoile. Gné amháin d'athchumrú na seirbhísí a tharla faoi choimirce PDS ná cumasc na hoibre gairmiúla cúram sláinte agus cúraim shóisialta i scoileanna speisialta leis na foirne míchumais pobail áitiúil. Rinneadh é sin ar mhaithe le cothromas rochtana ar sheirbhísí a mhéadú agus le samhail seirbhíse chuíchóirithe amháin a chruthú ar fud na tíre. Mar sin féin, bhí roinnt geallsealbhóirí, amhail tuismitheoirí nó múinteoirí a bhí ceangailte le roinnt scoileanna, míshásta leis an athrú sin. Chreid na geallsealbhóirí sin go bhfuair leanaí sna scoileanna sin níos lú tacaíochta faoi shamhail seirbhíse CDNT ná mar a fuair siad roimh an athchumrú.

I mí Lúnasa 2024, d'fhógair an rialtas, dá bhrí sin, go gcuirfí tús le treoirscéim do thacaíochtaí breisithe i sé scoil speisialta i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh i mí Mheán Fómhair 2024. Thugamar cuairt ar chúig cinn de na sé scoil a bhí páirteach sa treoirscéim, agus chuireamar agallamh ar líne ar bhaill foirne ón séú scoil. Cuireadh agallamh ar theiripeoir scoilbhunaithe, ar an bpríomhoide nó ar mhúinteoir, ar thuismitheoir agus ar bhall foirne ón CDNT áitiúil do gach scoil.

Fuarthas amach sa mheastóireacht go raibh frustrachas i measc na ngeallsealbhóirí uile toisc go raibh an chumarsáid faoin treoirionscadal teoranta. Bhraith siad easpa trédhearcachta sa chinnteoireacht maidir le roinnt gnéithe den tionscnamh. Ba chosúil go raibh dícheangal ann, in amanna, idir dearchtaí tuismitheoirí agus dearchtaí scoile maidir leis an méid a bhí mar aidhm ag an treoirscéim a bhaint amach agus an méid a iarradh ar theiripeoirí agus ar CDNTanna a dhéanamh, rud a chruthaigh roinnt teannais. Rinneadh roinnt moltaí chun eolas a dhéanamh do na chéad chéimeanna eile maidir le teiripí a sholáthar i scoileanna.

Comhroinneadh tuarascáil an mheasúnaithe le FSS agus le RLMC i mí Iúil 2025. Tá ÚNM ag obair ar roinnt leasuithe a iarradh. Baineadh úsáid as an tuarascáil chun eolas a dhéanamh d'fhorbairt Scéim nua Teiripe Oideachais atá á cur i bhfeidhm faoi láthair ag an Roinn Oideachais i 45 scoil speisialta.

Athbhreithnithe litríochta

Cuireadh seacht n-athbhreithniú litríochta i gcrích chun bonn eolais a chur faoin tionscadal meastóireachta, mar a liostaítear thíos. Nuair a bhain sé le hábhar, cuireadh na fionnachtana san áireamh sna trí thuarascáil thuas. Tá athbhreithniú litríochta ar siúl fós ar chumrú seirbhísí míchumais do leanaí i ndlínsí eile.

1. [Athbhreithniú litríochta ar ualaí cuí cásanna agus oibre a chinneadh d'Fhoirne Líonra Míchumais Leanaí](#)
2. [Athbhreithniú litríochta ar ríomh mhinicíocht agus dhéine bharrmhaith na hidirghabhála teiripí laistigh de sheirbhísí míchumais do leanaí](#)
3. [Athbhreithniú litríochta ar bheartú tosaíochta na n-atreoruithe i bhfoirne idirdhisciplíneacha](#)
4. [Athbhreithniú litríochta ar inniúlachtaí neamhchliniciúla agus ar an meascán scileanna a theastaíonn ó fhoirne idirdhisciplíneacha a thacaíonn le leanaí a bhfuil míchumas orthu](#)
5. [Athbhreithniú litríochta ar an bhfianaise maidir le foirne idirdhisciplíneacha i seirbhísí pobalbhunaithe](#)
6. [Athbhreithniú litríochta ar an bhfianaise maidir le haistriú cúraimí chuig teiripeoirí cúnta i seirbhísí cúram sláinte](#)
7. [Athbhreithniú litríochta ar an bhfianaise maidir le cleachtas atá dírithe ar an teaghlach laistigh de sheirbhísí míchumais do leanaí](#)

Buiséid phearsantaithe

D'fhoilsigh an Roinn Sláinte an tuarascáil ón Tascfhórsa ar Bhuiséid Phearsantaithe dar teideal [I dTreo Buiséad Pearsantaithe do Dhaoine faoi Mhíchumas in Éirinn](#), i mí Iúil 2018. Moladh sa tuarascáil ón Tascfhórsa gur cheart don Roinn Sláinte agus do FSS tionscadail taispeána a bhunú chun an soláthar buiséad pearsantaithe a thástáil i gcomhthéacs na hÉireann d'fhonn teacht ar an gcur chuige is fearr i leith na samhlacha sin a chur i bhfeidhm ar bhonn níos leithne tar éis na céime taispeána tosaigh.

Déantar cur síos sa Tuarascáil ón Tascfhórsa ar bhuiséad pearsantaithe mar a leanas:

“...méid cistiúcháin a leithdháileann comhlacht stáit ar dhuine aonair ionas gur féidir leis an duine sin a shocruithe féin a dhéanamh chun freastal ar riachtanais shonraithe tacaíochta, in ionad a sheirbhísí a bheith á bhfáil aige go díreach ón Stát”.

D’fhorbair FSS plean cur chun feidhme agus bhunaigh sé an Tionscadal Taispeána Buiséad Pearsantaithe ag deireadh na bliana 2019. Bhunaigh an Roinn Sláinte Grúpa Formhaoirseachta BP (rud atá faoi chathaoirleacht na Roinne Sláinte agus a bhfuil FSS agus ÚNM ag fónamh ann i gcáil chomhairleach) do na Tionscadail Taispeána sa bhliain 2019 freisin.

D’iarr an Roinn Sláinte ar ÚNM meastóireacht a bhainistiú ar an Tionscadal Taispeána Buiséad Pearsantaithe. Ina dhiaidh sin, aistríodh sainseirbhísí míchumais ón Roinn Sláinte chuig an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais anois).

D’fhorbair ÚNM plean meastóireachta sa bhliain 2020. Mar chuid den mheastóireacht sin, choimisiúnaigh ÚNM ACE Communication chun tacú leis an meastóireacht sin mar gheall ar a shaineolas maidir le tacaíocht a thabhairt do dhaoine a bhfuil riachtanais chumarsáide éagsúla acu. Sa bhliain 2024, ós rud é go raibh moill an-suntasach ar thús na hoibre allamuigh don mheasúnú, mar gheall ar an ráta mall daoine a bhí ag aistriú go buiséad pearsantaithe, chuir ÚNM dearadh measúnaithe athbhreithnithe i láthair ar cheadaigh RLMC é ag deireadh na bliana 2024. Iarradh agus fuarthas ceadú eiticiúil athbhreithnithe, agus tosaíodh ar bhailiú sonraí i lár na bliana 2025.

Bhí 45 shealbhóir buiséid ann tráth an mheasúnaithe agus ghlac 18 nduine díobh, agus/nó a dteaghlach, páirt in agallaimh. Ghlac foireann na hOifige Tionscadail, baill foirne iomchuí eile de chuid FSS agus geallsealbhóirí seachtracha éagsúla páirt iontu freisin. Sheol FSS sonraí riaracháin a bhaineann le lucht na mbuiséad ina raibh roinnt faisnéise faoi phleananna pearsanta agus mionsonraí faoi chaiteachas.

Bunaíodh grúpa comhairleach chun comhairle a thabhairt maidir leis an measúnú a chuimsigh baill d'Eagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas (DPOna), eagraíochtaí tathanta míchumais agus daoine aonair a bhfuil taithí phearsanta acu ar bhuiséad pearsantaithe a fháil (ach nach raibh páirteach sa Tionscadal Taispeána).

Tugadh le fios sa mheastóireacht gur mhothaigh na rannpháirtithe go léir a fuair buiséad pearsantaithe gur thug sé sin tuilleadh roghanna agus smachta dóibh ina saol. Thug siad tuairimí measctha faoin bpróiseas chun buiséad pearsantaithe a fháil. Thuairiscigh roinnt daoine tacaíocht mhaith ón Oifig Náisiúnta agus próiseas measartha éasca, agus thuairiscigh roinnt daoine go raibh an próiseas an-dúshlánach agus nach bhfuair siad ach beagán tacaíochta. Cuirfear an tuarascáil deiridh faoi bhráid FSS agus na Roinne Leanaí, Míchumais agus Comhionannais sna míonna tosaigh den bhliain 2026, agus leagfar amach inti roinnt moltaí maidir le conas a d'fhéadfaí córas nua le haghaidh buiséid phearsantaithe a fhorbairt.

Rinneadh athbhreithniú idirnáisiúnta litríochta freisin inar díríodh ar fhoghlaím ó chláir agus ó chleachtais buiséid phearsantaithe ar fud deich ndlínse. Rinne na fionnachtana ón athbhreithniú eolas don mheastóireacht.

An Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta

Cur chuige uile-rialtais deich mbliana chun torthaí fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas a fheabhsú a bhí sa Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta (CES) do Dhaoine faoi Míchumas. Sna míonna tosaigh den bhliain 2025, d'fhoilsigh ÚNM [athbhreithniú deireadh straitéise](#).

Léiríodh san athbhreithniú, thar thréimhse feidhme an CES, gur cuireadh roinnt forbairtí dearfacha i gcrích i réimsí éagsúla, lena n-áirítear san oideachas agus i bhforbairt scileanna agus maidir le roinnt tacaíochtaí fostaíochta. Fuarthas go raibh roinnt bearnaí agus dúshlán ann fós, áfach, lena n-áirítear maidir leis an mbearna leanúnach fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas in Éirinn agus teorainneacha maidir le gairmthreoir chuí d'fhoghlaimeoirí áirithe a bhfuil míchumas orthu, bearnaí san fhostaíocht faoi thacaíocht, agus fadhbanna le comhordú agus cur i bhfeidhm na straitéise. Is ar áireamh sa tuarascáil atá ceachtanna foghlamtha le haghaidh straitéisí náisiúnta amach anseo lena n-áirítear díriú ar fhostú daoine faoi mhíchumas.

Tá ag an Straitéis Náisiúnta nua um Chearta an Duine do Dhaoine faoi Míchumas colún a bhaineann leis an bhfostaíocht go háirithe agus lena gcoinneofar díriú ar an réimse tábhachtach sin.

Bonn láidir fianaise a sholáthar chun bonn eolais a chur faoi chur chun feidhme agus tuairisciú ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, lena n-áirítear bearnaí sonraí a shainaithint agus deiseanna a thapú chun faisnéis nua a bhailiú

Suirbhé Náisiúnta Míchumais

Tá ÚNM ag obair go gníomhach le roinnt blianta anuas ar chás a chur le chéile ar son Suirbhé Náisiúnta Míchumais. Rinne an Phríomh-Oifig Staidrimh suirbhé den sórt sin sa bhliain 2006 tar éis Dhaonáireamh 2006. Soláthraíodh leis an suirbhé sin faisnéis dhomhain faoi shaol agus riachtanais daoine aonair a bhfuil míchumas orthu agus faoi na deacrachtaí atá le sárú acu, agus úsáidtear é go fóill chun bonn eolais a chur faoi bheartas.

Áirítear leis an [Straitéis Náisiúnta um Chearta an Duine do Dhaoine faoi Míchumas 2025-2030](#), gealltanas chun Suirbhé Náisiúnta Míchumais a dhéanamh tar éis Dhaonáireamh 2027. Tá planáil don suirbhé ar siúl faoi láthair agus tá an Phríomh-Oifig Staidrimh agus an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais (RLMC) á stiúradh. D'iarr RLMC ar ÚNM comhairliúchán a stiúradh le hEagraíochtaí do Dhaoine faoi Míchumas, le daoine faoi mhíchumas, le geallsealbhóirí sochaí sibhialta, le geallsealbhóirí acadúla agus le geallsealbhóirí iomchuí eile ar phointí a bhí le cur san áireamh i suirbhé den sórt sin. Rinneadh an obair sin sna míonna deiridh den bhliain 2024 agus sna míonna tosaigh den bhliain 2025. Bhí rannpháirtíocht mhaith ann sa chomhairliúchán, agus chuir ÚNM tuarascáil comhairliúcháin faoi bhráid RLMC, rud a chabhraigh le bonn eolais a chur faoi pharaiméadair an tsuirbhé.

Fónann ÚNM ar an ngrúpa stiúrtha foriomlán don suirbhé agus ar gach ceann de na cúig fhoghrúpa a bunaíodh chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt na modúl suirbhé (fostaíocht, iompar, teicneolaíocht chúnta, uathachas agus néara-éagsúlacht, agus grúpa topaicí ginearálta). Tá ÚNM ag leanúint ar aghaidh ag obair leis an bPríomh-Oifig Staidrimh agus le RLMC, agus é ag soláthar comhairle nuair is iomchuí, agus tá sé ag tnúth leis an suirbhé a bheith á thriail sa bhliain 2026.

Páipéar maidir le leitheadúlacht an uathachais

Bhí roinnt ceanglas ar ÚNM faoin [Straitéis Nuálaíochta Uathachais](#). Ba é Gníomh 80 ná scrúdú a dhéanamh ar a mhéid a d'fhéadfadh foinsí sonraí agus modhanna sonraí atá ann cheana meastachán iontaofa a sholáthar ar leitheadúlacht an uathachais in Éirinn. Bhí an t-athbhreithniú sin faoi stiúir ÚNM le tacaíocht ó RLMC, ón bPríomh-Oifig Staidrimh agus ón mBord Taighde Sláinte, agus cuimsíodh ann aiseolas ó gheallsealbhóirí uathachais agus ó chomhlachtaí poiblí.

Fuarthas amach san anailís gurb amhlaidh, i gcomhthéacs na hÉireann, nach foirfe atá aon fhoinsé sonraí nó aon chur chuige modheolaíoch chun leitheadúlacht an uathachais a thomhas. Tá a chuid láidreachtaí agus laigí féin ag gach ceann acu. Tugtar le fios sna fionnachtana go bhfuil údar le cur chuige il-chomhpháirte a ghlacadh chun meastachán a dhéanamh ar leitheadúlacht an uathachais.

D'fhéadfadh an Suirbhé Náisiúnta Míchumais atá beartaithe agus Suirbhé Sláinte na hÉireann a bheith ina sásra cuí trína bhféadfaí meastachán náisiúnta leitheadúlachta a fhiosrú. D'fhéadfadh sé a bheith tairbheach freisin ról an Chórais Náisiúnta Tacaíochtaí Cumais a fhiosrú chun níos mó sonraí uathachais a ghabháil le himeacht ama. San fhadtearma, d'fhéadfadh bunú an Chomhlachta Rochtana Sonraí Sláinte sonraí a sholáthar chun tacú le léargais shaibhre ar an réimse sin. Foilsíodh an tuarascáil i mí Mheán Fómhair agus tá sí ar fáil [ar ár suíomh Gréasáin](#).

Faireachán atá dírithe ar thorthaí ar Threonna Nua

Tá ÚNM ag tacú le FSS córas faireacháin atá dírithe ar thorthaí a dhearadh agus a fhorbairt, chun tacú le cur chun feidhme seirbhísí lae d'aosaigh Treonna Nua, bunaithe ar na Caighdeáin do Threonna Nua. Tá an córas faireacháin á chomhdhearadh le geallsealbhóirí iomchuí trí phróiseas deartha atriallach. Rinneadh an chéad chéim den triail chun an córas faireacháin a chomhdhearadh ar fud mhí Aibreáin, mhí na Bealtaine agus mhí an Mheithimh 2025. Is é atá i gceist leis an triail ná ionchur na ndaoine a fhreastalaíonn ar sheirbhísí lae chun an córas faireacháin a fhorbairt. Díríodh sa chéad triail ar bhailiú faisnéise mar chuid de chleachtadh deisce roimh chuairt agus le linn na cuairte araon.

Ó chlé go deas: Clare Walsh, Jack Kenny, Martina Lanigan (FSS), Deirdre Nally (ÚNM) agus iad ag Comhdháil Comhpháirtíochta Othar agus Pobail Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, 2025



I gcasadh nua do FSS, thacaigh ÚNM freisin le measúnóirí a bhfuil taithí fíorshaoil acu a chur ar na foirne faireacháin. Mar chuid de sin, earcaíodh agus oileadh daoine a fhreastalaíonn ar sheirbhísí lae chun páirt a ghlacadh i bhfaireachán ar ionaid eile. Comhroinneadh an cur chuige sin go forleathan trí láithreoireachtaí ag comhdhálacha agus trí phodchraoladh.

Bailíodh aiseolas ón gcéad chéim den triail ó dhaoine a fuair tacaíocht, ó mheasúnóirí agus ó sholáthraithe seirbhíse agus úsáidfear é chun eolas a dhéanamh d'fheabhsúcháin ar an dara céim agus ar an tríú céim sa bhliain 2026. Déanfaidh ÚNM tuarascáil meastóireachta ar an tríú céim sa bhliain 2026. Leanann ÚNM de bheith ag tacú le FSS chun scrúdú a dhéanamh ar chineálacha chuige lena leabófar an córas faireacháin sin i gcórais reatha FSS amach anseo.

Comhairle agus treoir a sholáthar chun idirchaidreamh a dhéanamh le comhlachtaí poiblí mar chara riachtanach ar mhaithe le feabhsuithe a bhaint amach

Oiliúint míchumais agus uathachais a choimisiúnú

Is é atá i nGníomh 6 den [Straitéis Nuálaíochta Uathachais](#) ná treoirdhoiciméad comhleanúnach dea-chleachtais a fhorbairt, ina leagtar amach cur chuige néara-dheimhnitheach i leith oiliúint uathachais san earnáil phoiblí. Sannadh an gníomh sin do ÚNM. I bplé le RLMC, comhaontaíodh go bhforbródh ÚNM, de bhreis ar treoirdhoiciméad a dhíríonn ar oiliúint uathachais, treoirdhoiciméad ginearálta oiliúna míchumais freisin, rud a d'fhágfadh foilseachán roimhe seo de chuid ÚNM ón mbliain 2005 cothrom le dáta. Is é aidhm na ndoiciméad sin ná tacú le lucht coimisiúnaithe oiliúna míchumais agus uathachais san earnáil phoiblí chun oiliúint chuí a fháil dá bhfoireann, bunaithe ar dhea-chleachtas. Tugadh cuireadh d'Eagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas (DPOнна) dul i gcomhairle maidir le hábhar na ndoiciméad roimh dhréachtú agus aiseolas a thabhairt ar an leagan a cheadaigh an tÚdarás. Iarradh aiseolas freisin ó chomhlachtaí poiblí éagsúla.

Príomhphointe ar leag DPOнна béim air ba ea go soláthródh daoine a bhfuil taithí fíorshaoil acu an oiliúint. Tugtar achoimre sna treoirdhoiciméid seo ar conas is féidir é sin a dhéanamh ar aon dul le cleachtais soláthair na hearnála poiblí, agus tugtar faoi deara gurbh fhéidir nach mbeifí in ann é sin a dhéanamh i gcónaí. Leagadh béim iontu freisin ar an gceanglas go gcaithfidh an oiliúint a bheith dírithe ar an gcomhionannas agus go gcaithfidh sí dul níos faide ná oiliúint shimplí feasachta. Léirítear sna doiciméid na hathruithe suntasacha reachtacha agus beartais ón mbliain 2005 i leith, lena n-áirítear an Treoir maidir le hInrochtaineacht Gréasáin, an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht, UNCRPD, an Dualgas Earnála Poiblí, agus forbairtí ar an gcaint a bhaineann le míchumas agus le huathachas.

Clúdaítear sna doiciméid cuspóir, cineál agus soláthar na hoiliúna chomh maith le measúnú uirthi. Foilsíodh na teoracha ar leith maidir le [míchumas](#) agus maidir le [huathachas](#) i dtús na bliana 2026. Tá sé i gceist go gcuirfidh siad leis na beartais agus spriocanna inmheánacha atá ag comhlacht poiblí cheana féin, agus gur féidir iad a úsáid i dteannta [Mhodúl Ríomhfhoghlama athbhreithnithe ÚNM ar Oiliúint Feasachta ar Mhíchumas](#) a foilsíodh sna míonna tosaigh den bhliain 2026.

Treoir do Ghairmithe Ceartais

TLe linn na bliana 2025, d'fhoilsigh ÚNM leagan nuashonraithe den [Treoir do Ghairmithe Ceartais maidir le Cumarsáid Éifeachtach le Daoine Uathacha](#) uaidh. Leis an obair sin, nuashonraítear an treoir bhunaidh ón mbliain 2018 agus cuirtear Gníomh 57 den [Straitéis Nuálaíochta Uathachais 2024–2026](#) chun feidhme.

Tugtar treoir sa doiciméad dóibh siúd atá ag obair i gcóras an cheartais shibhialta agus choiriúil maidir le conas cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le daoine uathacha a bhféadfadh siad bualadh leo nó a bheith ag plé leo le linn a gcuid oibre, agus conas tacú leo. Áirítear leo sin comhaltaí an Gharda Síochána agus oifigigh atá ag obair sa tSeirbhís Chúirteanna, i Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus sa tSeirbhís Phromhaidh, chomh maith leis na breithiúna agus baill de ghairm an dlí amhail aturnaetha agus abhcóidí.


Chuaigh ÚNM i gcomhairle le roinnt eagraíochtaí, lena áiríodh eagraíochtaí a thacaíonn le daoine a bhfuil uathachas orthu agus a dhéanann tathant thar a gceann, comhlachtaí poiblí, agus saineolaithe i bhforbairt na treorach nuashonraithe. Cuimsítear ann freisin samplaí ón bhfíorshaol agus cuntais phearsanta ó dhaoine uathacha, ó bhaill teaghlaigh agus ó ghairmithe ceartais in Éirinn.

Áiteanna oibre cuimsitheacha do Dhaoine Uathacha

Mar chuid de Ghníomh 32 den Straitéis Nuálaíochta Uathachais, d'fhorbair ÚNM [Athbhreithniú ar na hacmhainní atá ar fáil chun tacú le fostóirí áiteanna oibre atá oiriúnach don uathachas a chruthú](#). Liostaítear ann oiliúint, foilseacháin, tacaíochtaí, seirbhísí agus acmhainní eile atá ann cheana, chomh maith le bearnaí a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint atá ábhartha chun tacú le daoine uathacha agus lena bhfostóirí san áit oibre. Tá formhór na n-acmhainní sin ábhartha freisin maidir le tacú le fostaithe néara-éagsúla.

Athbhreithniú ar na hacmhainní atá ar fáil chun tacú le fostóirí áiteanna oibre atá oiriúnach don uathachas a chruthú

Chuaigh ÚNM i gcomhairle le roinnt eagraíochtaí le linn fhorbairt an athbhreithnithe sin. Áiríodh leo sin DPOanna, eagraíochtaí a thacaíonn le daoine uathacha agus a dhéanann tathant thar a gceann, grúpaí fostóirí, agus saineolaithe.



Tosaíocht

Straitéiseach

3



Tosaíocht Straitéiseach 3

“Leanúint le glacadh agus cur i bhfeidhm cur chuige Deartha Uilíoch a chur chun cinn ar fud na n-earnálacha uile”

Leanúint le feachtas agus tuiscint a chothú ar Dhearadh Uilíoch agus ar na prionsabail agus na treoirleáir lena mbuntacaítear leis

Oiliúint Aoisbhá Éireann ar Thithíocht agus Ríocht Phoiblí Aoisbhách

Chuaigh an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch (CEUD), atá mar chuid den Údarás Náisiúnta Míchumais, i gcomhpháirt le hAoisbhá Éireann chun oiliúint a chur ar chleachtóirí tithíochta a chabhraíonn le soláthar tithíochta sóisialta don rialtas áitiúil. Dhá cheardlann a bhí san oiliúint agus chuir CEUD oiliúint ar fáil maidir le Dearadh Uilíoch, lena áiríodh an Seicliosta Leagain Amach Inmheánaigh do Thithe Deartha Uilíoch. Bhí na seisiúin oiliúna sin ann chun gairmithe údarais áitiúil a chur ar an eolas faoi na buntáistí a bhaineann leis an Dearadh Uilíoch a chur i bhfeidhm agus faoin treoir tacaíochta a d’fhorbair CEUD agus Aoisbhá Éireann le chéile.

Tuarascálacha ar Iniúchtaí Insiúltachta

Sa bhliain 2025, rinne foireann CEUD, i gcomhar le hAoisbhá Éireann (AFI), anailís agus comhtháthú ar 48 dtuarascáil iniúcháir insiúltachta a rinne AFI ina raibh daoine a bhfuil míchumas orthu agus daoine scothaosta ar fud na tíre páirteach. Tarraingíodh aird sna Torthaí ar na heispéiris dhearfacha chomh maith leis na bacainní a bhíonn ar dhaoine ina bpobail áitiúla. Cheadaigh AFI agus Bord ÚNM araon an [tuarascáil deiridh](#), agus foilsíodh í i mí an Mhárta 2025.

Imeachtaí AccessibleEU

Tá AccessibleEU ar cheann de na tionscnaimh shuaitheanta a mholtar i Straitéis an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030. Is lárionad acmhainní don inrochtaineacht é a oibríonn ar réimsí amhail an timpeallacht thógtha, an t-iompar, agus teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun rannpháirtíocht daoine a bhfuil míchumas orthu i ngach réimse den saol a chinntiú ar bhonn comhionann le daoine eile. Mar chuid dá n-oibleagáidí mar Shaineolaí Náisiúnta na hÉireann i gcuibhreannas AccessibleEU, reáchtáil CEUD trí imeacht le linn na bliana 2025 chun Dearadh Uilíoch agus rannpháirtíocht a chur chun cinn.

Lógó AccessibleEU



Imeacht a hAon:

I mí an Mheithimh, reáchtáil CEUD, i gcomhar le hOllscoil na Gaillimhe agus le AccessibleEU, ceardlann ina raibh trí phlé painéil idirghníomhacha. Cuireadh an t-imeacht ar an láthair seo ar siúl ar champas Ollscoil na Gaillimhe mar imeacht réamh-chomhdhála de chuid an European Access Network (EAN). Iarradh sa cheardlann sin go mbeadh an Dearadh Uilíoch ina inniúlacht ceannaireachta riachtanach, rud a leabódh an Dearadh Uilíoch i gcritéir cistiúcháin taighde, a chruthódh eispéiris spráíúla chumhachtaithe neamhchomharthacha agus béim láidir ar fhreagracht chomhroinnte agus ar chomhordú ar leibhéal an chórais ar fud institiúidí, an rialtais agus na sochaí sibhialta. Cuid lárnach den imeacht seo a bhí i 'bpainéal na mac léinn', inar léiríodh eispéiris fíorshaoil na mac léinn a bhfuil míchumas orthu, agus iad ag dul i ngleic le gach gné de shaol an mhic léinn.

Ó chlé go deas: Donal Fitzpatrick (ÚNM), Naomi Oldenburg (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann), an tOllamh Ciara Meehan (Ollscoil na Gaillimhe), agus an tOllamh Klaus Miesenberger (Ollscoil Linz).



I measc na mórthéamaí agus na mórpointí ón imeacht, bhí:

- Tá an Dearadh Uilíoch dírithe ar dhaoine: Téann sé chun tairbhe do gach duine agus níor cheart breathnú air mar ualach.
- Teastaíonn ceannaireacht, comhtháthú beartas, cistiú, agus oiliúint feasachta chun cuimsiú fiúntach a bhaint amach.
- Is saineolaithe ar a n-eispéireas féin iad na mic léinn: trí rannpháirtíocht fhiúntach a thabhairt dóibh, cruthaítear torthaí níos fearr do chách.
- Tacaíonn leasú measúnaithe agus samhlacha solúbtha soláthair le cuallacht mac léinn níos éagsúla agus laghdaíonn siad inní.
- Tá planáil aistrithe chuig saol na hollscoile agus amach as, go háirithe isteach san fhostaíocht, fós ina mórbhearna.

D'fhreastail breis agus 90 rannpháirtí ó raon leathan institiúidí oideachais air, lenar áiríodh rannpháirtíocht ó mhic léinn ó Ollscoil na Gaillimhe, ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, mar aon le heagraíochtaí náisiúnta amhail Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann.

Imeacht a Dó:


I mí an Mheithimh, sholáthair CEUD, i gcomhar le AHEAD agus le AccessibleEU, ceardlann dhá uair an chloig dar teideal 'The European Accessibility Act is here: What is it and What do I do Now?'

Tugadh achoimre ag an imeacht sin ar cad atá i gceist leis an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht (EAA). Ba í Inmaculada Placencia Porrero ó Choimisiún an Aontais Eorpaigh, a bhí i gceannas ar fhorbairt na reachtaíochta, a d'oscail an cheardlann. Bhí ionchur ann freisin ó oifigigh rialtais na hÉireann, ó rialálaithe, agus ó Phainéal Eispéiris Úsáideoirí.

Ba iad seo a leanas cuspóirí na ceardlainne:

- Geallsealbhóirí éagsúla a thabhairt le chéile a thug dearcthaí éagsúla ar an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht.
- Aird a tharraingt ar na bacainní atá roimh dhaoine a bhfuil míchumas orthu, agus an chaoi a gcabhróidh an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht leis na bacainní sin a shárú a thaispeáint.
- Faisnéis agus treoir atá forbartha ag CEUD a thaispeáint atá ar fáil chun cabhrú le tuiscint a fháil ar an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht, lena n-áirítear a ceanglais inrochtaineachta.

Seimineár Gréasáin ‘The European Accessibility Act is here: What is it and What do I do Now?’



D'fhreastail thart ar 200 rannpháirtí ar an imeacht hibrídeach sin. Ba as Éirinn d'fhormhór na rannpháirtithe ach bhí go leor acu freisin ó gach cearn den Aontas Eorpach.

Imeacht a Trí:

Reáchtáladh an chomhdháil ‘Universally Designed Homes: Housing For All’ an 1 Nollaig in Óstán Gibson i mBaile Átha Cliath. D’eagraigh Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann (IWA), CEUD, Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta (ICSH), agus Aoisbhá Éireann an chomhdháil.

Ba iad spriocanna na comhdhála ná feacht níos fearr a chur chun cinn ar an tábhacht a bhaineann le tithíocht atá deartha go huilíoch. Tháinig príomh-gheallsealbhóirí agus daoine a bhfuil taithí phearsanta acu ar mhíchumas le chéile chun réitigh a fhiosrú agus a phlé maidir le soláthar feabhsaithe tithe a chuireann ar chumas daoine a bhfuil míchumas orthu maireachtáil go neamhspleách.

Bhí sé mar aidhm léi béim a leagan ar thábhacht an Deartha Uilíoch maidir le tithe a chruthú atá inrochtana, inoiriúnaithe, sábháilte agus fáilteach do gach duine, beag beann ar aois agus ar chumas.

Áiríodh iad seo a leanas le spriocanna na comhdhála:

- Feacht agus Caidreamh Náisiúnta: Feacht níos mó i measc an phobail agus geallsealbhóirí ar an ngá atá le tithe Deartha Uilíoch a sholáthar agus ar a thábhachtaí atá sé sin.
- Comhoibriú a neartú idir ranna rialtais, údaráis áitiúla, soláthraithe tithíochta agus DPOnna.
- Eolas feabhsaithe i measc gairmithe (ailtirí, pleanálaithe, forbróirí) faoin Dearthadh Uilíoch agus faoina fheidhm phraiticiúil.
- Aitheantas níos mó don taithí fíorshaoil mar chuid lárnach de dheardadh tithíochta agus de cheapadh beartais.

Foilseofar tuarascáil iar-chomhdhála agus dáilfear í i mí Feabhra 2026.

Ó chlé go deas: Fíonnadh McGonigle (CEUD - ÚNM), Jean Coleman (IWA), Declan Gaffney (Aoisbhá Éireann) agus Catherine McGillicuddy (ICSH) ag an gcomhdháil ‘Universally Designed Homes: Housing for all’



Comhdháil an European Access Network (EAN) i nGaillimh, 10-11 Meitheamh 2025

Ba iad Ionad Rochtana Ollscoil na Gaillimhe agus Oifig Dhéan na Mac Léinn a d’óstáil Comhdháil EAN 2025, i gcomhpháirt le CEUD agus le tacaíocht ó Oifig an Leas-Uachtaráin do Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI).

Ba é príomhaidhm Chomhdháil European Access Network (EAN), 2025, trí phobal a raibh dlúthbhaint acu lena chéile agus a raibh aidhmeanna comhroinnte acu a thabhairt le chéile, pobail a d’fhéadfadh tairbhe a bhaint as ailíniú níos fearr – an pobal rochtana agus leathnaithe rannpháirtíochta, an pobal deartha uilíoch, agus an pobal oideolaíochta agus cleachtais ardoideachais. Aidhm eile a bhí ann ná guthanna na mac léinn ó ghrúpaí faoi ghannionadaíocht a chur i gcroílár gach gné den chomhdháil.

Ba é Cuimsiú trí Dhearadh téama Chomhdháil EAN, 2025, agus bhí trí fho-théama idirghaolmhara ann:

- An Dearadh Uilíoch san Oideachas
- Comhoibriú agus comhpháirtíochtaí maidir le rannpháirtíocht a leathnú
- Féiniúlacht agus muintearas san ardoideachas

Ó chlé go deas: Larry McNutt agus Gerald Craddock (CEUD - ÚNM) agus iad ag Comhdháil European Access Network (EAN)

Bhí breis agus 250 rannpháirtí i láthair ag an gcomhdháil dhá lá. Bhí seastán taispeántais ag CEUD freisin thar an dá lá.



Cur i bhfeidhm an Deartha Uilíoch a spreagadh agus cumas a fhorbairt do nuálaíocht agus cruthaitheacht i bpríomhearnálacha trí idirchaidreamh a dhéanamh le comhlachtaí gairmiúla, go háirithe maidir le cuimsiú ar fud na leibhéal éagsúil den oideachas

Anailís Costais is Tairbhe ar Thithe Deartha Uilíoch

ISa bhliain 2025, cheap ÚNM Indecon Economic and Strategic Consultants chun anailís costais is tairbhe a dhéanamh ar Thithe Deartha Uilíoch, tar éis próiseas iomaíoch tairisceana. Tá an obair sin á déanamh faoi Ghníomh 1.5.5 de Phlean Cur Chun Feidhme na Straitéise Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2022-2027.

Lean ÚNM leis an obair ar roinnt ionchur san anailís costais is tairbhe, lenar áiríodh athbhreithniú costais ar Thithe Deartha Uilíoch i gcomhpháirt le SCSi agus sraith cás-staidéar ar dhlús láithreáin ina measúnaítear an tionchar a bhaineann le Tithe Deartha Uilíoch a chur san áireamh mar chéatadán de theaghaisí i bhforbairtí nua tithíochta.

Reáchtáladh dhá chruinniú de Ghrúpa Comhairleach Teicniúil an tionscadail sa bhliain 2025. Chuaigh ÚNM i dteagmháil freisin leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht mar fhreagra ar a hiarraidh le haghaidh leasuithe ar an modheolaíocht a bhí beartaithe don anailís costais is tairbhe. Tá an obair sin le cur i gcrích sa tríú ráithe den bhliain 2026.

Coincheapa an Dearthá Uilíoch a leabú isteach i ndoiciméid theorach praiticiúla agus i gcaighdeáin theicniúla chun tacú le cur chun feidhme na n-oibleagáidí a bhaineann le hinrochtaineacht agus cuimsiú

Caighdeáin Chomhchuibhithe na hIonstraime Eorpaí um Inrochtaineacht

Is caighdeáin Eorpacha iad caighdeáin chomhchuibhithe a gcruthaíonn Eagraíochtaí Caighdeán Eorpach aitheanta amhail CEN, CENELEC, nó ETSI, iad tar éis iarraidh a fháil ón gCoimisiún Eorpach. Feidhmíonn siad mar threoirlínte praiticiúla nó mar “threoirphleananna” ar féidir le monaróirí agus le hoibritheoirí eacnamaíocha eile iad a úsáid chun a thaispeáint go gcomhlíonann a dtáirgí, a seirbhísí nó a bpróisis na ceanglais bhunriachtanacha de chuid treoracha nó rialacháin ón Aontas Eorpach. Nuair a chomhlíonann táirge na caighdeáin chomhchuibhithe iomchuí, glactar leis go gcomhlíonann sé an reachtaíocht is infheidhme de chuid an Aontais Eorpaigh, rud a shimplíonn comhlíonadh rialála. Cabhraíonn caighdeáin chomhchuibhithe le bacainní trádála a laghdú, le sábháilteacht agus cáilíocht táirgí a chinntiú, agus le creat comhchoiteann comhlíonta a chur ar fáil ar fud an Aontais Eorpaigh. Éascaítear rochtain ar an margadh leo freisin trí chonair shoiléir aitheanta a thabhairt do mhonaróirí chun comhréireacht le dlí an Aontais Eorpaigh a léiriú.

Tá baill foirne ÚNM ag obair ar an gCaighdeán Faisnéise Neamhdhigítí agus ar an gCaighdeán Seirbhíse Tacaíochta, agus déanfar an dá cheann díobh a chomhchuibhiú faoin Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht mar chonair comhlíonta le haghaidh ceanglais áirithe inrochtaineachta. Tá foireann na hIonstraime Eorpaí um Inrochtaineacht ag plé le comhaltaí coistí chun tuairimí a thabhairt ar an dá chaighdeán sin sa bhliain 2025, agus leanfaidh siad den obair sin sa bhliain 2026.

Nuashonrú ar chaighdeán nua ón Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI), mar atá “Dearadh Uilíoch: Teaghaisí, ceanglais agus moltaí”

Tá CEUD ina chathaoirleach ar Ghrúpa Oibre NSAI chun an caighdeán nua Éireannach “Dearadh Uilíoch: Teaghaisí, ceanglais agus moltaí” a fhorbairt.

Mhol an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (RTRÁO) go raibh gá le “hanailís ar bhearnaí” a dhéanamh i gcomhthéacs na ndoiciméad Treorach Teicniúla go léir. Tá tuairimí á réiteach agus á n-athbhreithniú le RTRÁO faoi láthair. Tá sé beartaithe dréachtdoiciméad athbhreithnithe a eisiúint chuig an ngrúpa oibre ag deireadh na chéad ráithe den bhliain 2026 chun ceadú a lorg ón nGrúpa Oibre chun an dréachtdoiciméad a eisiúint le haghaidh fiosrúchán poiblí. Is é an aidhm go mbeidh an caighdeán críochnaithe agus foilsithe sa tríú ráithe nó sa cheathrú ráithe den bhliain 2026.

Treoir agus comhairle a thabhairt maidir le Dearadh Uilíoch réiteach teicneolaíochta chun pobail chuimsitheacha inbhuanaithe a chothú

Aighneacht ó ÚNM chuig an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) maidir leis an bPáipéar Cúlra agus an treoir don chúrsa Ardteistiméireachta i nGrafaic Dhearthra agus Chumarsáide

Reáchtáil CNCM comhairliúchán sa chéad ráithe den bhliain 2025 ar an bpáipéar cúlra agus ar an treoir a d'fhorbair sé roimh an obair ar fhorbairt curaclaim don chúrsa Ardteistiméireachta i nGrafaic Dhearthra agus Chumarsáide. Bhí breithniúcháin ardleibhéil sa treoir a bhí le cur san áireamh ag an nGrúpa Forbartha agus é ag tabhairt faoin obair ar an gcuraclam, lena n-áirítear samhlacha de churaclaim chomhchosúla i dtíortha eile.

Chuir ÚNM aighneacht i gcrích inar leagadh béim ar chineál bunriachtanach an Deartha Uilíoch in oideachas an deartha agus i réimse an deartha, toisc gurb é an pointe lárnach sa pháipéar cúlra ná gur cheart don churaclam don chúrsa Ardteistiméireachta i nGrafaic Dhearthra agus Chumarsáide idirdhealú a dhéanamh idir comhpháirteanna riachtanacha agus comhpháirteanna neamhriachtanacha. Moladh san aighneacht freisin go dtabharfaí Dearadh Uilíoch san Oideachas agus Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim isteach i riar an churaclaim.

Taispeántas Eolaithe Óga agus Teicneolaíochta BT, 2025

Bhí seastán ag an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch (CEUD) ag [Taispeántas Eolaithe Óga agus Teicneolaíochta BT](#) i mí Eanáir 2025 i gCumann Ríoga Bhaile Átha Cliath i mBaile Átha Cliath.

Thar na trí lá, reáchtáil CEUD cluiche darb ainm 'An Cluiche Nasctha' ag an seastán. Sa chluiche sin, bhí ar mhic léinn USC, USB agus seac cluasáin a nascadh isteach i ngléas gan a bheith in ann an gléas ná na cáblaí a fheiceáil toisc go raibh siad i mbosca dúnta. Sular imir siad an cluiche sin, mhínigh baill foirne do na scoláirí an tábhacht a bhaineann le gléasanna/cáblaí a dhearadh ar féidir iad a rochtain, a thuiscint agus a úsáid beag beann ar aois, méid, cumas nó míchumas duine.

Rinneadh idirchaidreamh dearfach freisin le sealbhóirí eile seastáin agus le múinteoirí a bhí ag iarraidh tuilleadh faisnéise a fháil faoi Dhearadh Uilíoch. Bhí cuid de threordhoiciméid CEUD maidir le Dearadh Uilíoch ar taispeánt, agus bhí dhá sheicliosta deartha acu i mbliana freisin a d'fhéadfadh scoláirí a úsáid. Sna seicliostaí sin, tugadh forbhreathnú ar an gcaoi a bhféadfadh scoláirí Dearadh Uilíoch a aithint ina bhfoirgneamh scoile nó ina gcumarsáid scríofa, labhartha nó chomharthaithe.

Déanann an tÚdarás Náisiúnta Míchumais urraíocht ar Ghradam Speisialta ag an taispeántas freisin. Ba í Dana Carney ó Mount St Michael Secondary School i gClár Chlainne Mhuiris, Co. Mhaigh Eo, a bhuaigh an gradam sin. Bhuaigh sí an gradam as a tionscadal 'Secure Hands: Enhancing the efficiency in emergency communications through Irish Sign Language (ISL) in Ireland through the integration of Machine Learning in a mobile app'. Tráth níos déanaí sa chéad ráithe, chuir Dana a tionscadal i láthair do bhaill foirne de chuid ÚNM ag seisiún lóin agus foghlama. Tá sé beartaithe ag Dana leanúint leis an tionscadal a fhorbairt agus é a chur isteach ar chomórtas na nEolaithe Óga 2026.

Scoláirí agus iad ag glacadh páirt ag seastán CEUD ag Taispeántas Eolaithe Óga agus Teicneolaíochta BT



Dana agus í ag cur a tionscadail buaite gradaim i láthair do bhaill foirne de chuid ÚNM

The Problem

While Ireland's emergency services grapple successfully with a wide variety of languages, members of the Irish Deaf Community who communicate exclusively through Irish Sign Language (ISL) are vastly underserved by these life-saving facilities. ISL users are being left in the dark, unable to communicate during dangerous and traumatic situations.

10,000

Irish people communicate exclusively through ISL.

<10%

Of emergency service employees have any knowledge of ISL.

40,000

People can speak ISL worldwide.

Thank you for your time!

I now open the floor to any questions you may have.

Gradaim Mac Léinn an Mhórdhúshláin Deartha Uilíoch, 2025

Déardaoín an 25 Meán Fómhair, chuir mic léinn ó Institiúidí Ardoideachais ar fud na hÉireann a dtionscadail i láthair ag Gradaim Mac Léinn an Mhórdhúshláin Deartha Uilíoch, a bhí ar siúl i Staid Aviva, Baile Átha Cliath.

Lucht an bhabhta ceannais agus iad ar an ardán ag Gradaim Mac Léinn an Mhórdhúshláin Deartha Uilíoch



Tugadh cuireadh don lucht babhta ceannais, do mholtóirí agus do phríomh-ghceallsealbhóirí chuig cuid bhliantúil an líonraithe den imeacht, ‘Buail le Lucht an Bhabhta Ceannais’, rud a thug deis do na mic léinn a dtionscadail a chur i láthair ar bhealach níos mionsonraithe, le fréamhshamhlacha, leabhráin faisnéise agus láithreoireachtaí a bhféadfadh lucht freastail idirghníomhú leo go dlúth agus ceisteanna a chur fúthu.

- Fuair Amy Byrne ó [Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath](#) an Gradam don Timpeallacht Thógtha as a tionscadal: [Flúirse, Ionad Meabhairshláinte agus Folláine i mBaile an Bhiaitaigh, Co. na Mí](#).
- Bronnadh an Gradam TFC ar Shannon Aisling Forde ó [Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan](#) as [Active Ease](#), ardán digiteach atá deartha chun cabhrú le daoine aonair a bhfuil meabhairghalar trom orthu dul i mbun gníomhaíocht fhisiciúil go neamhspleách.
- Bhuaigh Leah Shanahan ón [Scoil Deartha, Ollscoil Luimnigh](#), an gradam sa chatagóir Táirgí agus Seirbhísí as a tionscadal dar teideal [AMY](#), tástáil toirchis atá deartha le bheith inrochtana do chách trí chur chuige trí chéadfa — tadhall, radharc, agus fuaim.
- Bhuaigh Leah Shanahan Gradam Rogha an Phobail freisin lena tionscadal dar teideal [AMY](#), rud a d’fhág ina buaiteoir dúbailte í ar an oíche!
- Bronnadh an Gradam Tráchtálaithe ar [AdjustOmy](#), a chruthaigh Aoife Mitchell, Scott Couch, Glenn O’Sullivan, Natalia Melnicka agus Simone Daranyi ó [Innealtóireacht Bhithleighis, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath](#). Leis an uirlis cheannródaíoch uathu, comhtháthaítear tomhas agus gearradh málaí stóma isteach san aon ghléas simplí inrochtana amháin.

Thug Kevin Horan, príomhchainteoir agus Ceann an Deartha ag an Rannóg Seirbhísí Digiteacha in FSS, láithreoireacht ar Aip nua FSS agus ar Dhearadh Uilíoch i Rannóg Seirbhísí Digiteacha FSS.

Kevin Horan (Rannóg Seirbhísí Digiteacha FSS), Dan Eames (CEUD – ÚNM), Gerald Craddock (CEUD – ÚNM)



Gradaim Céimithe Institiúid na nDearthóirí in Éirinn

Tá CEUD i mbun comhpháirtíochta le [Institiúid na nDearthóirí in Éirinn](#) chun Dearthadh Uilíoch a chur chun cinn i measc an phobail deartha. Dámhann CEUD ‘Gradam Dearthadh Uilíoch’ do dhearthóir is mac léinn i [nGradaim Dearthadh Céimithe Institiúid na nDearthóirí in Éirinn](#) gach bliain. Sa bhliain 2025, cuireadh Gradaim Dearthadh Céimithe Institiúid na nDearthóirí in Éirinn ar siúl i mí Dheireadh Fómhair ag The Architecture Factory ag Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan, Corcaigh.

Rinne moltóirí CEUD athbhreithniú ar bhreis agus 170 iontráil deartha don chatagóir Dearthadh Uilíoch. Roinneadh na hiontrálacha sin idir an Timpeallacht Thógtha, TFC, agus Táirgí agus Seirbhísí.

I mbliana, roghnaigh na moltóirí ‘Comharthaí Dearthadh a Bharrfheabhsú le haghaidh Inrochtaineachta i nDearthadh Comhéadain Úsáideora’ mar bhuaiteoir an ghradam Dearthadh Uilíoch. Bhí an tionscadal sin ina eiseamláir den Dearthadh Uilíoch trí inrochtaineacht a leabú isteach i mbonn córais deartha. Déantar comharthaí deartha a bharrfheabhsú ar bhealach a bhfágann gurb iomasach atá roghanna deartha inrochtana agus a dtugann cumhacht do dhearthóirí eispéiris chuimsitheacha a chruthú go muiníneach. Tá na gnáis ainmniúcháin soiléir, agus laghdaíonn doiciméadú amhaire agus modhanna éagsúla acmhainní ionduchtúcháin na bacainní ar thuiscint. Le tástáil inúsáidteachta, deimhníodh éascaíocht na foghlama agus na torthaí inrochtaineachta intomhaiste.

Create III

Bhí ionadaíocht do CEUD ar an bpainéal measúnaithe don tionscnamh Cooperative Real Engagement for Assistive Technology Enhancement (CREATE) de chuid FSS. Bhí an Comhairleoir Sinsearach sa Dearthadh Digiteach ag CEUD mar chuid den fhoireann measúnaithe agus d'fhreastail sé ar sheisiún athbhreithnithe in Ospidéal an Dr Steevens de chuid FSS chun measúnú a dhéanamh ar iarratais ar dheontais idir €75,000 agus €200,000. Bhain na critéir le tionscadail a dhéanann dea-sholáthar seirbhísí teicneolaíochta cúnta a dhearadh, a thaispeáint agus a chur chun feidhme, agus/nó a chruthaíonn oideachas digiteach, oiliúint agus moil acmhainní atá inrochtana do gach tionscadal. Cuireadh na torthaí ar aghaidh chuig an Aire don cheadú deiridh.

Gradaim Deartha Uilíoch Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann

Tá CEUD ag tacú le hInstitiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann chun an catagóir Deartha Uilíoch a reáchtáil ina scéim bhliantúil gradam ó bhí an bhliain 2013 ann. D'ainmnigh an Tascfhórsa um Dhearadh Uilíoch ball amháin chun suí ar an bpríomhphainéal moltóirí le haghaidh na ngradam. Áiríodh leis an obair sin foirgnimh a ghearrliostú agus cuairt a thabhairt orthu, agus ionchur a chur le cinntí ar ghradaim i ngach catagóir. Ainmníodh an Comhairleoir Sinsearach um Dhearadh na Timpeallachta Tógtha de chuid CEUD chun suí ar Fhoghrúpa an Ghradaim Deartha Uilíoch don bhliain 2025. Áiríodh leis an obair sin cuairt a thabhairt ar fhoirgnimh ar an ngearrliosta agus ionchur a chur le cinneadh an fhoghrúpa ar bhronnadh ghradam na catagóire Deartha Uilíoch. Ba iad ailtirí Hall Black Douglas a bhuaigh Gradam Deartha Uilíoch Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann i mbliana i leith [Champas Síochána Mhuineacháin](#).

Campas Síochána Mhuineacháin, buaiteoir Ghradam Deartha Uilíoch Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann d'ailtirí Hall Black Douglas



Gradaim ríomh-Rialtais agus Spider

Bhí CEUD mar chuid de shearmanas moltóireachta agus bronnta Ghradaim ríomh-Rialtais na hÉireann 2025, a reáchtáladh sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (COBÁC) i mí Mheán Fómhair. Ba í Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne (TUS) a bhuaigh Gradam Deartha Uilíoch agus Cuimsithe na bliana seo lena tionscadal dar teideal 'TUS – Universal Access – Unlocked Potential', lena ndéantar prionsabail an Deartha Uilíoch don Fhoghlaim a leabú isteach i gcroílár a seirbhísí Gairmeacha agus Infhostaitheachta.

Ó chlé go deas: Trish Bourke agus Aoife Prendergast, Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne (TUS), buaiteoirí an Ghradaim Deartha Uilíoch agus Cuimsithe ríomh-Rialtais, agus an Dr Gerald Craddock (CEUD).




Chomhoibriú CEUD ar an gcaoi chéanna le Spider Awards don mhargaíocht dhigiteach, áit ar bronnadh an Gradam 'Best in Universal Design' ar Kooba as an suíomh Gréasáin a chruthaigh sé d'Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU), suíomh ina raibh inrochtaineacht agus dearadh uilíoch mar thosaíochtaí ón tús.

Gradam Scoil Deartha Uilíoch na Bliana le The B!g Idea

Is clár oideachais chruthaitheach é **B!g Idea** do scoláirí na hIdirbhliana agus na hArdteistiméireachta Feidhmí. Oibríonn scoláirí i bhfoirne chun freagra a thabhairt ar cheann de chúig threoir thionscadail atá feasach ó thaobh cúrsaí sóisialta de, agus príomhscileanna á bhforbairt acu sa smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach, sa chomhoibriú, agus sa chumarsáid. Ón mbliain 2021 i leith, tá CEUD ag comhoibriú le The B!g Idea chun Prionsabail an Deartha Uilíoch a chomhtháthú isteach sa chlár sin.

I mbliana, chomhoibrigh CEUD le The B!g Idea ar Ghradam Scoil Deartha Uilíoch na Bliana. Leis an ngradam sin, tugadh aitheantas don scoil a chuir Cur Chuige Deartha Uilíoch chun cinn dá scoláirí agus ar chuir a scoláirí tionscadail isteach a léirigh deachleachtas sa Dearadh Uilíoch.

Sárthaispeántas The B!g Idea, 2025



Ba é Coláiste Chaladh an Treoigh i Luimneach buaiteoir an ghradaim sin. Chuir sé roinnt tionscadal i gcrích trí chlár The B!g Idea inar chuir sé Cur Chuige Deartha Uilíoch i bhfeidhm ar a dtionscadail agus inar phléigh sé le roinnt grúpaí éagsúla úsáideoirí, laistigh dá bpobal scoile agus lasmuigh de araon. Bhí aiseolas an-dearfach ó mhúinteoirí agus ó dhaltaí na scoile faoin gcaoi a bhfeiceann siad Dearadh Uilíoch mar chuid dá n-oideachas leanúnach.


Gradam Scoil Deartha Uilíoch na Bliana le JAI, 2025

Ón mbliain 2019 i leith, tá CEUD ag comhoibriú le [Junior Achievement Ireland](#) (JAI) chun Dearadh Uilíoch a thabhairt isteach ina chlár [Power of Design](#) (POD). Sa chlár POD, fiosraítear cad is dearadh ann agus an fáth a bhfuil sé tábhachtach, agus fiosraítear gairmeacha sa dearadh ann freisin. Tá cuid an deartha uilíoch den POD bunaithe ar an bhfíseán ó CEUD dar teideal [Meet the Normals](#).

I mbliana, chomhoibrigh CEUD le JAI ar Ghradam Scoil Deartha Uilíoch na Bliana. Leis an ngradam sin, tugadh aitheantas don scoil a chuir Cur Chuige Deartha Uilíoch chun cinn dá scoláirí agus ar chuir a scoláirí tionscadal isteach a léirigh deachleachtas sa Dearadh Uilíoch agus san inrochtaineacht.

Ba í St. Laurence O'Toole's National School i mBaile Átha Cliath 1 buaiteoir an ghradaim sin. Chuir sí tionscadal isteach ina raibh léiriú grafach mar aon le sleachta ó na scoláirí faoi conas an trá a fhágáil níos inrochtana d'úsáideoirí éagsúla. Mheas sí an chaoi a bhféadfadh gnéithe deartha éagsúla an trá a fhágáil níos inrochtana agus níos inúsáidte ag úsáideoirí éagsúla.

An iontráil bhuaiteach ó scoláirí in St. Laurence O'Toole's National School



Seicliosta Leagain Amach Inmheánaigh do Thithe Deartha Uilíoch

I gcomhpháirtíocht le hAoisbhá Éireann, d'fhoilsigh CEUD de chuid ÚNM [Seicliosta Leagain Amach Inmheánaigh do Thithe Deartha Uilíoch](#). Is é atá sa seicliosta ná achoimre ar na treoirlínte sna Treoirlínte Deartha Uilíoch do Thithe in Éirinn a mbíonn tionchar acu ar leagan amach inmheánach teaghaisí. Soláthraítear é mar uirlis do dhearthóirí chun a chinntiú go gcuirtear Dearadh Uilíoch san áireamh ag na luathchéimeanna de dhearadh tithíochta. Tá cúig phlean urláir shamplacha ag gabháil leis an seicliosta, chun an seicliosta á chur i bhfeidhm i dteaghaisí UD Home agus i dteaghaisí UD Home+ araon a léiriú.

Seimineár Gréasáin EASPD: Dearadh uilíoch san oideachas digiteach a thuiscint

I mí na Samhna, rinne Comhairleoir Deartha Oideachais CEUD seimineár Gréasáin le Cumann Eorpach na Soláthraithe Seirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas. D'óstáil an tionscadal Accessible Digital Education (ADEDU) an seimineár Gréasáin ar conas is féidir an Dearadh Uilíoch san Oideachas (UDE) a chur i bhfeidhm san oideachas digiteach. Le hionchur CEUD, leagadh béim ar ár saineolas ar UDE agus ar a thábhachtaí atá sé oiriúnú don mhodh digiteach foghlama agus teagaisc a bhíonn ag méadú i gcónaí.

Todhchaí na hIntleachta Saorga: Dul Chun Cinn a Chumhachtú agus Cearta a Chosaint ag Comhdháil Bhliantúil IHREC

Bhí áthas ar ÚNM láithreoireacht a thabhairt mar chuid den phlé painéil tábhachtach sin. I measc na dtopaicí bhí buntáistí na hintleachta saorga do phobail éagsúla, agus na bacainní a thagann as claontacht sna sonraí oiliúna a úsáideann na córais sin. Ina theannta sin, bhí comhráite ann inar leagadh béim ar thrasnachas na saincheisteanna a bhaineann le daoine a bhfuil míchumas orthu agus le grúpaí déimeagrafacha eile. De bharr an phlé sin, tugadh cuireadh do ÚNM ina dhiaidh sin a bheith páirteach i bplé Choiste Comhairleach Míchumais IHREC maidir leis an intleacht shaorga. San imeacht faisnéiseach sin, díriodh arís ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leis an intleacht shaorga maidir le daoine a bhfuil míchumas orthu. Leagadh béim ar leith ar na tionchair fhéideartha a bheadh ag an Ionstraim Eorpach um Intleacht Shaorga. Thug rannpháirtithe an fhórait sin faoi deara gur gá aird a dhíriú ar chur chun feidhme na reachtaíochta sin chun a chinntiú go gcuirtear guth na ndaoine a bhfuil míchumas orthu san áireamh.

Imeacht Chumann Bodhar na hÉireann (IDS)

D'fhreastail ÚNM ar sheoladh tuarascáil taighde nua ó IDS, “Barriers to studying and working as an ISL Interpreter: Developing an evidence base in order to launch a campaign to increase the number of ISL interpreters in Ireland”. Sa taighde tábhachtach sin, ar chistigh Scéim Deontas Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas é, fiosraítear na dúshláin atá roimh ateangairí Theanga Chomharthaíochta na hÉireann agus leagtar amach bonn fianaise d'fheachtas náisiúnta chun an líon ateangairí atá ar fáil in Éirinn a mhéadú. Bhí an taighde sin mar bhonn eolais faoin tuarascáil ó ÚNM ar an Acht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann.

Sraith Seimineár Gréasáin ar Dhearadh Uilíoch sa Timpeallacht Thógtha

Chuir CEUD sraith seimineár Gréasáin ar fáil maidir le Dearadh Uilíoch sa Timpeallacht Thógtha i mí Mheán Fómhair agus i mí Dheireadh Fómhair 2025. I gcomhpháirt le hInstitiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann, óstáladh ceithre sheimineár Gréasáin ag am lóin le cainteoirí éagsúla. Ba iad seo a leanas na topaicí agus na cainteoirí:

- Tithe a Dhearadh don Saol: Luach buan an Deartha Uilíoch an 16 Meán Fómhair le Fíonnadh McGonigle, an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch
- Campas Síochána Mhuineacháin: Cás-staidéar Ghradam Deartha Uilíoch RIAI, le Alistair Beckett agus Jonathan Speirs, ailtirí de chuid Hall Black Douglas.
- Dearadh do Gach Intinn: An fáth ar bunriachtanas don Dearadh Uilíoch san ailtireacht é aghaidh a thabhairt ar an néara-éagsúlacht, le Jean Hewitt, Buro Happold
- ISO 5727:2024: Inrochtaineacht na hoidhreachta cultúrtha dochorraithe — Prionsabail agus modheolaíocht le haghaidh idirghabhálacha, le Fionnuala Rogerson, Fionnuala Rogerson Architects

Bhí freastal an-mhaith ar na seimineáir Ghréasáin, agus líon idir 60 duine agus 110 nduine ag freastal orthu. Tá taifeadtaí de na seimineáir Ghréasáin ar fáil le hamharc orthu ar [shuíomh Gréasáin](#) CEUD.

Ó chlé go deas: Fíonnadh McGonigle, Jonathan Speirs, Alistair Beckett, Jean Hewitt, Fionnuala Rogerson





Centre for Excellence
in Universal Design
Údarás Náisiúnta Míchumais
National Disability Authority

Universal Design

in the

Built Environment

Webinar Series 2025



RIAI CPD LINKS
RIAI Recognised CPD Providers

Aoi-léacht do Mhic Léinn Ailtireachta Intí Choláiste Uí Ghríofa

I mí Dheireadh Fómhair, thug an Comhairleoir Sinsearach um Dhearadh na Timpeallachta Tógtha ag CEUD aoi-léacht do mhic léinn Ailtireachta Intí i gColáiste Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath. Bhí na mic léinn ag obair ar thionscadal chun an foirgneamh a athchóiriú agus chun an úsáid a bhaintear as a athrú go spás measctha cónaithe agus pobail, agus é de dhualgas orthu Dearadh Uilíoch a chur san áireamh sa tionscadal.

Diancheardlann Deartha: Intleacht Shaorga mar Chomhpháirtí Inrochtaineachta

Reáchtáil an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin Seachtain Chlaochlú na Seirbhísí Poiblí (PSTW) i mí na Samhna. Mar chuid de PSTW, threoraigh an Comhairleoir Sinsearach Deartha Táirgí agus Seirbhísí diancheardlann deartha ar an láthair in Oifig an ÚNM dar teideal “Intleacht Shaorga mar Chomhpháirtí Inrochtaineachta”, in éineacht le comhghleacaithe CEUD.

Comhghleacaithe ón earnáil phoiblí ag freastal ar an diancheardlann deartha ‘Intleacht Shaorga mar Chomhpháirtí Inrochtaineachta’ mar chuid de PSTW



Sa diancheardlann deartha thrialaigh seo, scrúdaíodh an chaoi a bhféadfadh intleacht shaorga tacú le seirbhísí inrochtana cothromasacha a sholáthar — agus an áit a bhféadfadh sí iad a chur i mbaol. D’fhiosraigh na rannpháirtithe personae éagsúla úsáideoirí, fíorchásanna úsáide seirbhíse poiblí agus prionsabail deartha agus cosaintí a múnlaíodh go comhoibríoch le haghaidh intleacht shaorga laistigh de chomhthéacsanna inrochtaineachta ar fud na seirbhíse poiblí in Éirinn. D’fhreastail níos mó ná 20 rannpháirtí ar an gceardlann sin ar an láthair. Tá tuarascáil achoimre á cur ar fáil.

Áiteanna do Dhaoine

Institiúidí Ardoideachais (HEInna) mar Áiteanna do Dhaoine: Is tionscadal é Inclusive Infrastructures to Support Intersectionality in HEIs a bunaíodh, le cistiú ‘Feabhsaithe EDI’ ón Údarás um Ard-Oideachas, i measc ceithre ollscoil lár cathrach: Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath; Ollscoil na Gaillimhe; Coláiste Ríoga na Máinlia in Éirinn; agus Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Is é cuspóir an tionscadail seo “feasacht agus tuiscint ar thrasnachas agus ar chineálacha ilghnéitheacha cur chuige i leith an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe a chur chun cinn, trí fhéachaint le trasnachas a chur chun feidhme sa dearadh agus sa chleachtas agus muid ag pleanáil agus ag múnú ár dtimpeallachta tógtha”. Mar gheall ar a suíomhanna lár cathrach, tá foirgnimh oidhreachta i stoc foirgneamh na n-ollscoileanna sin, agus féachann an tionscadal seo le líonra a chruthú idir na hollscoileanna agus laistigh díobh chun taithí ar aghaidh a thabhairt ar mhíchumas agus cuimsiú i bhfoirgnimh oidhreachta a chomhroinnt. Le linn an tionscadail seo, tá gach ollscoil le lá comhroinnte faisnéise agus líonraithe a óstáil. Bhí an dara himeacht sa tsraith imeachtaí sin ar siúl i mí na Samhna 2025, agus bhí duine dár nOifigigh Shinsearacha Caighdeán agus Faireacháin ina chathaoirleach ar cheann de na seisiúin phainéil.

Bhí láithreoireachtaí ar an méid seo a leanas:

- na spásanna leabharlainne atá ann cheana a uasghrádú
- feidhmchlár fuaime a thabhairt isteach le bheith in úsáid ag mic léinn chun éisteacht go díreach leis an léachtóir trína bhfón pearsanta agus trí chluasáin
- rannpháirtíocht daoine scothaosta chun a ngníomhaíocht fhisiciúil agus úsáid thailte an champais a chur chun cinn
- dearadh foirgnimh nua do mhic léinn a nascann le foirgnimh oidhreachta atá ann cheana
- agus turas ar cheann de na foirgnimh oidhreachta a athchóiríodh chun spásanna foghlama a chur ar fáil do mhic léinn

Tá an tionscadal le bheith ar siúl go dtí lár na bliana 2026.

Tosaíocht Straitéiseach 4



Tosaíocht Straitéiseach 4:

“Idirchaidreamh straitéiseach a dhéanamh leis an raon leathan geallsealbhóirí atá againn, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas trína n-eagraíochtaí ionadaíocha, chun bonn eolais a chur faoin gcomhairle agus faoin treoir uainn agus chun an chomhairle agus an treoir sin a fheabhsú”.

Caidrimh a chothú agus a fheabhsú leis an lucht ceaptha beartas ar fud an rialtais chun treoir a sholáthar maidir le conas aitheantas príomhshrutha a bhaint amach do na cearta atá ag daoine faoi mhíchumas

Modúl ríomhfhoghlama tosaigh ÚNM ar chomhionannas míchumais

I mí na Nollag 2025, chuir ÚNM a chuid oibre chun athbhreithniú a dhéanamh ar a mhodúl ríomhfhoghlama ar chomhionannas míchumais i gcrích. Is é cuspóir an mhodúil sin ná samhlacha dea-chleachtais a chur ar fáil do chomhlachtaí poiblí, ar samhlacha iad a forbraíodh i gcomhairle le daoine faoi mhíchumas, chun cabhrú leo a n-oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh chun a chinntiú go mbainfidh gach comhlacht poiblí an sprioc íosta 5% d'fhostú daoine faoi mhíchumas amach faoin mbliain 2026, chun earcú agus coinneáil daoine faoi mhíchumas a mhéadú, agus chun seirbhísí cuimsitheacha agus inrochtana agus táirgí poiblí cuimsitheacha agus inrochtana a sholáthar.

Tá taithí fíorshaoil daoine faoi mhíchumas sa mhodúl ríomhfhoghlama seo agus forbraíodh é i gcomhairle le bord comhairleach, a bhí comhdhéanta go príomha d'ionadaithe ó Eagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas agus de dhaoine faoi mhíchumas. Rinne daoine faoi mhíchumas tástáil úsáideora ar an modúl sin freisin.

Tá sé mar aidhm leis an modúl seo freisin cur le feasacht na gcomhlachtaí poiblí ar a thábhachtaí atá feidhmeanna faireacháin ÚNM agus ar an gcaoi a gcabhraíonn ár gcomhairle le comhlachtaí poiblí a n-oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh mar atá mionsonraithe thuas.

Seoladh an [modúl ríomhfhoghlama](#) sin i dtús na bliana 2026.

Aighneachtaí

De bhreis ar aighneachtaí a leagadh amach faoi Thosaíocht Straitéiseach 1, rinne ÚNM roinnt aighneachtaí eile inar tarraingíodh aird ar chearta daoine faoi mhíchumas.

Rinneadh aighneachtaí chuig an gcomhairliúchán ar an bPlean Tithíochta Náisiúnta inar cuireadh béim ar na riachtanais ar leith atá ag daoine faoi mhíchumas agus inar tugadh le fios go bhfuil tithíocht atá deartha go huilíoch ina cuid lárnach de phlean tithíochta. In dhá aighneacht chuig an gCoimisiún Toghcháin maidir le póstaer a chur suas agus maidir lena Straitéis nua Oideachais agus Caidrimh Phoiblí, díríodh ar na straitéisí nach mór a bheith i bhfeidhm chun cuimsiú agus sábháilteacht daoine faoi mhíchumas sa phróiseas vótála a bhreithniú. Rinne ÚNM aighneacht chuig meastóireacht leanúnach na hÉireann ar phaindéim COVID-19 freisin. A bhuí leis sin, bhíomar in ann an méid a foghlaimíodh ó obair roimhe seo faoi thionchair phaindéim COVID-19 ar dhaoine faoi mhíchumas a chomhroinnt.

Leanúint lena chinntiú go ndéanann ÚNM idirchaidreamh tráthrialta le daoine faoi mhíchumas trí Eagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas agus trí chainéil eile, agus leis an mórfhobal míchumais, chun bonn eolais a chur faoinár gcuid oibre

Duine Cosúil Liomsa

Is é atá sa chomórtas ealaíne ‘Duine Cosúil Liomsa’ ná comórtas bliantúil ealaíne do bhunscoileanna a n-eagraíonn agus a gcistíonn an tÚdarás Náisiúnta Míchumais é. Leis an gcomórtas, is féidir le daoine óga na hÉireann foghlaim faoin gcuimsitheacht agus faoin éagsúlacht trí acmhainní seomra ranga agus a dtuiscint a chur in iúl trí mheán na healaíne. Tá sé mar aidhm leis an gcomórtas dearchtaí dearfacha i leith daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn, agus spreagtar díriú ar chineálacha infheicthe míchumais agus ar chineálacha dofheicthe míchumais araon ann.

Mheall comórtas na bliana 2024/25 2,708 n-iontráil ó 255 scoil náisiúnta ar fud na tíre, agus fógraíodh buaiteoirí contae na bliana 2024 ag deireadh na bliana 2024. I gcomórtas na bliana 2024/25, tugadh isteach Buaiteoir Sóisearach agus Buaiteoir Sinsearach araon ar an leibhéal náisiúnta, a fógraíodh ag an searmanas bronnta i Halla Cathrach Bhaile Átha Cliath an 22 Eanáir 2025. Beoshruthaíodh an t-meacht ar shuíomh Gréasáin an chomórtais ‘Duine Cosúil Liomsa’.

Ba é péire mór spéaclaí ó Burgess National School, Co. Thiobraid Árann, an iontráil bhuaiteach Shóisearach fhoriomlán. Ba iad daltaí idir rang na Naíonán Sóisearach agus rang a dó a chruthaigh na spéaclaí, agus bhí sé mar aidhm leo aird a tharraingt ar an gcaoi a dtagaimid ar chineálacha infheicthe míchumais atá ar chineálacha dofheicthe míchumais araon. Chomh maith leis sin, chruthaigh na daltaí póstaer dá scoil chun aird a tharraingt ar a hinrochtaineacht agus ar na gníomhartha a dhéanann siad chun tacú le cách.

Ba ó Four Masters National School i gCo. Liatroma a fuarthas an iontráil bhuach Shinsearach. Ba í a n-iontráil, ar chruthaigh daltaí rang a trí í, ná samhail 3T de shráidbhaile Chionn Locha lenar ceiliúradh uathúlacht agus cuimsitheacht na dtaitneamhachtaí agus na ngnólachtaí atá sa cheantar áitiúil.

Na hiontrálacha buacacha Sóisearacha agus Sinsearacha foriomlána ón gcomórtas ealaíne ‘Duine Cosúil Liomsa’, 2024/25

Rinne an tAire Hildegard Naughton an comórtas ealaíne ‘Duine Cosúil Liomsa’ 2025/26 a sheoladh go foirmiúil le linn cuairt a thug sí ar Claddagh National School i nGaillimh i mí Mheán Fómhair 2025. Ba í an deichiú bliain den chomórtas í.



Comhdháil Bhliantúil

Cuireadh Comhdháil Bhliantúil ÚNM don bhliain 2025 ar siúl i Staid Aviva, Baile Átha Cliath, Déardaoin an 16 Deireadh Fómhair. Bhí an t-imeacht dírithe ar Thuismitheoireacht, ar Chaidrimh agus ar Chearta Gnéasacha agus Atáirgthe i gcomhthéacs Airteagal 23 UNCRPD. Bhí an-spéis ann san imeacht, agus 150 duine ag freastal ar an imeacht i bpearsa, mar aon le breis agus 100 duine a bhí páirteach ann ar líne. I measc na dtopaicí a ndearnadh iniúchadh orthu bhí tuismitheoireacht do dhaoine a bhfuil míchumas orthu, caidrimh agus gnéasacht, cúram máithreachais, sláinte ghnéasach agus atáirgthe, agus cearta gnéasacha agus atáirgthe.

Bhí breis agus 20 cainteoir ag an imeacht, agus d'oscail Hildegarde Naughton, an tAire Stáit le freagracht as Míchumas, an chomhdháil. Bhí ceithre phlé painéil ann le linn an lae, ar labhair meascán de shaineolaithe náisiúnta agus de shaineolaithe idirnáisiúnta lena linn. Ina measc sin bhí Jennie Williams, Bunaitheoir agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Enhance the UK, agus Karen Henry, Cnáimhseach agus Léachtóir in Ollscoil Suffolk. Glacadh go han-mhaith leis an imeacht, agus leag an lucht freastail béim ar a thábhachtaí atá sé tuiscint agus feasacht a mhéadú ar na forálacha nach bhfuil chomh haitheanta céanna de UNCRPD. Tá fístaifeadtaí den chomhdháil ar fáil ar [shuíomh Gréasáin ÚNM](#).

An tAire Naughton agus í ag tabhairt aitheasc don lucht freastail ar an gcomhdháil bhliantúil



Treoir Uilíoch maidir le Cáilíocht Fuaime i Seirbhísí Poiblí agus i bhFoirgnimh Phoiblí

Bunaíodh Grúpa Comhairleach Teicniúil chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt na Treorach Deartha Uilíoch maidir le Cáilíocht Fuaime sa tSeirbhís Phoiblí agus i bhFoirgnimh Phoiblí. I measc na mball tá daoine a bhfuil taithí fíorshaoil acu agus ionadaithe ó na heagraíochtaí seo a leanas: As I Am, Chime, Aoisbhá Éireann, Arts and Disability Ireland, Voice of Vision Impairment (VVI), an tÚdarás Náisiúnta Iompair, Eastáit FSS, an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRÁ), Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (RIAI), agus an Roinn Tithíochta. D'óstáladar an chéad chruinniú de chuid an Ghrúpa Chomhairligh Theicniúil i mí na Bealtaine 2025, áit ar chuireamar dréacht creatlaí i láthair na mball agus a raibh plé saibhir againn ar a ndearcthaí i leith na rudaí a bheadh tábhachtach sa treoir, ar na dúshláin ar thángthas orthu maidir le cáilíocht fuaime, agus ar réitigh fhéideartha. Tiocfaidh an Grúpa Comhairleach Teicniúil le chéile arís sa bhliain 2026 chun bonn eolais a chur faoin dul chun cinn ar an treoir sin, agus tá sé beartaithe comhairliúchán poiblí ar dhréachtleagan a ullmhú d'fhonn an treoir sin a thabhairt chun críche agus a fhoilsiú faoi dheireadh na bliana 2026.



Tosaíocht Straitéiseach 5

Tosaíocht straitéiseach 5:

“Luach ár gcuid oibre a chur in iúl go soiléir, agus éifeachtacht eagraíochtúil á cothabháil agus á feabhsú an tráth céanna”.

Acmhainní Foirne

De réir alt 27 den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999, is é ÚNM fostóir a fhoirne. Cuireann an Feidhmeannas, ag gníomhú dó faoi stiúir ag an Stiúrthóir, straitéis, plan oibre bliantúil agus beartais an Údaráis Náisiúnta Míchumais chun feidhme ar bhonn laethúil.

Bhí 50 ball foirne coibhéise lánaimseartha ag an Údarás Náisiúnta Míchumais amhail an 31 Nollaig 2025. Is é Lárionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a sholáthraíonn próiseáil párolla, pinsean agus taistil agus cothaithe ÚNM. Éascaíonn ÚNM cumarsáid ar phríomh-shaincheistean idir an lucht bainistíochta agus ceardchumann aitheanta a dhéanann ionadaíocht do leasanna fhoireann ÚNM.

Tá an Feidhmeannas comhdhéanta de thrí rannóg:

- Beartas, Taighde agus Gnóthaí Poiblí
- An Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch agus Caighdeáin Uilíocha agus Faireachán
- Seirbhísí Corparáideacha

Ag tuairisciú dóibh don Stiúrthóir, is é atá sna Cinn ar na trí rannóg sin ná an Fhoireann Ceannaireachta Sinsearaí.

An Fhoireann Ceannaireachta Sinsearaí ag an 31 Nollaig 2025

Stiúrthóir	An Dr Aideen Hartney
Ceann Beartais, Taighde agus Gnóthaí Poiblí	An Dr Rosalyn Tamming
Príomhoifigeach, an Lárionad Sármhaitheasa i nDearadh Uilíoch agus Caighdeáin Uilíocha agus Faireachán	An Dr Ger Craddock
Ceann Seirbhísí Corparáideacha	Evelyn Moore Uas

Oiliúint agus Forbairt

Lean ÚNM ar aghaidh ag cur plean oiliúna agus forbartha i bhfeidhm do bhaill foirne, ar plean é atá bunaithe ar an gCóras Bainistíochta Forbartha Feidhmíochta agus ar riachtanais an duine aonair, lenar áiríodh freastal ar sheimineáir, ar chomhdhálacha, ar sheimineáir Ghréasáin, ar sheisiúin oiliúna agus ar cheardlanna. Eagraíodh roinnt cúrsaí oiliúna agus ceardlann oiliúna go himmheánach do bhaill foirne. Áiríodh leo sin:

- Bogadh isteach sa Bhainistíocht
- Oiliúint in ullmhú d'agallaimh
- Oiliúint agallóra chumasbhunaithe
- Forbairt Ceannaireachta

Tá na nithe seo a leanas ina sampla de roinnt de na deiseanna seachtracha oiliúna agus forbartha ar baineadh leas astu sa bhliain 2025:

- Bainistíocht Ama a Fheabhsú agus d'Ualach Oibre a Chur in Ord Tosaíochta
- Forbairt Oifigeach Cléireachais, Oifigeach Feidhmiúcháin, Ardoifigeach Feidhmiúcháin agus Príomhoifigeach Cúnta
- Máistir-rang in Óráidíocht Phoiblí agus i Scileanna Láithreoireachta
- Cúrsa Praiticiúil Inrochtaineachta
- Cúrsa MS Excel ar Leibhéal 1
- Taighde le leanaí agus daoine óga
- Máistir-rang i mBainistíocht Tionscadal
- Dearadh Foghlama Digití
- Tógáil Miontuairiscí
- Máistir-rang maidir le Cumarsáid Géarchéime
- Néara-éagsúlacht san Áit Oibre
- Seimineár Gréasáin um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú in Áiteanna Oibre in Éirinn
- Seimineár Gréasáin ar Chineálacha Cuimsitheacha Cur Chuige i leith Earcaíochta
- Tusla: Tús Áite do Leanaí

Chuir na baill foirne nua uile an oiliúint seo a leanas i gcrích:

- Ríomhfhoghlaim i gComhionannas Míchumais ÚNM
- Ríomhfhoghlaim i Sonraí a Chosaint le linn Obair ón mBaile

Bhí an Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta comhdhéanta díobh seo a leanas:

- Measúnacht ar Threalamh Scáileán Taispeána
- Measúnú Eirgeanamaíochta
- Freagróir Garchabhrach

Cumarsáid

D'fhoilsigh ÚNM an [Straitéis um Chumarsáid agus Caidreamh 2025-2027](#) uaidh i mí na Bealtaine 2025. Leagtar amach sa doiciméad sin cuspóirí uileghabhálacha ardleibhéil cumarsáide seachtraí agus inmheánaí na heagraíochta do na trí bliana amach romhainn agus, a bhuí leis an doiciméad, ailínítear cuspóirí cumarsáide agus prionsabail chumarsáide leis an bPlean Straitéiseach ó ÚNM don tréimhse 2025-2027.

Ar fud na heagraíochta, foilsíodh 56 dhoiciméad san iomlán sa bhliain 2025. Áirítear leis sin páipéir thaighde, athbhreithnithe, treoirchoiciméid, tuarascálacha, ráitis ón Oireachtas, agus aighneachtaí comhairliúcháin phoiblí. Is féidir iad sin a aimsiú ar shuíomh Gréasáin [ÚNM](#) agus ar shuíomh Gréasáin [CEUD](#), agus tá siad liostaithe in Aguisín 3 agus in Aguisín 4. Ina theannta sin, thapaigh líon suntasach geallsealbhóirí seachtracha an deis freastal ar cheann amháin de dheich gcinn de sheimineáir Ghréasáin agus de sheisiúin oiliúna ar líne de chuid ÚNM, ar cheann amháin de na cúig imeacht phearsanta de chuid ÚNM a cuireadh ar siúl, nó ar cheann amháin den líon mór imeachtaí seachtracha ar oibrigh ÚNM i gcomhpháirt iontu.

Suíomh Gréasáin ÚNM

Bhí [suíomh Gréasáin ÚNM](#) ar cheann de na suíomhanna Gréasáin ab fhearr feidhmíocht i measc na suíomhanna Gréasáin comhlachta phoiblí a measúnaíodh mar chuid den Fhaireachán ar Inrochtaineacht Gréasáin sa bhliain 2025. Fuair sé scór inrochtaineachta foriomlán 92.13. Tháinig méadú suntasach 28%, go 43,484 chuairteoir, ar an líon cuairteoirí ar shuíomhanna Gréasáin Béarla agus Gaeilge ÚNM sa bhliain 2025, agus tháinig méadú ar an líon amharc ar leathanaigh freisin.

Fuair [suíomh Gréasáin CEUD](#) scór inrochtaineachta foriomlán 89.37 nuair a measúnaíodh é mar chuid den Fhaireachán ar Inrochtaineacht Gréasáin sa bhliain 2025. Tháinig méadú suntasach 37%, go 29,887 gcuairteoir, ar an líon cuairteoirí ar shuíomh Gréasáin CEUD sa bhliain 2025 freisin.

Na Meáin Shóisialta

Sa bhliain 2025, sainithníodh LinkedIn mar an t-ardán meán sóisialta ab fhearr a d'fhreastail ar spriocphobal ÚNM. Tugadh tús áite d'ábhar don ardán seo, agus ba é an toradh a bhí air sin ná méadú ar an líon leantóirí agus ar an idirchaidreamh ar fud an dá chuntas atá ag ÚNM ar LinkedIn. Mhéadaigh [próifíl ÚNM](#) a líon leantóirí ó 4,636 leantóir i mí na Samhna 2024 go breis agus 8,200 leantóir faoi lár mhí na Nollag 2025. Mhéadaigh [próifíl CEUD](#) a líon leantóirí ó 671 leantóir i mí na Samhna 2024 go 1,325 leantóir faoi lár mhí na Nollag 2025.

Tá dhá chuntas saor in aisce ar X ag ÚNM. Níor tugadh tús áite don ardán sin sa dara sé mhí den bhliain 2025 toisc gur tháinig laghdú ar an idirchaidreamh agus na hamhairc ar fud an ardáin. Bhí 2,949 leantóir ag an [bpróifíl @NDAIreland](#) i mí na Samhna 2025. Bhí 722 leantóir ag an [bpróifíl @CEUD_NDA](#) i mí na Samhna 2025.

Ghníomhachtaigh ÚNM [próifíl BlueSky](#) an 10 Iúil 2025 chun iniúchadh a dhéanamh air sin mar ardán malartach ar X. Tá an t-idirchaidreamh agus an idirghníomhaíocht araon íseal ag an luathchéim seo, agus déanfaimid faireachán i dtaobh an dtiocfaidh méadú ar an idirchaidreamh sa bhliain atá le teacht.

Óstáiltear físeáin ÚNM ar YouTube agus leabaítear iad isteach ar shuíomhanna Gréasáin oifigiúla ÚNM, agus tá méadú tagtha ar an líon sínitheoirí leis an dá rud.

Nuachtlitir

Foilsíodh ceithre eagrán de Nuachtlitir ÚNM sa bhliain 2025 agus scaipeadh go seachtrach iad. Lean an líon síntiúsóirí ar aghaidh ag méadú sa bhliain 2025, ó 1,250 síntiúsóir i mí na Nollag 2024 go 1,632 shíntiúsóir i mí na Nollag 2025.

Na Meáin

D'éisigh ÚNM sé [phreaseisiúint](#) go seachtrach sa bhliain 2025. Cumhdaíodh leo sin topaicí lena n-áirítear comhlíonadh Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005, cóiríocht inrochtana atá Deartha go hUilíoch, Comhdháil Bhliantúil ÚNM, 2025, agus Gradaim an Mhórdhúshláin Deartha Uilíoch, 2025. Rannchuidigh baill foirne ó ÚNM ailt le dhá [iris de chuid an Local Authority Times](#) sa bhliain 2025: alt amháin ar Thithe Deartha Uilíoch; agus alt eile ar an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht. Foilsíodh alt a scríobh ÚNM ar an Intleacht Shaorga agus cuimsiú míchumais in Éirinn sa [Business & Finance 2025 Annual](#) freisin.

An Dualgas Earnála Poiblí

Leanadh de chur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta ÚNM don Dualgas Earnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine 2024–2025 ar fud na bliana. Is mionsonraithe thíos atá liosta de na gníomhartha ardleibhéil atá sa Phlean Gníomhaíochta, mar aon le forbhreathnú ar na gníomhartha a rinneadh chun iad sin a chur chun feidhme. Foilseofar Plean Gníomhaíochta nuashonraithe lena gcumhdaítear an tréimhse 2026–2027 sna míonna tosaigh den bhliain 2026. Is é an aidhm atá leis sin an Plean Gníomhaíochta uainn don Dualgas Earnála Poiblí agus an chéad Phlean Straitéiseach eile uainn a athailíniú, agus an obair ullmhúcháin don chéad Phlean Straitéiseach eile ag tosú sna míonna deiridh den bhliain 2026.

Gníomh 1

Cur chuige comhsheasmhach a fhorbairt laistigh de ÚNM chun a chinntiú go gcuirimid dearcadh chearta an duine agus comhionannais i bhfeidhm ar bhealach níos follasaí maidir lenár gcuid oibre, agus cur chuige cothromaithe agus comhairle fhianaisebhunaithe fhónta á gcoinneáil ar bun againn ag an am céanna. Áiríodh na nithe seo leis na príomhéachtaí sa bhliain 2025:

- A chinntiú go ndéantar breithniú níos doimhne ar thrasnachas inár gcomhairle beartais agus inár gcuid oibre taighde, mar shampla trí aighneachtaí maidir le roghanna tithíochta do dhaoine scothaosta a bhfuil míchumas orthu, do dhaoine a bhfuil míchumas orthu agus a bhfuil a saoirse bainte díobh, agus do dhaoine faoi mhíchumas atá thíos le heisiamh sóisialta
- Dhá thuarascáil nua a fhoilsiú faoinár Scéim Cur Chun Cinn Taighde don tréimhse 2023-2024 faoin téama 'Míchumas i nGrúpaí agus Pobail Imeachtacha', lena n-áirítear staidéir ina ndearnadh iniúchadh ar scála agus tionchar an mhíchumais fhisiciúil ar dhaoine atá gan dídean in Éirinn agus ar eispéiris na n-iarrthóirí faoi mhíchumas a chuir in iúl go raibh féiniúlachtaí trasnacha acu agus a sheas i dtoghcháin áitiúla agus Eorpacha na hÉireann sa bhliain 2024
- Ár Scéim Cur Chun Cinn Taighde 2025-2026 a sheoladh faoin téama céanna, mar atá 'Míchumas i nGrúpaí agus Pobail Imeachtacha', agus cistiú a dhámhachtain do thrí eagraíocht chun taighde a dhéanamh ar eispéiris fíorshaoil daoine faoi mhíchumas den Lucht Siúil maidir le rochtain a fháil ar sheirbhísí sláinte agus ar thithíocht, agus ar eispéiris na n-aosach scothaosta faoi mhíchumas atá gan dídean

Gníomh 2

Leanúint den chomhairle atá sna [Treoirlínte 'Participation Matters'](#) a chur chun feidhme in obair ÚNM, agus úsáid na dtreoirlínte a chur chun cinn ar fud na hearnála poiblí. Áiríodh na nithe seo leis na príomhéachtaí sa bhliain 2025:

- Comhairle maidir le rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas trína n-eagraíochtaí ionadaíocha agus nasc chuig an tuarascáil 'Participation Matters' a chur ar áireamh i bhformhór na n-aighneachtaí ó ÚNM, lena n-áirítear aighneachtaí chuig ranna a bhí ag forbairt Ráitis Straitéise nua.

Gníomh 3

Treoir a fhorbairt le haghaidh dea-chleachtas a chur chun cinn maidir le hinrochtaineacht agus Dearadh Uilíoch d'imeachtaí do gheallsealbhóirí inmheánacha agus do gheallsealbhóirí seachtracha. Áiríodh na nithe seo leis na príomhéachtaí sa bhliain 2025:

- Tús a chur le cleachtadh scóipe ar threoir nua dea-chleachtais a fhorbairt maidir le himeachtaí atá inrochtana agus atá deartha go huilíoch
- Leanúint dár bhFoireann Uirlisí Cumarsáidí Custaiméirí le haghaidh Seirbhísí don Phobal a scaipeadh ar phríomh-geallsealbhóirí

Gníomh 4

A chinntiú go soláthróidh ÚNM spás oibre sábháilte inrochtana. Áiríodh na nithe seo leis na príomhéachtaí sa bhliain 2025:

- Oibreacha tógála a chur i gcrích ag oifigí ÚNM chun ár dtimpeallacht oibre a dhéanamh níos sábháilte agus níos inrochtana, agus uasghráduithe inrochtaineachta a dhéanamh, lena n-áirítear Leithreas is Áit Feistis, rampa feabhsaithe ag an mbealach isteach, agus doras tosaigh uathoibríoch a sholáthar

Gníomh 5

An plean straitéiseach atá ann cheana agus ár ndualgais reachtúla a chur i gcomparáid leis an Dualgas Earnála Poiblí, agus an Dualgas Earnála Poiblí a leabú isteach sna timthriallta pleanála straitéisí atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo. Áiríodh na nithe seo leis na príomhéachtaí sa bhliain 2025:

- Breithniúcháin maidir le cearta an duine agus comhionannas a chur san áireamh i bhforbairt ár Straitéise um Chumarsáid agus Caidreamh 2025-2027, agus cumarsáid inrochtana chuimsitheach a bheith sainaitheanta mar cheann dár bpríomhchuspóirí cumarsáide

Gníomh 6

Athbhreithniú a dhéanamh ar threoirlínte soláthair, agus iniúchadh sonrach á dhéanamh orthu ó thaobh chearta an duine agus an chomhionannais de, agus scrúdú a dhéanamh ar an tuiscint ar na ceanglais deartha uilíoch sna treoirlínte soláthair agus ar chomhlíonadh na gceanglas sin. Áiríodh na nithe seo leis na príomhéachtaí sa bhliain 2025:

- Ár dtreoirlínte soláthair a athbhreithniú agus a leasú chun inrochtaineacht a chur ar áireamh mar chritéar marcála i ngach tairiscint chuif

Gníomh 7

A chinntiú gur timpeallacht fháilteach, shábháilte agus chuimsitheach do gach fostaí é ÚNM, beag beann ar chúlra an fhostaí agus ar shaintréithe eile. Áiríodh na nithe seo leis na príomhéachtaí sa bhliain 2025:

- Trí sheisiún faisnéise a eagrú don fhoireann chun cur leis an tuiscint ar na bacainní trasnacha agus na dúshlán thrasnacha a ndéileálann daoine faoi mhíchumas leo, agus áiríodh leis na topaicí lena linn foréigean dlúthpháirtnéara in aghaidh mná faoi mhíchumas, daoine a bhfuil míchumas orthu agus atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch, agus saincheisteanna meabhairshláinte i measc daoine a bhfuil míchumas orthu sa phobal LADTAI+
- Athbhreithniú agus leasú a dhéanamh ar chlár ionductúcháin ÚNM chun a chinntiú go bhfreastalaíonn sé ar riachtanais na mball foirne uile, lena n-áirítear seisiúin ionductúcháin phearsanta a sholáthar do thosaitheoirí nua
- Tús a chur leis an bpróiseas arb éard é ár dtionscnaimh folláine foirne a athnuachan

An Dualgas Sábháilteachta Pobail

Leis an Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024 – a tosaíodh i mí Aibreáin 2025 – ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí measúnú a dhéanamh ar shaincheisteanna sábháilteachta pobail atá iomchuí dá bhfeidhmeanna, agus beartais, pleananna agus gníomhartha a leagan amach chun aghaidh a thabhairt orthu sin ina bplean straitéiseach. Ní mór dóibh tuairisc a thabhairt ansin ar fhorbairtí maidir le haghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sábháilteachta pobail a sainaitheodh ina dtuarascáil bhliantúil.

Leagfaidh ÚNM measúnú amach ar shaincheisteanna sábháilteachta pobail atá iomchuí dá fheidhmeanna ina chéad phlean straitéiseach eile agus forbróidh sé plean gníomhaíochta don chéanna.

Le linn na bliana 2025, thug ÚNM faoi roinnt gníomhartha d'fhonn feabhas a chur ar shábháilteacht pobail do dhaoine faoi mhíchumas. Áiríodh iad seo a leanas leo sin:

- Scríobh chuig Stiúrthóir na hOifige Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail, arb oifig nuabhunaithe í, chun aird a tharraingt ar an ngá atá le cuimsiú agus rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas a chinntiú i sásraí agus tionscnaimh nua um shábháilteacht pobail
- Cruinniú a thionól le Stiúrthóir nua na hOifige Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail chun plé a dhéanamh ar bhealaí a bhféadfaí sábháilteacht pobail a fheabhsú do dhaoine a bhfuil míchumas orthu
- Aighneacht a sholáthar mar fhreagra ar an gcomhairliúchán ar an bPáipéar Saincheisteanna ar an Straitéis Náisiúnta le haghaidh Sábháilteacht Pobail a Fheabhsú, agus
- Leanúint d'aird a tharraingt ar shaincheisteanna sábháilteachta pobail do dhaoine faoi mhíchumas trí bhallraíocht i gCoiste Comhairleach an Gharda Síochána um Chearta Straitéiseacha an Duine.

Rialachas agus Tuairisciú Airgeadais

Tá ÚNM tiomanta do na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh a bhaint amach laistigh den eagraíocht. Is le comhlíonadh an Achta um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999, agus le forálacha an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, a threoraítear an creat foriomlán rialachais agus rialaithe laistigh de ÚNM.

Mar gheall ar chur chun feidhme leanúnach bheartas ÚNM um Oibriú Cumaisc, leanadh sa bhliain 2025 le béim ar leith a leagan ar fhaireachán a dhéanamh ar an timpeallacht rialaithe atá i mbun oibre in ÚNM, agus díriú á chur ar bhainistíocht airgeadais agus sonraí.

Bunaíodh Creat-Chomhaontú Formhaoirseachta agus Feidhmíochta idir ÚNM agus an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais. Tugadh mionsonraí sa Chomhaontú Soláthair Feidhmíochta 2025 faoi na spriocanna agus cuspóirí ardleibhéil agus faoin bpríomhchlár gníomhaíochta ar ghabh ÚNM air féin é a chur i gcrích sa bhliain 2025.

Rinne an Coiste Airgeadais agus an tÚdarás athbhreithniú gach dhá mhí sa bhliain (tríd an eolas is deireanaí ar chuntais bhainistíochta agus ar an mbuiséad) ar thuarascálacha airgeadais a táirgeadh go himmheánach agus ina léirítear mionsonraí faoin gcaiteachas i gcomparáid leis an mbuiséad comhaontaithe. Cuireadh na cuntais bhainistíochta in iúl don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar fud na bliana freisin. De réir an Achta um Údarás Náisiúnta Míchumais, 1999, agus an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016, rinne ÚNM dréachtchuntais airgeadais don bhliain 2025 a ullmhú agus a chur faoi bhráid ár máthair-roinne agus faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Ullmhaíodh Ráitis Airgeadais ÚNM don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 faoi FRS 102, atá ar an gCaighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna fhógairt ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais. Cuirfidh ÚNM na cuntais airgeadais cheadaithe don bhliain 2025 faoi bhráid an Aire.

Bainistíocht Riosca

Chun riosca eagraíochta a bhainistiú ar dhóigh éifeachtach, teastaíonn próisis láidre rialaithe chun tacú leis an Údarás agus leis an bhFeidhmeannas cuspóirí ÚNM a bhaint amach. Is bunaithe i ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca atá ceaptha ag an Údarás atá feidhmeanna riosca agus rialaithe. Déanann an Coiste sin athbhreithniú ar fheidhmíocht agus ar nithe riosca, lena n-áirítear beartais agus cleachtais.

Déanann an Grúpa Ardbhainistíochta faireachán agus breithniú ar an timpeallacht riosca do ÚNM go tráthrialta agus is buanmhír í sin ar chlár oibre gach cruinnithe de chuid an Údaráis. Tá ag ÚNM Clár Rioscaí bunaithe a ndéanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an tÚdarás é a athbhreithniú agus a cheadú go tráthrialta de réir mar is cuí. Tá ag an Údarás Príomhoifigeach Riosca ainmnithe agus rinne sé Ráiteas Inghlathachta Riosca na heagraíochta a fhorbairt agus a cheapadh.

Ar aon dul leis an gceanglas faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú chun na príomhrioscaí a fhoilsiú agus chun machnamh a dhéanamh ar phríomhthosaíochtaí na heagraíochta, sainaithníodh na nithe seo a bheith ar na rioscaí féideartha a d'fhéadfadh difear diúltach a dhéanamh do ÚNM le linn na bliana 2025:

1. An riosca go mbeidh cur isteach agus costais bhreise ann mar gheall ar an gclár oibreacha tógála.
2. An riosca go mbeidh cur isteach ann mar gheall ar chibirionsaí.
3. An riosca go mbeidh acmhainní neamhleora ann chun freagairt d'éilimh mhéadaithe maidir le comhlíonadh fheidhmeanna Reachtúla/Oibríochtúla ÚNM, go háirithe i margadh dúshlánach fostaíochta.

An tÚdarás sa bhliain 2025

Tá Údarás ÚNM comhdhéanta de Chathaoirleach agus de 12 ghnáthchomhalta. Tháinig an tÚdarás le chéile naoi n-uair sa bhliain 2025. Is leagtha amach sa Ráiteas Rialachais atá sceideal de fhreastal, táillí agus caiteachais na bliana 2025, atá mar chuid de na Ráitis Airgeadais Bhliantúla. Chuaigh an tÚdarás faoi fhéinmheastóireacht ar a fheidhmíocht sa bhliain 2025 ar aon dul leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Chomh maith leis sin, rinneadh dul chun cinn ar fud na bliana ar mholtaí a tháinig as an bpróiseas meastóireachta seachtraí roimhe (2024).

Fiosruithe ó chomhaltaí den Oireachtas

De réir Chiorclán 24/2016 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, sholáthair ÚNM seoladh ríomhphoist tiomnaithe fiosruithe ag OireachtasReps@nda.ie do chomhaltaí den Oireachtas atá ag iarraidh faisnéis ar nithe a bhaineann le hobair ÚNM.

Sláinte agus Sábháilteacht

Tá ÚNM tiomanta d'fholláine a fhostaithe a chinntiú trí áit shábháilte oibre a chothabháil agus trína chinntiú go gcomhlíonfar na ceanglais de bhun an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, arna leasú. Lean Coiste Sláinte agus Sábháilteachta ÚNM ar aghaidh ag tacú le faireachán agus treoir ar nithe Sláinte agus Sábháilteachta sa bhliain 2025. Rinne iniúcháirí inmheánacha ÚNM Iniúchadh Comhairleach Sláinte agus Sábháilteachta sa tríú ráithe den bhliain 2023 agus fuarthas an tuarascáil deiridh i dtús na bliana 2024. Luadh inti gur 'tosaíocht shoiléir do ÚNM í Sláinte agus Sábháilteacht'. Tá na moltaí uile curtha i ngníomh nó á gcur i ngníomh tar éis na hoibreacha feabhsúcháin foirgnimh a chur i gcrích.

An tAcht um Míchumas 2005

Faoi Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005, ceanglaítear ar chomhlachtaí earnála poiblí tuairisc a thabhairt ar a mhéid a fhostaíonn siad daoine a bhfuil míchumas orthu. De réir an áirimh foirne is déanaí, b'ionann an céatadán d'fhostaithe ÚNM a bhfuil míchumas orthu, de réir an mhínithe san Acht um Míchumas 2005, agus 30% don bhliain 2024.

Rinne ÚNM gach beart réasúnach chun fostú daoine faoi mhíchumas aige a chur chun cinn agus chun tacú leis an bhfostú sin. Mar shampla, timpeallacht inrochtana oibre a sholáthar, lena n-áirítear Measúnuithe ar Stáisiúin Oibre, áit a ndearnadh tuilleadh measúnuithe ar stáisiúin chianoibre agus tuilleadh measúnuithe eirgeanamaíochta sa bhliain 2025.

Cóiríocht agus Saoráidí

Tá freagracht ar Roinn Seirbhísí Corparáideacha ÚNM as áitreabh sábháilte éifeachtúil a chothabháil. Le linn na bliana, leanadh le clár cothabhála coiscthe agus coimisiúnaíodh oibreacha chun a chinntiú go ndéanfaí a chóiríocht a chothabháil agus a úsáid ar dhóigh éifeachtach.

Ag teacht sna sála ar iarratas pleanála a cuireadh faoi bhráid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a bheith deonaithe i mí na Bealtaine 2023, ceapadh foireann deartha chun dul chun cinn a dhéanamh ar na hoibreacha feabhsúcháin foirgnimh. Mar thoradh ar phróiseas comhairliúcháin na foirne, lenar áiríodh bualadh le grúpa oibre a bhí comhdhéanta de bhaill foirne ó áiteanna ar fud ÚNM, cuireadh na dearaí deiridh i láthair sna míonna tosaigh den bhliain 2024. Eisíodh larraidh ar Thairiscintí le haghaidh seirbhísí tógála tamaillín ina dhiaidh sin, agus ainmníodh Tolmac Construction mar an tairgeoir rathúil. Cuireadh tús leis an obair thógála sa tríú ráithe den bhliain 2024 agus, cé is moite de roinnt mionfhabhtanna, cuireadh i gcrích í ag deireadh na bliana 2025. Leis an tionscadal athchóirithe sin, bhíomar in ann comhlíonadh na rialachán um shábháilteacht ó dhóiteán a bhaint amach agus inrochtaineacht fheabhsaithe a bhaint amach sa limistéar fáiltithe, i saoráidí leithris agus i suiteáil saoráide nua Leithris is Áit Feistis. Beidh an Leithreas is Áit Feistis ar oscailt don phobal sa bhliain 2026.

Fuinneamh

Déanann Roinn Seirbhísí Corparáideacha ÚNM taifid do ÚNM a chlárú agus a chothabháil le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI).

Tá ag ÚNM achar urláir iomlán atá cothrom le 2,633 m², arb é atá ann Foirgneamh Viteoiriach dhá stór os cionn leibhéal an ghairdín (×2), nascfhoirgneamh a cuireadh i gcrích sa bhliain 2006 agus foirgneamh tadhlaigh trí stór móide áiléar a cuireadh i gcrích sna blianta tosaigh de na 1980í.

Is iad seo na príomhúsáideoirí fuinnimh:

- Fuinneamh Leictreach: Soilsíú, TFC agus Oifigí
- Fuinneamh Teirmeach (Gás Nádúrtha): Téamh Spáis (ciorcaid radaitheora uisce the isealteochta agus téamh faoin urlár) agus Uisce Te.

Chun críocha tuairisceán reachtúil a dhéanamh don bhliain 2025, b'inchurtha i leith ÚNM a bhí 100% den úsáid fuinnimh leictreachais sna foirgnimh. I dtaca le fuinneamh teirmeach, bhí 100% den ghás nádúrtha a úsáideadh inchurtha i leith ÚNM.

Sa bhliain 2025, d'úsáid an tÚdarás Náisiúnta Míchumais 265,300 kWh d'fhuinnimh, a bhí comhdhéanta díobh seo a leanas:

- 57,850 kWh de leictreachas;
- 207,450 kWh de bhreoslaí iontaise;
- 0 kWh de bhreoslaí in-athnuaite.

Is féidir le ÚNM na nithe seo a leanas a thuairisciú:

- úsáid a bhí 50% níos ísle ón mbonnlíne i leith.

Ceanglais SEAI

Sa Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide ó ÚNM, cuirtear in iúl conas atá sé mar aidhm ag an eagraíocht ceanglais an tSainordaithe Earnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide a chomhlíonadh. Déanann an Fhoireann Ceannaireachta Sinsearaí an doiciméad a athbhreithniú agus a nuashonrú gach bliain. Táimid tiomanta dá chinntiú go n-íoslaghdófar na hastaíochtaí carbóin a eascraíonn as ár gcuid gníomhaíochtaí agus, chuige sin, do chleachtais atá tíosach ar fhuinneamh agus neamhdhíobhálach don chomhshaol a chur chun feidhme. Tá ÚNM sásta leis an dul chun cinn atá déanta aige go dtí seo maidir le haidhmeanna an tSainordaithe i ndáil le laghdú in astaíochtaí CO₂, le feabhsuithe ar éifeachtúlacht fuinnimh agus le méadú i bhfuinneamh in-athnuaite. Comhlíonann ÚNM go hiomlán Ciorclán 1/2020 (Nósanna imeachta le haghaidh na hastaíochtaí a bhaineann le haerthaisteal oifigiúil a fhritháireamh) le haghaidh thuairisciú na bliana 2025.

Oifigeach Rochtana

Lean Oifigeach Rochtana ÚNM, a ceapadh ar aon dul leis an Acht um Míchumas 2005, de bheith ar fáil chun treoir a thabhairt maidir le haon chabhair a bhí ag teastáil ó dhaoine a bhfuil míchumas orthu a fuair rochtain ar shaoráidí, imeachtaí agus suíomh Gréasáin ÚNM sa bhliain 2025. Tá mionsonraí teagmhála an Oifigigh le fáil ar [shuíomh Gréasáin ÚNM](#).

Cód Iompair, Eitic in Oifigí Poiblí, Nochtaí Breise ag Comhaltaí an Údaráis agus Nochtaí Cosanta

I gcás na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2025, is féidir le ÚNM a dheimhniú go raibh Cód Iompair don Údarás agus do bhaill foirne i bhfeidhm agus gur cloíodh leis. Ina theannta sin, chomhlíon gach comhalta den Údarás agus baill foirne iomchuí na freagrachtaí reachtúla atá orthu faoin reachtaíocht um Eitic in Oifigí Poiblí.

Mar chomhlacht poiblí, ceanglaítear ar ÚNM faoi alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú maidir leis an líon nochtaí cosanta a rinneadh dó sa bhliain roimhe agus maidir leis an ngníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt d'aon nochtaí cosanta den sórt sin.

Ní dhearnadh aon nochtaí cosanta le ÚNM sa tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2025.

Cosaint Sonraí/Saoráil Faisnéise

Fuair ÚNM trí iarraidh Saorála Faisnéise sa bhliain 2024. Géilleadh d'iarraidh amháin agus géilleadh go páirteach do dhá iarraidh, agus roinnt faisnéise a bheith á cur in eagar. Déileáladh le gach ceann de na hiarrataí sin laistigh den tréimhse ama reachtúil.

Le linn na bliana 2025, lean ÚNM le clár oibre chun a chinntiú go mbíonn sé ag comhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí, 2018, agus ag maolú a rioscaí gaolmhara. Áiríodh leis sin príomhbheartais agus príomhnósanna imeachta a athrú chun dáta agus a fhorbairt de réir mar ba chuí agus oiliúint athnuachana i gCosaint Sonraí a sholáthar don fhoireann ar fad.

Faisnéis Ghinearálta





Please translate page

Aguisín 1: An tÚdarás agus coistí eile sa bhliain 2025

Name:	Role:	Appointment Date:
Kathryn O'Donoghue	Chairperson	August 2018*
Jack Kavanagh	Member	August 2018*
Cathal Morgan	Member	August 2018*
Rebecca Gageby	Member	November 2022
Deirdre Sheehan	Member	November 2022
Adrian Carroll	Member	November 2022
Thomas Maguire	Member	November 2022
Lorraine Lally	Member	November 2022
Jane Ann Duffy	Member	November 2022**
Vivian Rath	Member	November 2022
Niamh Fawl	Member	January 2021*
Roderick Bond	Member	December 2023
Niall Brunell	Member	July 2025***
Barbara O'Connell	Member	September 2025

* Authority members currently serving a second term

** Jane Ann Duffy, appointed to the Authority in November 2022, was reassigned within the Department of Children, Disability and Equality in June 2025. Mr Niall Brunell (***) was appointed by the Minister to replace her on the Authority.



Please translate page

Audit and Risk Committee

Name:	Role:	Appointment Date:
John Fitzgerald	Chairperson	March 2017**
Tony Fitzpatrick	Member	June 2017**
Tim Maverley	Member	August 2018*
John Maher	Member	August 2018***
Rebecca Gageby	Member	December 2022
Thomas Maguire	Member	December 2022
Adrian Carroll	Member	December 2022
Martin Higgins	Chairperson	July 2025
Fergal O'Briain	Member	July 2025
Helen Martin	Member	July 2025

*Audit & Risk Committee members currently serving a second term.

**Audit & Risk Committee members whose term expired in 2025.

***Audit & Risk Committee member John Maher resigned his position in April 2025.

Finance Committee

Name:	Role:	Appointment Date:
Rebecca Gageby	Chairperson	December 2022
Thomas Maguire	Member	December 2022
Deirdre Sheehan	Member	December 2022
Lorraine Lally	Member	December 2022
Gary Watters	Member	December 2022
Niall Scanlon	Member	February 2023

Director Performance Committee

Name:	Role:	Appointment Date:
Kathryn O'Donoghue	Chairperson	November 2022
Jack Kavanagh	Authority Member	August 2018*
Cathal Morgan	Authority Member	November 2022
Rodd Bond	Authority Member	December 2023

*Director Performance Committee member currently serving a second term.

Aguisín 2: Ionadaíocht ar chomhlachtaí seachtracha sa bhliain 2025

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht agus gníomhaireachtaí gaolmhara

- Grúpa Stiúrtha Forfheidhmithe Náisiúnta na Straitéise Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2022-27
- An Grúpa Oibre um Vótáil Inrochtana

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus gníomhaireachtaí gaolmhara

- Grúpa Comhairleach Geallsealbhóirí Seirbhísí Míchumais RLMC
- Grúpa Stiúrtha RLMC um an Straitéis Nuálaíochta Uathachais
- Straitéis Náisiúnta RLMC um Chearta an Duine do Dhaoine faoi Mhíchumas
- Grúpa Formhaoirseachta RLMC um Buiséid Phearsantaithe a Chur Chun Feidhme
- Grúpa Stiúrtha agus Foghrúpaí RLMC/na Príomh-Oifige Staidrimh um an Suirbhé Náisiúnta Míchumais
- Grúpa Faireacháin agus Soláthair na Straitéise Náisiúnta um Chearta an Duine do Dhaoine faoi Mhíchumas
- Grúpa Cur Chun Feidhme Trasearnála na Samhla Rochtana agus Cuimsithe
- Coiste Athbhreithnithe Rialachais Náisiúnta Sheirbhísí Míchumais FSS um Fheabhsú Cáilíochta
- Coiste Teicneolaíochta Digití agus Cúnta FSS
- An painéal measúnachta ar an tríú leagan de thionscnamh FSS um Fhíorchaidreamh Comhoibríoch le haghaidh Feabhsú Teicneolaíochta Cúnta (CREATE III)
- Grúpa Náisiúnta Cur Chun Feidhme FSS um Threonna Nua
- Grúpa Formhaoirseachta FSS um Chearta an Duine agus Eitic
- Grúpa Athbhreithnithe FSS um Chúnamh Pearsanta
- Grúpa comhairleach FSS um dhaoine faoi bhun 65 bliana d'aois i dtithe altranais
- Coiste Comhairleach Náisiúnta FSS
- Grúpa Stiúrtha FSS um Thoilíú le Taighde
- Grúpa Oibre FSS um Chomhroinnt Tí
- An grúpa comhairleach um Fhás Aníos in Éirinn
- Coiste an Bhoird Taighde Sláinte um an gCóras Tacaíochtaí Cumais Náisiúnta
- An Grúpa um Fhostóirí ar son an Athraithe
- Grúpa Oibre an Achta um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann
- An Grúpa Idir-Rannach um thrasuí/cur chun feidhme na hIonstraime Eorpaí um Inrochtaineacht

An Roinn Dlí agus Cirt agus gníomhaireachtaí gaolmhara

- An Roinn Dlí agus Cirt – an Grúpa Comhairleach um Cheartas i leith an Aosa Óig
- Grúpa Stiúrtha Uathachais Sheirbhís Phríosúin na hÉireann
- An Garda Síochána – an Coiste Comhairleach um Chearta Straitéiseacha an Duine

An Roinn Oideachais agus gníomhaireachtaí gaolmhara

- Fóram Comhairleach na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS)
- Fochoiste Taighde na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
- Grúpa Geallsealbhóirí an Phlean Forbartha Fórsa Saothair Cúntóirí Riachtanas Speisialta
- Grúpa Stiúrtha Choimisiún na Scrúduithe Stáit don Athbhreithniú ar Shocruithe Réasúnacha ag na Scrúduithe Teastais (RACE)

An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus gníomhaireachtaí gaolmhara

- Fóram Scileanna Réigiúnacha Bhaile Átha Cliath

An Roinn Coimirce Sóisialaí

- An Fóram Geallsealbhóirí Míchumais – Grúpa Comhairleach Teicniúil an Rannáin Chuimsithe Shóisialta um Shonraí agus Staitisticí

An Roinn Sláinte agus gníomhaireachtaí gaolmhara

- Coiste Athbhreithnithe Rialachais Náisiúnta Sheirbhísí Míchumais FSS um Fheabhsú Cáilíochta ar an Athbhreithniú ar Chuid B: Sábháilteacht Dóiteáin
- Sainghrúpa Comhairleach na Roinne Sláinte um Shaoirse a Chosaint
- An grúpa oibre chun treoir náisiúnta HIQA maidir le dea-chumarsáid i gcúram sláinte agus sóisialta a thabhairt cothrom le dáta: teanga shimplí a úsáid

Roinn an Taoisigh

- Grúpa na nOifigeach Sinsearach um an Straitéis Náisiúnta Míchumais
- Grúpa na nOifigeach Sinsearach um Iompar

An Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin

- An sainghrúpa comhairleach um buiséadú comhionannais

Caighdeáin (an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann agus an Coiste Eorpach um Chaighdeánú)

- Coiste Comhairleach an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann maidir le Caighdeáin Deartha Uilíoch (NSAI TC023) agus a fhochoiste agus a ghrúpaí oibre
- Coistí Teicniúla an Choiste Eorpaigh um Chaighdeánú (CEN): CEN TC452 (agus a ghrúpaí oibre (WGanna)), CEN TC320, CEN TC228 WG14, CEN TC 293 WG12, Grúpa Sealadach na hIarrata ar Chaighdeánú Caighdeán Eorpach um Inrochtaineacht de chuid CEN-CENELEC (SRAHG-ACC) le haghaidh M/587
- Caighdeán Faisnéise Neamhdhigití arna Chomhchuibhiú faoi ghrúpa oibre na hIonstraime Eorpaí um Inrochtaineacht
- Caighdeán na Seirbhíse Tacaíochta arna Chomhchuibhiú faoi ghrúpa oibre na hIonstraime Eorpaí um Inrochtaineacht

Eile

- Coiste Stiúrtha IDS-TILDA (An Forlíontán Míchumais Intleachta a ghabhann le Staidéar Fadaimseartha na hÉireann um Aosú): Aghaidh a Thabhairt ar Chastacht Aoischoibhneasa sa Mhíchumas Intleachta – tionscadal AARC-ID
- Líonra Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí
- An Líonra Earcaíochta Seirbhíse Poiblí
- Painéal comhairleach tomhaltóirí ComReg
- Comhairle Institiúid na nDearthóirí in Éirinn
- Grúpa Stiúrtha AHEAD de chuid an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, um Shuaitheantas Digiteach i nDearadh Uilíoch a fhorbairt chun Tacaíocht a Thabhairt do Mhic Léinn/d'Fhoghlaimoirí agus chun Idirchaidreamh a Dhéanamh leo
- An grúpa oibre um Dhearadh Uilíoch: Teaghaisí, ceanglais agus moltaí
- An grúpa comhairleach um inrochtaineacht na Scéime Aisioca Éarlaise

Aguisín 3: Foilseacháin sa bhliain 2025

- [Tuarascáil ÚNM ar an mBearna Phá idir na hInscní 2025](#)
- [Iniúchadh ar Scála agus Tionchar an Mhíchumais Fhisiciúil ar Dhaoine atá gan Dídean in Éirinn](#)
- [Míchumas, Éagsúlacht agus Féiniúlacht i dToghcháin Áitiúla agus Eorpacha na hÉireann, 2024](#)
- [Leitheadúlacht an Uathachais in Éirinn a Mheas: Dúshláin agus Deiseanna](#)
- [Sintéis de na sonraí atá ann cheana maidir le dearcthaí reatha i leith daoine uathacha in Éirinn](#)
- [Treoir do Ghairmithe Ceartais maidir le Cumarsáid Éifeachtach a dhéanamh le Daoine Uathacha](#)
- [Athbhreithniú ar na hAcmhainní atá ar Fáil chun Tacú le Fostóirí Áiteanna Oibre atá Oiriúnach don Uathachas a Chruthú](#)
- [An Tuarascáil Comhairliúcháin ar an Straitéis Náisiúnta um Chearta an Duine do Dhaoine faoi Míchumas 2025-2030](#)
- [Athbhreithniú litríochta ina scrúdaítear an fhianaise maidir le haistriú cúraimí chuig teiripeoirí cúnta i seirbhísí cúram sláinte](#)
- [Athbhreithniú litríochta ar inniúlachtaí neamhchliniciúla agus ar an meascán scileanna a theastaíonn ó fhoirne idirdhisciplíneacha a thacaíonn le leanaí a bhfuil míchumas orthu](#)
- [Athbhreithniú litríochta ar an bhfianaise ar chleachtas atá dírithe ar an teaghlach laistigh de sheirbhísí míchumais do leanaí](#)
- [Athbhreithniú Litríochta ar ualaí cuí cásanna agus oibre a chinneadh d'Fhoirne Líonra Míchumais Leanaí](#)
- [Athbhreithniú Litríochta ar bheartú tosaíochta na n-atreoruithe i bhfoirne idirdhisciplíneacha](#)
- [Athbhreithniú litríochta ar ríomh mhinicíocht agus dhéine bharmhaith na hidirghabhála teiripí laistigh de sheirbhísí míchumais do leanaí](#)
- [Athbhreithniú Deiridh ar an Dul Chun Cinn faoin Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Míchumas \(2015-2024\)](#)
- [Airteagal 12 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Míchumas a chomhlíonadh: Aistear na hÉireann ó choimircíocht chuig cinnteoireacht faoi thacaíocht](#)
- [Tuarascáil ar Chomhlíonadh Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005 do 2024](#)
- [Tuarascáil Faireacháin ar an Treoir ón Aontas Eorpach maidir le hInrochtaineacht Gréasáin, 2025](#)
- Sound and safety in the age of electric vehicles: Pedestrian insights from the EVA project. International Journal on Advances in Intelligent Systems, Nollaig 2025, 18(3 & 4), 238–259. ISSN 1942-2679. [Rochtain Oscailte](#).
- Making electric vehicles audible: Perception and inclusivity in acoustic vehicle alerting system design. In Technology for Inclusion and Participation for All: Recent Achievements and Future Directions (Proceedings of the 18th International Conference of the Association for the Advancement of Assistive Technology in Europe, AAATE 2025). Springer. An Niocóis, an Chipir, 9–11 Meán Fómhair 2025.
- Assessing the effectiveness of acoustic vehicle alerting systems (AVAS) for pedestrians with visual disabilities. In Proceedings of the Tenth International Conference on Universal Accessibility in the Internet of Things and Smart Environments (SMART ACCESSIBILITY 2025). Nice, an Fhrainc, 18–22 Bealtaine 2025.

Aguisín 4: Páipéir comhairle beartais agus aighneachtaí sa bhliain 2025

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus gníomhaireachtaí gaolmhara

- [Aighneacht ó ÚNM chuig an nGrúpa Beartais um Beartas Tithíochta do Dhaoine Scothaosta de chuid na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta](#)
- [Aighneacht ó ÚNM chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maidir leis an bPlean Tithíochta Náisiúnta nua 2025-2030](#)
- [Aighneacht ó ÚNM chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt a Ráitis Straitéise nua 2025-2027](#)
- [Aighneacht ó ÚNM chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maidir leis an Straitéis Dhigiteach: Pobail Inbhuanaithe agus Soláthar Tithe](#)
- [Aighneacht ó ÚNM chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maidir leis na hathruithe beartaithe ar na haicmí láithreacha forbartha díolmhaithe nó maidir le tabhairt isteach aicmí nua](#)
- [Aighneacht ó ÚNM chuig an gCoimisiún Toghcháin chun bonn eolais a chur faoina chomhairliúchán maidir le Póstaeir Thoghcháin a Chur Suas](#)
- [Aighneacht ó ÚNM chuig an gCoimisiún Toghcháin chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt a Straitéise nua Oideachais agus Caidrimh Phoiblí](#)

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus gníomhaireachtaí gaolmhara

- [Aighneacht ó ÚNM chuig an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt a Ráitis Straitéise nua 2025–2027](#)
- [Aighneacht ó ÚNM chuig an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais maidir leis an gCreat Beartais Náisiúnta um Chúram Malartach](#)

An Roinn Dlí agus Cirt agus gníomhaireachtaí gaolmhara

- [Aighneacht ó ÚNM chuig an Roinn Dlí agus Cirt chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt a Ráitis Straitéise nua 2025–2028](#)
- [Aighneacht ó ÚNM chuig an nGarda Síochána maidir lena Straitéis um Chearta an Duine 2025–2027](#)
- [Aighneacht ó ÚNM chuig comhairliúchán bliantúil an Údaráis Rialála Seirbhísí Dlí maidir le beartais na ngairmeacha dlí maidir le glacadh](#)
- [Aighneacht ó ÚNM chuig an Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail chun bonn eolais a chur faoina comhairliúchán ar an Straitéis Náisiúnta nua le haghaidh Sábháilteacht Pobail a Fheabhsú](#)
- [Aighneacht ó ÚNM chuig an Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail maidir lena Dhréacht-Straitéis 2026-2028](#)

An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus gníomhaireachtaí gaolmhara

- [Aighneacht ó ÚNM chuig an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt a Ráitis Straitéise nua 2025–2027](#)
- [Aighneacht ó ÚNM chuig an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta maidir leis an Straitéis Oideachais Tríú Leibhéal](#)
- [Aighneacht ó ÚNM chuig SOLAS maidir lena Straitéis 2025-2029](#)
- [Aighneacht ó ÚNM chuig Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann maidir leis na Dréacht-Treoirínte Reachtúla Dearbhú Cáilíochta maidir le Cláir lena mbaineann Foghlaim atá Comhtháite san Obair](#)

An Roinn Coimirce Sóisialaí

- [Aighneacht ó ÚNM chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt a Ráitis Straitéise nua 2025–2027](#)
- [Aighneacht ó ÚNM chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí maidir leis an gclár comharba ar 'Bealaí chun na hOibre 2021-2025'](#)

An Roinn Sláinte agus gníomhaireachtaí gaolmhara

- [Aighneacht ó ÚNM chuig an Roinn Sláinte chun bonn eolais a chur faoina comhairliúchán ar reachtaíocht um Choimircí Saoirse a Chosaint a fhorbairt](#)
- [Aighneacht ó ÚNM chuig an Roinn Sláinte maidir lena comhairliúchán ar an mBeartas maidir le Féinmharú a Laghdú](#)
- [Aighneacht ó ÚNM chuig an gCoimisiún Meabhair-Shláinte maidir le Caighdeán Náisiúnta a Fhorbairt do Sheirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh](#)
- [Aighneacht ó ÚNM chuig Meastóireacht Neamhspleách na hÉireann ar Phaindéim COVID-19 maidir le tionchair bhainistiú na paindéime in Éirinn](#)

An Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt agus gníomhaireachtaí gaolmhara

- [Aighneacht ó ÚNM chuig Coimisiún na Meán maidir le 'Meáin Seirbhíse Poiblí in Éirinn - Glao le haghaidh Ionchur'](#)
- [Aighneacht ó ÚNM chuig an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt a Ráitis Straitéise nua 2025–2028](#)
- [Aighneacht ó ÚNM chuig Coimisiún na Meán maidir leis an Scéim um Chlaochlú Digiteach](#)

Eile

- Aighneacht ó ÚNM chuig an Roinn Airgeadais chun bonn eolais a chur faoina comhairliúchán ar Phlean Gníomhaíochta nua um Athchóiriú Árachais (2025-2029) a fhorbairt
- Aighneacht ó ÚNM chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt a Ráitis Straitéise nua 2025–2028
- Aighneacht ó ÚNM chuig an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt a Ráitis Straitéise nua 2025–2027
- Aighneacht ó ÚNM chuig Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt a Ráitis Straitéise nua 2025–2028
- Aighneacht ó ÚNM chuig an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála chun bonn eolais a chur faoina comhairliúchán ar Fhorbairt na dTosaíochtaí agus an Chláir Beartais d'Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh, 2026
- Aighneacht ó ÚNM chuig an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta maidir lena Comhairliúchán le Geallsealbhóirí ar Straitéis nua chun tacú leis an Earnáil Pobail agus Dheonach in Éirinn
- Aighneacht ó ÚNM chuig an Roinn Iompair chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt a Ráitis Straitéise nua 2025–2027



Údarás Náisiúnta Míchumais
National Disability Authority

Údarás Náisiúnta Míchumais
25 Bóthar Chluaidh
Baile Átha Cliath 4
D04 E409
Teileafón: (01) 6080 400
Ríomhphost: info@nda.ie
Idirlíon: www.nda.ie/ga

National Disability Authority
25 Clyde Road
Dublin 4
D04 E409
Telephone: (01) 6080 400
Email: info@nda.ie
Web: www.nda.ie

Is é an tÚdarás Náisiúnta Míchumais (ÚNM) an comhlacht reachtúil neamhspleách a bhfuil sé de dhualgas air comhairle fhianaisebhunaithe agus treoir fhianaisebhunaithe a sholáthar don rialtas maidir leis an mbeartas míchumais agus le cleachtais mhíchumais agus Dearadh Uilíoch a chur chun cinn.

